



Uimhir 9 de 2017

Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 9 de 2017

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (CUNTASAÍOCHT), 2017
[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Mínithe
3. Aisghairm agus cúlghairm

CUID 2

LEASÚ AR AN bPRÍOMH-ACHT

4. Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 68 den Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 72 den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 85 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 167 den Phríomh-Acht
10. Leasú ar alt 272 den Phríomh-Acht
11. Leasú ar alt 274 den Phríomh-Acht
12. Leasú ar alt 275 den Phríomh-Acht
13. Tagairtí do dhíolúine a fhorléiriú
14. Féadfaidh cuideachtaí áirithe forálacha den Acht a chur i bhfeidhm maidir le blianta airgeadais áirithe roimhe sin
15. Cuideachta do cháiliú ar bhonn mhéid na cuideachta
16. Leasú ar alt 290 den Phríomh-Acht
17. Leasú ar alt 291 den Phríomh-Acht

18. Leasú ar alt 292 den Phríomh-Acht
19. Leasú ar alt 293 den Phríomh-Acht
20. Leasú ar alt 294 den Phríomh-Acht
21. Leasú ar alt 295 den Phríomh-Acht
22. Leasú ar alt 299 den Phríomh-Acht
23. Leasú ar alt 300 den Phríomh-Acht
24. Leasú ar alt 303 den Phríomh-Acht
25. Leasú ar alt 304 den Phríomh-Acht
26. Leasú ar alt 305 den Phríomh-Acht
27. Íocaíochtaí le tríú páirtithe as seirbhísí stiúrthóirí
28. Forálacha forlíontacha i ndáil le hait 305 agus 305A
29. Leasú ar alt 307 den Phríomh-Acht
30. Leasú ar alt 309 den Phríomh-Acht
31. Leasú ar alt 314 den Phríomh-Acht
32. Leasú ar alt 315 den Phríomh-Acht
33. Leasú ar alt 317 den Phríomh-Acht
34. Leasú ar alt 318 den Phríomh-Acht
35. Leasú ar alt 319 den Phríomh-Acht
36. Leasú ar alt 320 den Phríomh-Acht
37. Leasú ar alt 321 den Phríomh-Acht
38. Leasú ar alt 322 den Phríomh-Acht
39. Leasú ar alt 323 den Phríomh-Acht
40. Leasú ar alt 324 den Phríomh-Acht
41. Leasú ar alt 325 den Phríomh-Acht
42. Leasú ar alt 326 den Phríomh-Acht
43. Leasú ar alt 327 den Phríomh-Acht
44. Leasú ar alt 328 den Phríomh-Acht
45. Leasú ar alt 336 den Phríomh-Acht
46. Leasú ar alt 338 den Phríomh-Acht
47. Leasú ar alt 339 den Phríomh-Acht
48. Leasú ar alt 340 den Phríomh-Acht
49. Leasú ar alt 341 den Phríomh-Acht
50. Leasú ar alt 347 den Phríomh-Acht

51. Díolúine ó fhaisnéis áirithe a chomhdú le haghaidh cuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí
52. Leasú ar alt 353 den Phríomh-Acht
53. Leasú ar alt 355 den Phríomh-Acht
54. Leasú ar alt 356 den Phríomh-Acht
55. Leasú ar alt 357 den Phríomh-Acht
56. Leasú ar alt 358 den Phríomh-Acht
57. Leasú ar alt 359 den Phríomh-Acht
58. Leasú ar alt 360 den Phríomh-Acht
59. Leasú ar alt 362 den Phríomh-Acht
60. Leasú ar alt 363 den Phríomh-Acht
61. Leasú ar alt 364 den Phríomh-Acht
62. Leasú ar alt 367 den Phríomh-Acht
63. Leasú ar alt 377 den Phríomh-Acht
64. Leasú ar alt 379 den Phríomh-Acht
65. Leasú ar alt 393 den Phríomh-Acht
66. Leasú ar alt 412 den Phríomh-Acht
67. Leasú ar alt 634 den Phríomh-Acht
68. Leasú ar alt 865 den Phríomh-Acht
69. Leasú ar alt 914 den Phríomh-Acht
70. Leasú ar alt 916 den Phríomh-Acht
71. Leasú ar alt 919 den Phríomh-Acht
72. Leasú ar alt 934 den Phríomh-Acht
73. Leasú ar alt 943 den Phríomh-Acht
74. Leasú ar alt 1002 den Phríomh-Acht
75. Modhnú ar an míniú ar “eintitis neamh-incháilithe” i gcás CPTanna
76. Leasú ar alt 1230 den Phríomh-Acht
77. Modhnú ar an míniú ar “eintitis neamh-inchláráithe” i gcás CPNanna agus CPNTanna
78. Gan aon cheanglas ráitis airgeadais, etc., a sheachadadh i dteannta an tuairisceáin bhliantúil i gcás CNTanna áirithe
79. Gan feidhm a bheith ag Cuid 26 maidir le CNTanna áirithe
80. Leasú ar alt 1300 den Phríomh-Acht
81. Leasú ar alt 1305 den Phríomh-Acht

82. Leasú ar alt 1373 den Phríomh-Acht
83. Feidhm alt 393 maidir le cuideachta lena mbaineann Cuid 23
84. Leasú ar alt 1376 den Phríomh-Acht
85. Modhnú ar an míniú ar “eintitis neamh-incháilithe” i gcás cuideachtaí infheistíochta
86. Cuideachta infheistíochta do chomhdú ráitis airgeadais
87. Íocaíochtaí le rialtais
88. Leasuithe ar an bPríomh-Acht de dhroim aisghairm ailt 350 agus 351
89. Leasuithe ar an bPríomh-Acht— Sceidil
90. Leasuithe ilghnéitheacha ar an bPríomh-Acht de dhroim Sceidil a chur isteach

CUID 3

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA EILE AR AN BPRÍOMH-ACHT

91. Leasú ar alt 117 den Phríomh-Acht
92. Leasú ar alt 621 den Phríomh-Acht
93. Leasú ar alt 633 den Phríomh-Acht
94. Leasú ar alt 842 den Phríomh-Acht
95. Leasú ar alt 844 den Phríomh-Acht
96. Imscrúdú ag coistí araíonachta ar chomhlachtaí cuntasaíochta forordaithe
97. Dliteanas comhlachta fhorordaithe maidir le gníomhartha, neamhghníomhartha, etc.
98. Leasuithe ilghnéitheacha breise ar an bPríomh-Acht

CUID 4

ILGHNÉITHEACH

99. Leasú ar na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007
100. Leasú ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe), 2011
101. Leasú ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha), 2013

SCEIDEAL 1

SCEIDEAL 2

SCEIDEAL 3

SCEIDEAL 4

SCEIDEAL 5

SCEIDEAL 6

[2017.]

Acht na gCuideachtaí (Cuntasáíocht), 2017.

[*Uimh. 9.*]

NA HAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht Iomaíochta, 2002 (Uimh. 14)

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 (Uimh. 24)

An tAcht Fost-Cheannaigh, 1946 (Uimh. 16)

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

Limited Partnerships Act, 1907 (7 Edw. 7) c. 24

Partnership Act, 1890 (53 & 54 Vict.) c. 39

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)



Uimhir 9 de 2017

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (CUNTASAÍOCHT), 2017

[An tiontú oifigiúil]

Acht do thabhairt tuilleadh éifeachta do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013¹ maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus, chun na críche sin, do leasú Acht na gCuideachtaí, 2014; do dhéanamh socrú maidir le leasuithe áirithe eile ar an Acht sin; do dhéanamh socrú maidir le hachtacháin áirithe eile a leasú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [17 Bealtaine 2017]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017 a ghairm den Acht seo.
(2) Faoi réir *fho-alt (2) d'alt 78*, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, nó faoi threoir aon bhliain airgeadais nó cuid de bhliain airgeadais, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Mínithe

2. San Acht seo—
ciallaíonn “Aire” an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta;
ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht na gCuideachtaí, 2014.

¹ IO Uimh. L 182, 29.06.2013, lch 19.

Aisghairm agus cúlghairm

3. (1) Aisghairtear gach ceann de na forálacha seo a leanas den Phríomh-Acht:

- (a) alt 297;
- (b) alt 298;
- (c) alt 350;
- (d) alt 351;
- (e) alt 354;
- (f) alt 917;
- (g) alt 994;
- (h) alt 1214;
- (i) fo-ailt (2) agus (3) d'alt 1218;
- (j) fo-alt (5) d'alt 1237;
- (k) alt 1268;
- (l) fo-alt (1) d'alt 1272.

(2) Aisghairtear gach ceann de na hionstraimí reachtúla seo a leanas:

- (a) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais), 2012 (I.R. Uimh. 510 de 2012);
- (b) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cuideachtaí Intrádála – Ráitis Rialachais Chorpharaidigh), 2015 (I.R. Uimh. 423 de 2015).

CUID 2**LEASÚ AR AN bPRÍOMH-ACHT****Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht**

4. Leasaítear alt 7 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (5)(b)—

(a) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) ag aon duine mar ainmnitheach le haghaidh na cuideachta uachtaraí nó ag aon duine ag gníomhú dó nó di ina ainm féin nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta uachtaraí (ach amháin más rud é, i gceachtar cás, nach bhfuil cúram ar an gcuideachta uachtarach ach amháin i gcáil mhuinéach), nó”,

agus

- (b) trí, i bhfomhír (ii), “nó ag aon duine ag gníomhú dó nó di ina ainm féin nó ina hainm féin ach thar ceann fochuideachta don chuideachta uachtarach,” a chur isteach i ndiaidh “don chuideachta uachtarach,”.

Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht

5. Leasaítear alt 9 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) Codanna 16 go 26 (nó ionstraimí arna ndéanamh fúthu) agus Sceidil 7 go 18; agus”,

agus

- (b) i bhfo-alt (4), trí “i gCodanna 16 go 26” a chur in ionad “i gCodanna 16 go 25”.

Leasú ar alt 68 den Phríomh-Acht

6. Leasaítear alt 68 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (8A), maidir le cuideachta” a chur in ionad “Maidir le cuideachta”, agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(8A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le hurrúis (nó leasanna iontu) a ligeadh isteach chun a dtrádála, nó a bhí liostaithe, ar aon mhargadh roimh an 1 Meitheamh 2015, cibé acu is margadh rialáilte é nó nach ea, sa Stát nó in áit eile.”.

Leasú ar alt 72 den Phríomh-Acht

7. Leasaítear alt 72 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

- “(7) I ndáil le cuideachta agus lena scaireanna agus lena caipiteal, tá feidhm ag na mínithe seo a leanas chun críocha an ailt seo:

ciallaíonn ‘comhshocraíocht’ aon chomhaontú, scéim nó comhshocraíocht (lena n-áirítear comhshocraíocht arna ceadú faoi alt 453 nó 601);

folaíonn ‘cuideachta’, seachas i ndáil leis an gcuideachta eisiúna, aon chomhlacht corpraithe;

ciallaíonn ‘scairchaipiteal cothromais’ scairchaipiteal eisithe na cuideachta ach gan aon chuid de sin a áireamh nach ngabhann léi, maidir le díbhinn ná maidir le caipiteal, aon cheart chun bheith páirteach thar mhéid sonraithe i ndáileadh;

ciallaíonn ‘scaireanna cothromais’ scaireanna a chuimsítear i scairchaipiteal cothromais na cuideachta;

ciallaíonn ‘scaireanna neamhchothromais’ scaireanna (d’aon aicme) nach gucuimsítear i scairchaipiteal cothromais na cuideachta.”.

Leasú ar alt 85 den Phríomh-Acht

8. Leasaítear alt 85 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Má bheartaíonn cuideachta ordú lena ndaingneofar an rún a iarraidh ar an gcúirt, cuirfidh sí faoi deara go ndéanfar fógra á rá go bhfuil sé ar intinn aici iarratas den sórt sin a dhéanamh—

- (a) a fhógairt uair amháin ar a laghad i nuachtán laethúil amháin a scaiptear sa cheantar ina bhfuil oifig chláraithe nó príomháiit ghnó na cuideachta, agus
- (b) a chur in iúl le modhanna leictreonacha do na creidiúnaithe go léir de chuid na cuideachta a bhfuil cónaí orthu, nó a bhfuil a bpríomháiit ghnó acu, lasmuigh den Stát,

agus sonrófar san fhógairt agus sa chur in iúl sin modh lena gcuirfidh an cuideachta an dáta a bheidh an éisteacht ann (nó aon athrú ar dháta na héisteachta) in iúl d’aon fhiafraitheoir agus cuirfidh an cuideachta an dáta céadluaite in iúl, dá réir sin, d’aon fhiafraitheoir leis an modh sin ar an bhfiafraitheoir do dhéanamh iarraidh ina leith sin (agus déanfaidh sí socrúithe sásúla leis an bhfiafraitheoir chun athrú ar an dáta sin a chur in iúl don fhiafraitheoir leis an modh sin nó le cibé modh eile a chomhaontófar eatarthu).”.

Leasú ar alt 167 den Phríomh-Acht

9. Leasaítear alt 167 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí “alt 275” a chur in ionad “alt 350” sna mínithe ar “méid láimhdeachais” agus “iomlán an chláir comhardaithe”, agus
- (ii) trí “alt 943(1)(i)” a chur in ionad “alt 945(1)(k)” gach áit a bhfuil sé,

agus

- (b) tríd an leagan cuí gramadaí de “cuideachta iomchuí” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “cuideachta mhór” gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 272 den Phríomh-Acht

10. Leasaítear alt 272 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2)(a), trí “Sceideal 3, 3A, 3B, 4 nó 4A, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “Sceideal 3 nó 4”.

Leasú ar alt 274 den Phríomh-Acht

11. Leasaítear alt 274 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar “cuntas sochair agus dochair” tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) d’fhonn amhras a sheachaint—

- (i) i gcás inar de réir CITAnna a ullmhófar na ráitis airgeadais, ciallaíonn an abairt ráiteas sochair nó dochair agus ioncaim chuimsithigh eile nó téarma coibhéiseach dá dtagraítear sna caighdeáin sin, agus
- (ii) i gcás cuideachta nach bhfuil ag trádáil chun go bhfaighidh a comhaltaí gnóchan, ciallaíonn an abairt cuntas ioncaim agus caiteachais, agus maidir le tagairtí—
 - (I) do chuntas sochair agus dochair, agus
 - (II) i gcás ráitis airgeadais grúpa, do chuntas comhdhlúite sochair agus dochair,
 léifear iad dá réir sin, agus”.

Leasú ar alt 275 den Phríomh-Acht

12. Leasaítear alt 275 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí “agus i gCuid 26” a chur isteach i ndiaidh “Sa Chuid seo”,
- (ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Treoir Chuntasaíochta’ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013² maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Teoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle;

ciallaíonn ‘méid láimhdeachais’ i ndáil le cuideachta, méid an láimhdeachais a thaispeántar i gcuntas sochair agus dochair na cuideachta;

ciallaíonn ‘iomlán an chláir comhardaithe’, i ndáil le cuideachta, comhiomlán na méideanna a thaispeántar mar shócmhainní i gclár comhardaithe na cuideachta;

ciallaíonn ‘eintitis neamh-incháilithe’ gnóthais—

- (a) ag a bhfuil urrúis inaistrithe a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid aon Bhallstát,
- (b) is forais chreidmheasa,
- (c) is gnóthais árachais, nó
- (d) is—
 - (i) gnóthais—
 - (I) a thagann faoi réim aon cheann d’fhorálacha Sceideal 5, nó

² IO Uimh. L 182, 29.06.2013, lch 19.

(II) a ainmnítear thairis sin, le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, chun bheith ina n-eintitis dá dtagraítear i bpointe (1)(d) d’Airteagal 2 den Treoir Chuntasaíochta,

nó

(ii) gnóthais a ainmnítear, le dlí nó faoi dhlí aon Bhallstáit eile, chun bheith ina n-eintitis dá dtagraítear i bpointe (1)(d) d’Airteagal 2 den Treoir Chuntasaíochta agus léifear ‘cuideachta neamh-incháilithe’ dá réir sin;

léifear ‘cuideachta mhór’ de réir alt 280H;

léifear ‘cuideachta meánmhéide’ de réir alt 280F nó 280G, de réir mar is cuí; agus léifear ‘grúpa meánmhéide’ dá réir sin;

forléireofar ‘micreachuideachta’ de réir alt 280D;

tá le ‘córas na micreachuideachtaí’ an bhrí a shanntar dó le halt 280E;

léifear ‘cuideachta bheag’ de réir alt 280A nó 280B, de réir mar is cuí; agus léifear ‘grúpa beag’ dá réir sin;

tá le ‘córas na gcuideachtaí beaga’ an bhrí a shanntar dó le halt 280C;”,

agus

(iii) sa mhíniú ar “foras creidmheasa”—

(I) i mír (b), trí “(de réir na brí atá leis san Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995)” a chur in ionad “(de réir na brí atá le “comhaontú fost-cheannaigh” san Acht Fost-Cheannaigh, 1946)”, agus

(II) i mír (c), trí “nó do chistí inaisíochta eile a ghlacadh ón bpobal agus” a chur in ionad “nó do chistí inaisíochta eile a ghlacadh nó”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Beidh le focal nó abairt a úsáidtear sa Chuid seo, i gCuid 26 nó i Sceidil 3, 3A, 3B, 4 nó 4A agus a úsáidtear freisin sa Treoir Chuntasaíochta an bhrí chéanna sa Chuid seo, i gCuid 26 nó sna Sceidil sin, de réir mar a bheidh, atá leis nó léi sa Treoir Chuntasaíochta .”,

agus

(c) trí fho-alt (6) a scríosadh.

Tagairtí do dhíolúine a fhorléiriú

13. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 277:

“277. (1) Is fo-alt é fo-alt (2) i dteannta na forála a dhéantar leis an gCuid seo agus lena gcumasaítear do chuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí roghanna áirithe a dhéanamh.

- (2) Ní choiscfidh aon fhoráil den Chuid seo maidir le díolúine ó cheanglas den Chuid seo an chuideachta lena mbaineann, má roghnaíonn sí amhlaidh, ar an rud dá bhforáiltear leis an bhforáil go bhfuil sí díolmhaithe óna dhéanamh (an ‘rud sonraithe’) a dhéanamh.
- (3) Má roghnaíonn an chuideachta lena mbaineann an rud sonraithe a dhéanamh—
- (a) na forálacha a gceanglaítear leis an gCuid seo iad a chomhlíonadh, i ndáil le rud den sórt sin a dhéanamh, agus
- (b) na forálacha a sonraítear leis an gCuid seo go mbeidh feidhm acu, i gcás go ndéanfar rud den sórt sin,
- de réir mar a bheidh, comhlíonfar iad nó beidh feidhm acu dá réir sin, ach ní dhéanfaidh sé sin dochar d’aon fhoráil den Chuid seo a bhaineann le cuideachta dá dtagraítear i bhfo-alt (1) do dhéanamh rogha dá dtagraítear san fho-alt sin (nó a bhaineann leis an éifeacht a bheidh leis an rogha sin a bheith déanta amhlaidh ag an gcuideachta).
- (4) Tá feidhm ag fo-alt (2) cibé acu a úsáidtear an abairt “díolmhaithe” nó “ní gá” nó aon fhoirm eile focal san fhoráil lena mbaineann.”.

Féadfaidh cuideachtaí áirithe forálacha den Acht a chur i bhfeidhm maidir le blianta airgeadais áirithe roimhe sin

14. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas chur isteach i ndiaidh alt 277:

“277A.(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh stiúrthóirí cuideachta, roimh dháta feidhme na bhforálacha *d’Acht 2017* a shonraítear i bhfo-alt (4) (na ‘forálacha sonraithe *d’Acht 2017*’), a roghnú ráitis airgeadais reachtúla a ullmhú agus a cheadú i gcomhair na cuideachta de réir na bhforálacha sonraithe sin d’aon bhliain airgeadais dar tosach an 1 Eanáir 2015 nó dá éis.

- (2) Na cearta agus na hoibleagáidí go léir a éiríonn faoin Acht seo de dhroim nó i leith ráitis airgeadais a bheith ceadaithe ag stiúrthóirí de chuid cuideachta éireoidh siad mar an gcéanna i ndáil le ráitis airgeadais a bheidh ceadaithe ag stiúrthóirí i gcás a thagann faoi fho-alt (1).
- (3) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an gcáilíonn cuideachta nó grúpa—
- (a) mar chuideachta meánmhéide faoi alt 280F nó 280G, de réir mar a bheidh,
- (b) mar chuideachta bheag faoi alt 280A nó 280B, de réir mar a bheidh, nó
- (c) mar mhicreachuideachta faoi alt 280D,
- i ndáil le bliain airgeadais a bhfuil éifeacht ag na forálacha sonraithe *d’Acht 2017* maidir léi, déileálfar leis an gcuideachta nó leis an ngrúpa, de réir mar is cuí, mar chuideachta nó grúpa a cháiligh mar chuideachta meánmhéide, cuideachta bheag nó micreachuideachta, de réir mar a

bheidh, in aon bhliain roimhe sin ina gcáileodh sí nó sé amhlaidh dá mbeadh éifeacht i ndáil leis an mbliain sin roimhe sin ag na coinníollacha cáiliúcháin is infheidhme maidir leis an gcuideachta nó leis an ngrúpa sin, de réir mar a bheidh.

(4) Is foráil shonraithe d'Acht 2017 gach ceann díobh seo a leanas:

- (a) *alt 3*;
- (b) *alt 4*;
- (c) *ailt 10 go 12*;
- (d) *ailt 15 go 25*;
- (e) *míreanna (a), (b) agus (d) d'alt 26*;
- (f) *ailt 29 go 57*;
- (g) *alt 59*;
- (h) *ailt 62 go 64*;
- (i) *ailt 81 agus 82*;
- (j) *alt 84*;
- (k) *alt 88*;
- (l) *alt 89*.

(5) San alt seo—

ciallaíonn 'Acht 2017' *Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017*;

ciallaíonn 'dáta feidhme' an dáta a thiocfaidh an fhoráil shonraithe i bhfeidhm de bhun ordú faoi *alt 1(2) d'Acht 2017*;

tá le 'coinníollacha cáiliúcháin' an bhrí chéanna atá leis—

- (a) i ndáil le cuideachta meánmhéide, in alt 280F(7) nó 280G(10), de réir mar a bheidh,
- (b) i ndáil le cuideachta bheag, in alt 280A(7) nó 280B(10), de réir mar a bheidh, agus
- (c) i ndáil le micreachuideachta, in alt 280D(7)."

Cuideachta do cháiliú ar bhonn mhéid na cuideachta

15. Leasaítear an Príomh-Acht, i gCuid 6, tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 1:

“CAIBIDIL 1A

*Cuideachta do cháiliú ar bhonn mhéid na cuideachta***Cuideachta do cháiliú mar chuideachta bheag: ginearálta**

- 280A.** (1) Aon chuideachta nach n-eisiatar le fo-alt (4) cáilíonn sí mar chuideachta bheag i ndáil lena céad bhliain airgeadais má chomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana sin.
- (2) Aon chuideachta nach n-eisiatar le fo-alt (4) cáilíonn sí mar chuideachta bheag i ndáil le bliain airgeadais dá éis sin (dá ngairtear ‘bliain iomchuí’ san fho-alt seo) más rud é—
- (a) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus na bliana airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí,
- (b) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus gur cháiligh an chuideachta mar chuideachta bheag i ndáil leis an mbliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí, nó
- (c) gur comhlíonadh na coinníollacha cáiliúcháin sa bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí agus gur cháiligh an chuideachta mar chuideachta bheag i ndáil leis an mbliain airgeadais sin roimhe sin.
- (3) Comhlíonann cuideachta na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh cuideachta bheag más rud é, i ndáil le bliain airgeadais, go gcomhlíonann sí 2 cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:
- (a) nach mó ná €12 mhiliún méid láimhdeachas na cuideachta;
- (b) nach mó ná €6 mhiliún iomlán an chláir comhardaithe atá ag an gcuideachta;
- (c) nach mó ná 50 an meánlíon fostaithe.
- (4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cuideachta más rud é—
- (a) gur cuideachta sealbhaíochta í, nó
- (b) gur cuideachta neamh-incháilithe í.
- (5) Le linn an t-alt seo a chur i bhfeidhm maidir le haon tréimhse is bliain airgeadais, ach nach bliain í iarbhír, déanfar an méid a shonraítear i bhfo-alt (3)(a) a choigeartú go comhréireach.
- (6) Chun críocha fho-alt (3)(c), cinnfear an meánlíon fostaithe a bheidh ag cuideachta trí na modhanna a chur i bhfeidhm a shonraítear in alt 317 d’fhonn cinneadh a dhéanamh ar an líon a cheanglaítear le fo-alt (1)(a) den alt sin a lua i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais cuideachta.
- (7) San alt seo, ciallaíonn ‘coinníollacha cáiliúcháin’ na ceanglais a shonraítear i bhfo-alt (3).

Cuideachta do cháiliú mar chuideachta bheag: cuideachta sealbhaíochta

- 280B.** (1) Ní cháilíonn cuideachta sealbhaíochta mar chuideachta bheag i ndáil le bliain airgeadais ach amháin má cháilíonn an grúpa, arb é an chuideachta sealbhaíochta ina leith é, mar ghrúpa beag i ndáil leis an mbliain airgeadais chéanna sin.
- (2) Aon ghrúpa nach n-eisiatar le fo-alt (5) cáilíonn sé mar ghrúpa beag i ndáil leis an gcéad bhliain airgeadais de chuid na cuideachta sealbhaíochta má chomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana sin.
- (3) Aon ghrúpa nach n-eisiatar le fo-alt (5) cáilíonn sé mar ghrúpa beag i ndáil le bliain airgeadais dá éis sin de chuid na cuideachta sealbhaíochta (dá ngairtear ‘bliain iomchuí’ san fho-alt seo) más rud é—
- (a) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus na bliana airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí,
- (b) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus gur cháiligh an grúpa mar ghrúpa beag i ndáil leis an mbliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí, nó
- (c) gur comhlíonadh na coinníollacha cáiliúcháin sa bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí agus gur cháiligh an grúpa mar ghrúpa beag i ndáil leis an mbliain airgeadais sin roimhe sin.
- (4) Comhlíonann grúpa na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh grúpa beag más rud é, i ndáil le bliain airgeadais, go gcomhlíonann sé 2 cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:
- (a) nach mó ná glanmhéid €12 mhilliún (nó ollmhéid €14.4 milliún) méid comhiomlán láimhdeachas an ghrúpa;
- (b) nach mó ná glanmhéid €6 mhilliún (nó ollmhéid €7.2 milliún) méid comhiomlán an chláir comhardaithe atá ag an ngrúpa;
- (c) nach mó ná 50 an meánlíon comhiomlán fostaithe atá ag an ngrúpa.
- (5) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cuideachta sealbhaíochta de chuid grúpa más eintiteas neamh-incháilithe aon chomhalta den ghrúpa.
- (6) Le linn an t-alt seo a chur i bhfeidhm maidir le haon tréimhse is bliain airgeadais, ach nach bliain í iarbhír, déanfar na méideanna a shonraítear i bhfo-alt (4)(a) a choigeartú go comhréireach.
- (7) Déanfar na figiúirí comhiomlána dá dtagraítear i bhfo-alt (4) a fhionnadh trí chomhiomlánú a dhéanamh ar na figiúirí coibhéiseacha arna gcinneadh de réir alt 280A le haghaidh gach comhalta den ghrúpa.
- (8) I gcás go mbeartóidh grúpa na coinníollacha cáiliúcháin dá dtagraítear i bhfo-alt (4) a chomhlíonadh ar bhonn cheanglais mhíreanna (a) agus (b) den fho-alt sin, féadfaidh sé déanamh amhlaidh ar bhonn na nglanfhigiúirí nó na n-ollfhigiúirí faoi seach i leith gach ceann de na míreanna sin.

- (9) Is iad na figiúirí do gach foghnóthas na figiúirí a áirítear ina ráitis airgeadais eintitis i leith na bliana airgeadais iomchuí—
- (a) más le bliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta a chríochnaíonn a bhliain airgeadais, an bhliain airgeadais sin, agus
 - (b) murab ea, an bhliain airgeadais aige ba dhéanaí a chríochnaigh roimh dheireadh bhliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta.
- (10) San alt seo—
- ciallaíonn ‘an chéad bhliain airgeadais de chuid cuideachta sealbhaíochta’ an chéad bhliain airgeadais a gcáilíonn an chuideachta mar chuideachta sealbhaíochta ina deireadh de bhua fochuideachta amháin nó níos mó a bheith aici;
- ciallaíonn ‘coinníollacha cáiliúcháin’ na ceanglais dá dtagraítear i bhfo-alt (4).
- (11) Chun críocha an ailt seo, i ndáil leis na figiúirí comhiomlána i leith láimhdeachais agus iomlán an chláir comhardaithe—
- ciallaíonn ‘glanmhéid’ an méid tar éis fritháirimh agus coigeartuithe eile a rinneadh chun idirbhearta grúpa a chur as an áireamh—
- (i) i gcás ráitis airgeadais de réir Acht na gCuideachtaí, de réir Sceideal 4, agus
 - (ii) i gcás ráitis airgeadais de réir CITAnna, de réir caighdeán idirnáisiúnta um thuiriscíú airgeadais;
- ciallaíonn “ollmhéid” an méid gan na fritháirimh sin ná na coigeartuithe eile sin.

Córas na gcuideachtaí beaga

280C. I gcás go gcáilíonn cuideachta mar chuideachta bheag de réir alt 280A nó 280B, de réir mar is cuí, ansin, mar a fhoráiltear sa Chuid seo, féadfar rialacha éagsúla a chur chun feidhme (dá ngairtear ‘córas na gcuideachtaí beaga’ san Acht seo) maidir leis an gcuideachta i leith ráitis agus tuarascálacha airgeadais do bhliain airgeadais arb i ndáil léi a cháilíonn an chuideachta sin amhlaidh mar chuideachta bheag.

Cuideachta do cháiliú mar mhicreachuideachta

- 280D.** (1) Aon chuideachta nach n-eisiatar le fo-alt (4) cáilíonn sí mar mhicreachuideachta i ndáil lena céad bhliain airgeadais má chomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana sin.
- (2) Aon chuideachta nach n-eisiatar le fo-alt (4) cáilíonn sí mar mhicreachuideachta i ndáil le bliain airgeadais dá éis sin (dá ngairtear ‘an bhliain iomchuí’ san fho-alt seo) más rud é—
- (a) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus na bliana airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí,

- (b) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus gur cháiligh an chuideachta mar mhicreachuideachta i ndáil leis an mbliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí, nó
 - (c) gur comhlíonadh na coinníollacha cáiliúcháin sa bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí agus gur cháiligh an chuideachta mar mhicreachuideachta i ndáil leis an mbliain airgeadais sin roimhe sin.
- (3) Comhlíonann cuideachta na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh micreachuideachta más rud é, i ndáil le bliain airgeadais—
- (a) go gcáilíonn sí le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga, agus
 - (b) go gcomhlíonann sí 2 cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:
 - (i) nach mó ná €700,000 méid láimhdeachas na cuideachta;
 - (ii) nach mó ná €350,000 iomlán an chláir comhardaithe atá ag an gcuideachta;
 - (iii) nach mó ná 10 an meánlíon fostaithe.
- (4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cuideachta más rud é—
- (a) gur gnóthas infheistíochta í,
 - (b) gur gnóthas sealbhaíochta airgeadais í,
 - (c) gur cuideachta sealbhaíochta í a ullmhaíonn ráitis airgeadais grúpa, nó
 - (d) gur fochuideachta í a áirítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite gnóthais sealbhaíochta níos airde.
- (5) Le linn an t-alt seo a chur i bhfeidhm maidir le haon tréimhse is bliain airgeadais, ach nach bliain í iarbhir, déanfar an méid a shonraítear i bhfo-alt (3)(b)(i) a choigeartú go comhréireach.
- (6) Chun críocha fho-alt (3)(b)(iii), cinnfear an meánlíon fostaithe a bheidh ag cuideachta trí na modhanna a chur i bhfeidhm a shonraítear in alt 317 d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar an líon a cheanglaítear le fo-alt (1)(a) den alt sin a lua i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais cuideachta.
- (7) San alt seo, ciallaíonn ‘coinníollacha cáiliúcháin’ na coinníollacha a shonraítear i bhfo-alt (3).

Córas na micreachuideachtaí

280E. I gcás go gcáilíonn cuideachta mar mhicreachuideachta de réir alt 280D, ansin, mar a fhoráiltear sa Chuid seo, féadfar rialacha éagsúla a chur chun feidhme (dá ngairtear ‘córas na micreachuideachtaí’ san Acht seo) maidir leis an gcuideachta i leith ráitis airgeadais agus tuarascálacha do bhliain airgeadais a gcáilíonn an chuideachta sin mar mhicreachuideachta i ndáil léi.

Cuideachta do cháiliú mar chuideachta meánmhéide: ginearálta

- 280F.** (1) Aon chuideachta nach n-eisiatar le fo-alt (4) cáilíonn sí mar chuideachta meánmhéide i ndáil lena céad bhliain airgeadais má chomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana sin.
- (2) Aon chuideachta nach n-eisiatar le fo-alt (4) cáilíonn sí mar chuideachta meánmhéide i ndáil le bliain airgeadais dá éis sin (dá ngairtear ‘bliain iomchuí’ san fho-alt seo) más rud é—
- (a) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus na bliana airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí,
- (b) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus gur cháiligh an chuideachta mar chuideachta meánmhéide i ndáil leis an mbliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí, nó
- (c) gur comhlíonadh na coinníollacha cáiliúcháin sa bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí agus gur cháiligh an chuideachta mar chuideachta meánmhéide i ndáil leis an mbliain airgeadais sin roimhe sin.
- (3) Comhlíonann cuideachta na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh cuideachta meánmhéide más rud é, i ndáil le bliain airgeadais, go gcomhlíonann sí 2 cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:
- (a) nach mó ná €40 milliún méid láimhdeachas na cuideachta;
- (b) nach mó ná €20 milliún iomlán an chláir comhardaithe atá ag an gcuideachta;
- (c) nach mó ná 250 an meánlíon fostaithe.
- (4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cuideachta más rud é—
- (a) gur cuideachta sealbhaíochta í,
- (b) gur cuideachta neamh-incháilithe í,
- (c) gur cuideachta í a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga, nó
- (d) gur cuideachta í a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí.
- (5) Le linn an t-alt seo a chur i bhfeidhm maidir le haon tréimhse is bliain airgeadais, ach nach bliain í iarbhir, déanfar an méid a shonraítear i bhfo-alt (3)(a) a choigeartú go comhréireach.
- (6) Chun críocha fho-alt (3)(c), cinnfear an meánlíon fostaithe a bheidh ag cuideachta trí na modhanna a chur i bhfeidhm a shonraítear in alt 317 d’fhonn cinneadh a dhéanamh ar an líon a cheanglaítear le fo-alt (1)(a) den alt sin a lua i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais cuideachta.
- (7) San alt seo, ciallaíonn ‘coinníollacha cáiliúcháin’ na coinníollacha a shonraítear i bhfo-alt (3).

Cuideachta do cháiliú mar chuideachta meánmhéide: cuideachta sealbhaíochta

- 280G.** (1) Ní cháilíonn cuideachta sealbhaíochta mar chuideachta meánmhéide i ndáil le bliain airgeadais ach amháin má cháilíonn an grúpa, arb é an chuideachta sealbhaíochta ina leith é, mar ghrúpa meánmhéide.
- (2) Aon ghrúpa nach n-eisiatar le fo-alt (5) cáilíonn sé mar ghrúpa meánmhéide i ndáil leis an gcéad bhliain airgeadais de chuid na cuideachta sealbhaíochta má chomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana sin.
- (3) Aon ghrúpa nach n-eisiatar le fo-alt (5) cáilíonn sé mar chuideachta meánmhéide i ndáil le bliain airgeadais dá éis sin de chuid na cuideachta sealbhaíochta (dá ngairtear ‘bliain iomchuí’ san fho-alt seo) más rud é—
- (a) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus na bliana airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí,
- (b) go gcomhlíontar na coinníollacha cáiliúcháin i leith na bliana iomchuí agus gur cháiligh an grúpa mar ghrúpa meánmhéide i ndáil leis an mbliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí, nó
- (c) gur comhlíonadh na coinníollacha cáiliúcháin sa bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain iomchuí agus gur cháiligh an grúpa mar ghrúpa meánmhéide i ndáil leis an mbliain airgeadais sin roimhe sin.
- (4) Comhlíonann grúpa na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh grúpa meánmhéide más rud é, i ndáil le bliain airgeadais, go gcomhlíonann sé 2 cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:
- (a) nach mó ná glanmhéid €40 milliún (nó ollmhéid €48 milliún) méid comhiomlán láimhdeachas an ghrúpa;
- (b) nach mó ná glanmhéid €20 milliún (nó ollmhéid €24 mhilliún) méid comhiomlán an chláir comhardaithe atá ag an ngrúpa;
- (c) nach mó ná 250 an meánlíon comhiomlán fostaithe atá ag an ngrúpa.
- (5) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cuideachta sealbhaíochta grúpa más eintiteas neamh-incháilithe aon chomhalta den ghrúpa.
- (6) Le linn an t-alt seo a chur i bhfeidhm maidir le haon tréimhse is bliain airgeadais, ach nach bliain í iarbhír, déanfar na méideanna a shonraítear i bhfo-alt (4)(a) a choigeartú go comhréireach.
- (7) Déanfar na figiúirí comhiomlána dá dtagraítear i bhfo-alt (4) a fhionnadh trí chomhiomlánú a dhéanamh ar na figiúirí coibhéiseacha arna gcinneadh de réir alt 280F le haghaidh gach comhalta den ghrúpa.
- (8) I gcás go mbeartóidh grúpa na coinníollacha cáiliúcháin dá dtagraítear i bhfo-alt (4) a chomhlíonadh ar bhonn cheanglais mhíreanna (a) agus (b) den fho-alt sin, féadfaidh sé déanamh amhlaidh ar bhonn na nglanfhigiúirí nó na n-ollfhigiúirí faoi seach i leith gach ceann de na míreanna sin.

- (9) Is iad na figiúirí do gach foghnóthas na figiúirí a áirítear ina ráitis airgeadais eintitis i leith na bliana airgeadais iomchuí—
- (a) más le bliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta a chríochnaíonn a bhliain airgeadais, an bhliain airgeadais sin, agus
- (b) murab ea, an bhliain airgeadais aige ba dhéanaí a chríochnaigh roimh dheireadh bhliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta.
- (10) San alt seo—
- ciallaíonn ‘an chéad bhliain airgeadais de chuid cuideachta sealbhaíochta’ an chéad bhliain airgeadais a gcáilíonn an chuideachta mar chuideachta sealbhaíochta ina deireadh de bhua fochuideachta amháin nó níos mó a bheith aici;
- ciallaíonn ‘coinníollacha cáiliúcháin’ na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (4).
- (11) Chun críocha an ailt seo, i ndáil leis na figiúirí comhiomlána i leith láimhdeachais agus iomlán an chláir comhardaithe—
- ciallaíonn ‘glanmhéid’ an méid tar éis fritháirimh agus coigeartuithe eile a rinneadh chun idirbhearta grúpa a chur as an áireamh—
- (i) i gcás ráitis airgeadais de réir Acht na gCuideachtaí, de réir Sceideal 4, agus
- (ii) i gcás ráitis airgeadais de réir CITAnna, de réir caighdeán idirnáisiúnta um thairiscíú airgeadais;
- ciallaíonn “ollmhéid” an méid gan na fritháirimh sin ná na coigeartuithe eile sin.

Cuideachta do cháiliú mar chuideachta mhór

280H. Aon chuideachta nach gcáilíonn—

- (a) mar chuideachta bheag de réir alt 280A nó 280B,
- (b) mar mhicreachuideachta de réir alt 280D, nó
- (c) mar chuideachta meánmhéide de réir alt 280F nó 280G,
- measfar gur cuideachta mhór í.”.

Leasú ar alt 290 den Phríomh-Acht

16. Leasaítear alt 290 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (6), trí “Faoi réir fho-alt (6A), tar éis na chéad bhliana airgeadais” a chur in ionad “Tar éis na chéad bhliana airgeadais”,
- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Tar éis bliain airgeadais ina n-ullmhóidh stiúrtóirí cuideachta ráitis airgeadais eintitis de réir CITAnna, féadfaidh stiúrtóirí na cuideachta,

d’ainneoin nach bhfuil athrú iomchuí tagtha ar imthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (7), ráitis airgeadais eintitis de réir Acht na gCuideachtaí a ullmhú dá éis sin i gcomhair na cuideachta ar choinníoll nach bhfuil siad tar éis athrú go dtí ráitis airgeadais eintitis de réir Acht na gCuideachtaí a ullmhú sa tréimhse 5 bliana roimh an gcéad lá den bhliain airgeadais sin.

(6B) D’fhonn an tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i bhfo-alt (6A) a ríomh, ní léifear an tagairt do ‘athrú go dtí ráitis airgeadais eintitis de réir Acht na gCuideachtaí a ullmhú’ mar thagairt a fholáíonn tagairt d’athrú go dtí na ráitis airgeadais sin a úsáid arbh athrú iomchuí ar imthosca faoi deara é.”,

agus

(c) i bhfo-alt (8)—

(i) trí “de réir fho-alt (6A) nó (7)” a chur in ionad “tar éis athrú iomchuí do theacht ar imthosca”, agus

(ii) trí “fo-ailt (6), (6A) agus (7)” a chur in ionad “fo-ailt (6) agus (7)”.

Leasú ar alt 291 den Phríomh-Acht

17. Leasaítear alt 291 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Maidir le ráitis airgeadais eintitis de réir Acht na gCuideachtaí—

(a) i dtaca leis na prionsabail chuntasaíochta a bheidh le cur chun feidhme, le foirm agus lánas an chláir comhardaithe agus an chuntais sochair agus dochair agus leis an bhfaisnéis bhreise a bheidh le soláthar ar mhodh nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, comhlíonfaidh siad—

(i) i gcás cuideachta nach gcáilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga, forálacha Sceideal 3,

(ii) i gcás cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga, forálacha Sceideal 3A nó, má roghnaíonn an chuideachta amhlaidh, forálacha Sceideal 3, nó

(iii) i gcás cuideachta bheag a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí, forálacha Sceideal 3B nó, má roghnaíonn an chuideachta amhlaidh, forálacha Sceideal 3A nó Sceideal 3,

(b) comhlíonfaidh siad caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, agus

(c) comhlíonfaidh siad forálacha eile an Achta seo.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Luafar i ráitis airgeadais eintitis de réir Acht na gCuideachtaí iad seo a leanas:

(a) ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta;

- (b) áit chlárucháin na cuideachta agus an uimhir faoina bhfuil sí cláraithe;
 - (c) seoladh a hoifige cláraithe;
 - (d) i gcás go mbeidh an chuideachta á foirceannadh, an fhaisnéis a éilítear le halt 595.”,
- (c) i bhfo-alt (4), trí “Sceideal 3 nó 3A, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “Sceideal 3”, agus
- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):
- “(6A) I gcás micreachuideachta a roghnóidh córas na micreachuideachtaí a ghlacadh, toimhdeofar gur leor—
- (a) Sceideal 3B,
 - (b) caighdeán chuntasaíochta is infheidhme, agus
 - (c) forálacha eile an Achta seo,
- a chomhlíonadh chun léargas fíorcheart a thabhairt ar na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (2), agus, dá réir sin, ní bheidh feidhm ag fo-ailt (4), (5) agus (6) maidir le cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí.”.

Leasú ar alt 292 den Phríomh-Acht

18. Leasaítear alt 292 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1)(b), trí “a éilítear le Sceidil 3, 3A, 3B, 4 agus 4A” a chur in ionad “a éilítear le Sceidil 3 agus 4”,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Sonrófar i ráitis airgeadais eintitis de réir CITAnna na nithe seo a leanas:

 - (a) ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta;
 - (b) áit chlárucháin na cuideachta agus an uimhir faoina bhfuil sí cláraithe;
 - (c) seoladh a hoifige cláraithe;
 - (d) i gcás go mbeidh an chuideachta á foirceannadh, an fhaisnéis a éilítear le halt 595.”,

agus
- (c) i bhfo-alt (3), trí “fo-alt (1) nó (2A)” a chur in ionad “fo-alt (1)”.

Leasú ar alt 293 den Phríomh-Acht

19. Leasaítear alt 293 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-ailt (1A) agus (9), más rud é, i ndeireadh na bliana airgeadais aici” a chur in ionad “Más rud é, i ndeireadh na bliana airgeadais aici”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon chuideachta sealbhaíochta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí beidh sí díolmhaithe ó cheanglais fho-alt (1) ach féadfaidh sí roghnú, áfach, ráitis airgeadais grúpa a ullmhú.”,

(c) i bhfo-alt (3), trí “aon chuideachta a gceanglófar uirthi ráitis airgeadais grúpa a ullmhú nó a roghnaigh ráitis airgeadais grúpa a ullmhú” a chur in ionad “aon chuideachta a gceanglófar uirthi ráitis airgeadais grúpa a ullmhú”,

(d) i bhfo-alt (6), trí “Faoi réir fho-alt (6A), tar éis na chéad bhliana airgeadais” a chur in ionad “Tar éis na chéad bhliana airgeadais”,

(e) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Tar éis bliain airgeadais ina n-ullmhóidh stiúrtóirí cuideachta ráitis airgeadais grúpa de réir CITAnna, féadfaidh stiúrtóirí na cuideachta, d’ainneoin nach bhfuil athrú iomchuí tagtha ar imthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (7), ráitis airgeadais grúpa de réir Acht na gCuideachtaí a ullmhú dá éis sin i gcomhair na cuideachta ar choinníoll nach bhfuil siad tar éis athrú go dtí ráitis airgeadais grúpa de réir Acht na gCuideachtaí a ullmhú sa tréimhse 5 bliana roimh an gcéad lá den bhliain airgeadais sin.

(6B) D’fhonn an tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i bhfo-alt (6A) a ríomh, ní léifear an tagairt do ‘athrú go dtí ráitis airgeadais grúpa de réir Acht na gCuideachtaí a ullmhú’ mar thagairt a fholáíonn tagairt d’athrú go dtí na ráitis airgeadais sin a úsáid arbh athrú iomchuí ar imthosca faoi deara é.”,

(f) i bhfo-alt (8)—

(i) trí “Más rud é go n-ullmhófar ráitis airgeadais grúpa de réir Acht na gCuideachtaí i ndáil le cuideachta de réir fho-alt (6A) nó (7), de réir mar a bheidh”, a chur in ionad “Más rud é, tar éis athrú iomchuí do theacht ar imthosca, go n-ullmhófar ráitis airgeadais grúpa de réir Acht na gCuideachtaí i ndáil le cuideachta”, agus

(ii) trí “fo-ailt (6), (6A) agus (7)” a chur in ionad “fo-ailt (6) agus (7)”, agus

(g) i bhfo-alt (9), trí mhír (a) a scriosadh.

Leasú ar alt 294 den Phríomh-Acht

20. Leasaítear alt 294 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (3)—

(i) trí “i gcás cuideachta sealbhaíochta nach gcáilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga, na forálacha de Sceideal 4” a chur in ionad “na forálacha de Sceideal 4” i mír (a), agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) i gcás cuideachta sealbhaíochta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga, forálacha Sceideal 4A nó, má roghnaíonn an chuideachta amhlaidh, forálacha Sceideal 4”,

(b) trí “Sceideal 4 nó 4A, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “Sceideal 4”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Luafar i ráitis airgeadais grúpa de réir Acht na gCuideachtaí iad seo a leanas:

- (a) ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta sealbhaíochta;
- (b) áit chlárúcháin na cuideachta sealbhaíochta agus an uimhir faoina bhfuil sí cláraithe;
- (c) seoladh a hoifige cláraithe;
- (d) i gcás go mbeidh an chuideachta sealbhaíochta á foirceannadh, an fhaisnéis a éilítear le halt 595.”.

Leasú ar alt 295 den Phríomh-Acht

21. Leasaítear alt 295 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(b), trí “a éilítear le Sceidil 3, 3A, 4 agus 4A” a chur in ionad “a éilítear le Sceidil 3 agus 4”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Luafar i ráitis airgeadais grúpa de réir CITanna iad seo a leanas:

- (a) ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta sealbhaíochta;
- (b) áit chlárúcháin na cuideachta sealbhaíochta agus an uimhir faoina bhfuil sí cláraithe;
- (c) seoladh a hoifige cláraithe;
- (d) i gcás go mbeidh an chuideachta sealbhaíochta á foirceannadh, an fhaisnéis a éilítear le halt 595.”.

agus

(c) i bhfo-alt (3), trí “fo-alt (1) nó (2A)” a chur in ionad “fo-alt (1)”.

Leasú ar alt 299 den Phríomh-Acht

22. Leasaítear alt 299 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) go sealbhaíonn an gnóthas sealbhaíochta eile sin níos mó ná 90 faoin gcéad de na scaireanna sa chuideachta sealbhaíochta íochtarach agus

go bhfuil an díolúine ceadaithe ag an gcuid eile de na scairshealbhóirí, nó de na comhaltaí, sa chuideachta sealbhaíochta íochtarach,”

agus

- (ii) i mír (b), trí “níos mó ná 50 faoin gcéad ach méid nach mó ná 90 faoin gcéad” a chur in ionad “níos mó ná 50 faoin gcéad”,
- (b) i bhfo-alt (4)—
 - (i) i mír (b), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) de réir fhorálacha na Treorach Cuntasaíochta, nó”,
 - (ii) i mír (c), trí “sna nótaí a bheidh ag gabháil lena ráitis airgeadais eintitis” a chur in ionad “ina ráitis airgeadais eintitis”, agus
 - (iii) i mír (d), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) seoladh oifig chláraithe an ghnóthais sealbhaíochta nó, i gcás gur lasmuigh den Stát atá an gnóthas sealbhaíochta corpraithe, oifig chláraithe (cibé tuairisc atá uirthi) an ghnóthais sa tír ina bhfuil sé corpraithe, nó”,
- (c) i bhfo-alt (6), trí “Chun críocha mhíreanna (aa) agus (b) d’fho-alt (2)” a chur in ionad “Chun críocha mhír (b) d’fho-alt (2)”, agus
- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach in ionad fho-alt (8):

“(8) San alt seo, ciallaíonn ‘tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite’ an tuarascáil arna hullmhú ag lucht bainistíochta an ghrúpa de réir na Treorach Cuntasaíochta agus tá sé comhionann leis an abairt ‘tuarascáil na stiúrthóirí’ mar a úsáidtear í sa Chuid seo.”.

Leasú ar alt 300 den Phríomh-Acht

23. Leasaítear alt 300 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2)—
 - (i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) go sealbhaíonn an gnóthas sealbhaíochta eile sin níos mó ná 90 faoin gcéad de na scaireanna sa chuideachta sealbhaíochta íochtarach agus go bhfuil an díolúine ceadaithe ag an gcuid eile de na scairshealbhóirí, nó de na comhaltaí, sa chuideachta sealbhaíochta íochtarach,”
- agus
- (ii) i mír (b), trí “níos mó ná 50 faoin gcéad ach méid nach mó ná 90 faoin gcéad” a chur in ionad “níos mó ná 50 faoin gcéad”,
 - (b) i bhfo-alt (4)—
 - (i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

- “(b) go dtarraingeofar suas na cuntais sin agus, más cuí, tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite an ghrúpa—
- (i) de réir na Treorach Cuntasaíochta,
 - (ii) ar mhodh a bheidh comhionann le cuntais chomhdhlúite agus tuarascálacha comhdhlúite arna dtarraingt suas amhlaidh,
 - (iii) de réir caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú airgeadais, nó
 - (iv) de réir caighdeáin chuntasaíochta tríú tíortha a chinnfear a bheith comhionann le caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú airgeadais de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1569/2007 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2007³ lena mbunaítear meicníocht chun comhionannas na gcaighdeán cuntasaíochta a chuireann eisiúnaithe urrús i dtríú tíortha i bhfeidhm a chinneadh de bhun Threoracha 2003/71/CE agus 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;”,
- (ii) i mír (d), trí “sna nótaí a bheidh ag gabháil lena ráitis airgeadais eintitis” a chur in ionad “ina ráitis airgeadais eintitis”,
- (iii) i mír (e), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):
- “(i) seoladh oifig chláraithe an ghnóthais sealbhaíochta agus, más lasmuigh den Stát atá an gnóthas sealbhaíochta corpraithe, oifig chláraithe (cibé tuairisc atá uirthi) an ghnóthais sa tír ina bhfuil sé corpraithe, nó”,
- (c) i bhfo-alt (6), trí “Chun críocha mhíreanna (aa) agus (b) d’fho-alt (2)” a chur in ionad “Chun críocha mhír (b) d’fho-alt (2)”, agus
- (d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach in ionad fho-alt (7):
- “(7) San alt seo, ciallaíonn ‘tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite’—
- (a) an tuarascáil arna hullmhú ag lucht bainistíochta an ghrúpa de réir na Treorach Cuntasaíochta, nó
 - (b) an tuarascáil arna hullmhú ag lucht bainistíochta an ghrúpa ar mhodh a bheidh comhionann le tuarascálacha comhdhlúite dá dtagraítear i bhfo-alt (4)(b)(ii),
- agus, i gceachtar cás, tá sé comhionann leis an abairt ‘tuarascáil na stiúrthóirí’ mar a úsáidtear í sa Chuid seo.”.

Leasú ar alt 303 den Phríomh-Acht

24. Leasaítear alt 303 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3)(b), trí “nach féidir, i gcásanna fíorannamha, an fhaisnéis is gá” a chur in ionad “nach féidir an fhaisnéis is gá”.

Leasú ar alt 304 den Phríomh-Acht

25. Leasaítear alt 304 den Phríomh-Acht—

³ IO Uimh. L340, 22.12.2007, lch 66.

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) i mír (a), trí “go gceanglófar ar an gcuideachta, nó go roghnóidh sí (agus, dá réir sin, go ndéanfaidh sí), ráitis airgeadais grúpa a ullmhú de réir an Achta seo” a chur in ionad “go gceanglófar ar an gcuideachta ráitis airgeadais grúpa a ullmhú de réir an Achta seo agus go n-ullmhóidh sí na ráitis sin”, agus
- (ii) i mír (b), trí “go dtaispeánfar i gclár comhardaithe eintitis na cuideachta” a chur in ionad “go dtaispeánfar sna nótaí a bheidh ag gabháil le clár comhardaithe eintitis na cuideachta”,

agus

(b) i bhfo-alt (2), trí “Maidir leis an gcuntas sochair agus dochair eintitis mar aon, i gcás cuideachta a roghnóidh córas na gcuideachtaí beaga a chur i bhfeidhm, leis an bhfaisnéis a shonraítear i míreanna 52 agus 53 de Sceideal 3A agus, i gcás na gcuideachtaí eile go léir, leis an bhfaisnéis a shonraítear i míreanna 59 go 63 de Sceideal 3” a chur in ionad “Maidir leis an gcuntas sochair agus dochair eintitis mar aon leis an bhfaisnéis a shonraítear i míreanna 62 go 66 de Sceideal 3”.

Leasú ar alt 305 den Phríomh-Acht

26. Leasaítear alt 305 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (14), sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais reachtúla” a chur in ionad “Sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais reachtúla”,
- (b) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (14), sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais reachtúla” a chur in ionad “Sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais reachtúla”,
- (c) i bhfo-alt (6), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “scair-roghanna”:

“ciallaíonn ‘scair-roghanna’ roghanna ar scaireanna luaite nó ar scaireanna atá infhuascailte in airgead tirim nó indíola in airgead tirim.”,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (13):

“(14) Beidh cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais an ailt seo.”.

Íocaíochtaí le tríú páirtithe as seirbhísí stiúrthóirí

27. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 305:

“305A. (1) Faoi réir fho-alt (3), sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais reachtúla de chuid cuideachta nochtfar, i gcomhair na bliana airgeadais reatha agus na bliana airgeadais roimhe sin, méid comhiomlán aon chomaoine a íocadh le tríú páirtithe, nó is infhaighte ag tríú páirtithe, as seirbhísí aon duine a chur ar fáil—

- (a) mar stiúrthóir ar an gcuideachta,
 - (b) mar stiúrthóir ar aon cheann dá cuid foghnóthas, nó
 - (c) ar shlí eile i dtaca le bainistiú chúrsaí na cuideachta nó aon cheann dá cuid foghnóthas.
- (2) Maidir leis an méid a bheidh le taispeáint chun críocha fho-alt (1)—
- (a) áireofar ann na suimeanna iomchuí go léir a d’íoc siad seo a leanas nó a bhí le fáil uathu—
 - (i) an chuideachta,
 - (ii) foghnóthais na cuideachta,
 - (iii) aon fhoghnóthas sealbhaíochta de chuid na cuideachta, agus
 - (iv) aon duine eile,
 agus
 - (b) déanfar idirdhealú ann idir na suimeanna a d’íoc an chuideachta, foghnóthais na cuideachta, aon ghnóthas sealbhaíochta de chuid na cuideachta agus aon daoine eile nó a bhí le fáil uathu sin faoi seach.
- (3) Beidh cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais an ailt seo.
- (4) Chun críocha fho-alt (1)—
- (a) (i) folaíonn an tagairt do ‘comaoin’ sochair ar shlí seachas in airgead tirim agus is tagairt do luach measta airgid na sochar an tagairt do ‘méid comhiomlán’, agus
 - (ii) nochtfar cineál aon chomaoine den sórt sin dá dtagraítear i bhfomhír (i),
 agus
 - (b) ciallaíonn an tagairt do ‘tríú páirtithe’ duine seachas—
 - (i) an stiúrthóir nó duine atá bainteach leis an stiúrthóir sin,
 - (ii) comhlacht corpraithe a rialaíonn an stiúrthóir sin, nó
 - (iii) an chuideachta nó aon cheann dá cuid foghnóthas.”.

Forálacha forlíontacha i ndáil le hailt 305 agus 305A

28. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 306:

- “306. (1) Áireofar sna méideanna a bheidh le taispeáint chun críoch alt 305 i ndáil le stiúrthóir na méideanna go léir a íocadh le duine atá bainteach le stiúrthóir de réir bhrí alt 220, nó ab iníoctha leis an gcéanna.

- (2) Is iad na méideanna a bheidh le taispeáint chun críoch alt 305 d'aon bhliain airgeadais na suimeanna ab infhaighte i leith na bliana sin, cibé uair a íoctar iad, nó, i gcás suimeanna nárbh infhaighte i leith thréimhse, na suimeanna a íocadh i gcaitheamh na bliana sin, sa dóigh, áfach—
- (a) más rud é nach dtaispeánfar aon suimeanna sna ráitis airgeadais reachtúla don bhliain airgeadais iomchuí ar an bhforas go ndlífidh an duine a fuair iad cuntas a thabhairt iontu mar a luaitear i bhfo-alt (13)(a) d'alt 305, ach go scaoilfear an dliteanas go hiomlán nó go páirteach dá éis sin nó nach bhforfheidhmeofar é laistigh de thréimhse 2 bhliain, nó
- (b) más rud é go ndéanfar aon suimeanna a íocadh mar líuntas caiteachais a chur faoi mhuirear cáin ioncaim tar éis dheireadh na bliana airgeadais iomchuí,
- go ndéanfar na suimeanna sin, go feadh an mhéid a scaoilfear an dliteanas nó nach gcuirfear i bhfeidhm é nó a chuirfear faoi mhuirear iad mar a luaitear, de réir mar a bheidh, a thaispeáint sna chéad ráitis airgeadais reachtúla inarb indéanta iad a thaispeáint, agus go ndéanfar idirdhealú idir iad agus na méideanna a bheidh le taispeáint sna ráitis sin ar leithligh ón bhforáil seo.
- (3) I gcás é a bheith riachtanach chun aon idirdhealú is gá de réir ailt 305 nó 305A nó leis an alt seo a dhéanamh ar aon mhéid atá le taispeáint chun críche aon cheann de na hailt sin, féadfaidh na stiúrthóirí aon íocaíochtaí a chionroinnt de réir mar is cuí leo ar na nithe ar ina leith a íocadh iad nó atá siad le fáil nó a íocadh nó is iníoctha iad le tríú páirtithe.
- (4) Más rud é nach gcomhlíonfar ceanglais alt 305 nó 305A nó an ailt seo i gcás aon ráitis airgeadais reachtúla, beidh sé de dhualgas ar iniúcháirí reachtúla na cuideachta a scrúdóidh na ráitis airgeadais reachtúla ráiteas ina mbeidh na sonraí is gá a chur sa tuarascáil ar na ráitis sin, sa mhéid gur féidir leo é sin a dhéanamh go réasúnach.
- (5) Aon tagairt in ailt 305 agus 305A d'fhoghnóthas de chuideachta—
- (a) maidir le duine atá nó a bhí, le linn dó nó di a bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta, ina stiúrthóir freisin, de bhua ainmniúchán ón gcuideachta, go díreach nó go neamhdhíreach, ar aon chomhlacht corpraithe eile, folóidh sí, faoi réir mhír (b), an comhlacht corpraithe sin, cibé acu atá nó nach bhfuil sé, nó a bhí nó nach raibh sé, iarbhír ina fhoghnóthas don chuideachta, agus
- (b) measfar—
- (i) chun críoch fho-ailt (3) go (6) agus (8) go (10) d'alt 305, í a bheith ag tagairt d'fhoghnóthas an tráth a tugadh na seirbhísí, agus, chun críoch fho-alt (12) den alt sin, ag tagairt d'fhoghnóthas díreach roimh chailleadh na hoifige mar stiúrthóir ar an gcuideachta, agus
- (ii) chun críoch fho-alt (1) d'alt 305A, í a bheith ag tagairt d'fhoghnóthas an tráth a tugadh na seirbhísí.

- (6) In ailt 305 agus 305A agus san alt seo, folaíonn ‘stiúrthóir’ aon chúlstiúrthóir agus aon stiúrthóir *de facto*.”.

Leasú ar alt 307 den Phríomh-Acht

29. Leasaítear alt 307 den Phríomh-Acht trí “méideanna a bheidh gan íoc faoi na comhshocraíochtaí a tarscaoileadh” a chur in ionad “an t-uasmhéid a bheidh gan íoc faoi na comhshocraíochtaí” i bhfo-alt (3)(f).

Leasú ar alt 309 den Phríomh-Acht

30. Leasaítear alt 309 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A) agus alt 310” a chur in ionad “Faoi réir alt 310”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Beidh cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais fho-alt (1).”.

Leasú ar alt 314 den Phríomh-Acht

31. Leasaítear alt 314 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (2A) agus fhorálacha eile an ailt seo, más rud é, i ndeireadh bliana airgeadais” a chur in ionad “Más rud é, i ndeireadh bliana airgeadais”,
- (b) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (2A) agus fhorálacha eile an ailt seo, beidh sna nótaí” a chur in ionad “Beidh sna nótaí”, agus
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Beidh cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais an ailt seo.”.

Leasú ar alt 315 den Phríomh-Acht

32. Leasaítear alt 315 den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) i leith gnóthas leasa shubstaintiúil de chuid cuideachta, mura gceanglaítear ar an ngnóthas a chlár comhardaithe a fhoilsiú, nó”.

Leasú ar alt 317 den Phríomh-Acht

33. Leasaítear alt 317 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (7) agus (7A), tabharfar an fhaisnéis seo a leanas” a chur in ionad “Tabharfar an fhaisnéis seo a leanas”, agus
- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) (a) Ní cheanglófar ar chuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga ach an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) a sholáthar.

(b) I gcás go gcáilíonn cuideachta le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga ach go roghnaíonn sí ráitis airgeadais grúpa a ullmhú—

(i) beidh sna ráitis airgeadais grúpa sin an fhaisnéis a éilítear le fo-alt (1)(a) i leith na cuideachta agus na bhfoghnóthas dá cuid a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú arna nglacadh ina n-iomláine, agus

(ii) beidh éifeacht le fo-ailt (5) agus (6) amhail is dá mba thagairtí don chuideachta agus do na foghnóthais dá cuid a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú tagairtí sna fo-ailt sin don chuideachta.

(7B) Beidh cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais an ailt seo.”.

Leasú ar alt 318 den Phríomh-Acht

34. Leasaítear alt 318 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (9), tabharfar an fhaisnéis seo a leanas” a chur in ionad “Tabharfar an fhaisnéis seo a leanas”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(9) Beidh cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais an ailt seo.”.

Leasú ar alt 319 den Phríomh-Acht

35. Leasaítear alt 319 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (4), taispeánfar i ráitis airgeadais eintitis cuideachta” a chur in ionad “Taispeánfar i ráitis airgeadais eintitis cuideachta”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (4), i gcás go n-ullmhaíonn cuideachta” a chur in ionad “I gcás go n-ullmhaíonn cuideachta”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Beidh cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais an ailt seo .”.

Leasú ar alt 320 den Phríomh-Acht

36. Leasaítear alt 320 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “ainmnitheach de chuid na cuideachta nó duine ag gníomhú dó nó di ina ainm féin nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta” a chur in ionad “nó ainmnitheach de chuid cuideachta”,

- (b) i bhfo-alt (2), trí “ainmnitheach de chuid na cuideachta nó duine ag gníomhú dó nó di ina ainm féin nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta” a chur in ionad “nó ainmnitheach de chuid na cuideachta”,
- (c) i bhfo-alt (3), trí “ainmnitheach de chuid na cuideachta nó duine ag gníomhú dó nó di ina ainm féin nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta do shealbhú scaireanna ina cuideachta sealbhaíochta (nó i gcás cuideachta, a hainmnitheach nó duine ag gníomhú dó nó di ina ainm féin nó ina hainm féin ach thar ceann na cuideachta do shealbhú leas sna scaireanna sin)” a chur in ionad “nó ainmnitheach de chuid na cuideachta, do shealbhú scaireanna ina cuideachta sealbhaíochta (nó i gcás cuideachta nó a hainmnitheach do shealbhú leas sna scaireanna sin)”, agus
- (d) i bhfo-alt (4)—
- (i) i mír (a), trí “gach aicme de na scaireanna sin, i dtosach agus i ndeireadh na bliana airgeadais i dteannta na comaoine a íocadh as na scaireanna sin” a chur in ionad “gach aicme de na scaireanna sin”, agus
- (ii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):
- “(aa) réiteach ar líon agus luach ainmniúil gach aicme de na scaireanna sin ó thosach na bliana airgeadais go dtí deireadh na bliana airgeadais ina dtaispeánfar gach athrú le linn na bliana airgeadais, lena n-áirítear fálacha, diúscairtí agus cealuithe breise, agus taispeánfar i ngach cás acu sin luach na comaoine a íocadh nó a fuarthas, más ann,
- (ab) na cúiseanna a bhí le haon fhálacha a rinneadh le linn na bliana airgeadais,
- (ac) an cion den scairchaipiteal glaoite a bhí á shealbhú i dtosach agus i ndeireadh na bliana airgeadais, agus”.

Leasú ar alt 321 den Phríomh-Acht

37. Leasaítear alt 321 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

- “(3) I gcás go n-athraíonn cuideachta beartas cuntasaíochta arna ghlacadh ag an gcuideachta agus gur nocht sí na hathruithe sin sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais eintitis nó leis na ráitis airgeadais grúpa, nochtfar sna nótaí sin freisin—
- (a) an chúis atá leis an athrú ar an mbeartas cuntasaíochta, agus
- (b) a mhéid is indéanta, an tionchar atá ag an athrú ar an mbeartas cuntasaíochta ar na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais reatha agus ar ráitis airgeadais de chuid blianta roimhe sin.”.

Leasú ar alt 322 den Phríomh-Acht

38. Leasaítear alt 322 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (5)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go gcáilíonn an chuideachta le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí, nó”,

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) go gcáilíonn an chuideachta mar chuideachta meánmhéide de réir alt 280F nó 280G, nó”,

agus

(b) i bhfo-alt (6), trí “a cháilíonn mar chuideachta meánmhéide de réir alt 280F nó 280G” a chur in ionad “a ndéileálfar léi mar chuideachta meánmhéide de réir alt 350”.

Leasú ar alt 323 den Phríomh-Acht

39. Leasaítear alt 323 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fhorálacha an ailt seo,” a chur in ionad “Faoi réir fho-alt (2),”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon chuideachta—

(a) a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga, beidh sí díolmhaithe ón gceanglas an tionchar airgeadais atá ag comhshocraíochtaí ar an gcuideachta agus dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a nochtadh, agus

(b) a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí, beidh sí díolmhaithe ó cheanglais fho-alt (1).”.

Leasú ar alt 324 den Phríomh-Acht

40. Leasaítear alt 324 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), i gcás gur deimhin le stiúirthóirí cuideachta” a chur in ionad “I gcás gur deimhin le stiúirthóirí cuideachta”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás ráitis airgeadais reachtúla cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí, toimhdeofar, má chomhlíontar ceanglais íosta an Achta seo i ndáil lena ráitis airgeadais, go dtugann sé sin léargas fíorcheart chun críocha fho-alt (1).”.

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Má dhéantar ráitis airgeadais reachtúla cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí, de réir mar a bheidh, a ullmhú de réir chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras

na micreachuideachtaí de réir mar is cuí, beidh ar an gclár comhardaithe, in áit fheiceálach os cionn an tsínithe nó na sínithe dá dtagraítear i bhfo-alt (4), ráiteas á rá gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais reachtúla lena mbaineann amhlaidh de réir chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí, de réir mar is cuí.”,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

“(11) San alt seo, ciallaíonn ‘ceanglais íosta an Achta seo’, i ndáil le cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí, na forálacha den Acht seo a bhfuil sé d’oibleagáid ar an gcuideachta iad a chomhlíonadh, tar éis di leas a bhaint as na díolúintí a bhfuil sí ina dteideal de bhua í do cháiliú le haghaidh chóras na micreachuideachtaí.”.

Leasú ar alt 325 den Phríomh-Acht

41. Leasaítear alt 325 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), déanfaidh stiúrthóirí” a chur in ionad “Déanfaidh stiúrthóirí”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Maidir le stiúrthóirí cuideachta—

(a) a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga, ní cheanglófar orthu athbhreithniú gnó dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) a áireamh i dtuarascáil na stiúrthóirí, agus

(b) a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí, beidh siad díolmhaithe ón gceanglas tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú faoi fho-alt (1) ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis a éilítear le halt 328 ar áireamh mar nóta nó mar fhonóta a bheidh ag gabháil leis an gclár comhardaithe”,

(c) i bhfo-alt (2)(a), trí “cuideachta phríobháideach iomchuí” a chur in ionad “cuideachta phríobháideach mhór”,

(d) i bhfo-alt (6), trí “faoi fho-ailt (1), (1A), (3) nó (4)” a chur in ionad “faoi fho-alt (1), (3) nó (4)”, agus

(e) i bhfo-alt (7), trí “ceanglais fho-ailt (1), (1A), (3) agus (4)” a chur in ionad “ceanglais fho-ailt (1), (3) agus (4)”.

Leasú ar alt 326 den Phríomh-Acht

42. Leasaítear alt 326 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-alt (3A), i gcás gurb ábhartha é maidir le measúnú a dhéanamh” a chur in ionad “I gcás gurb ábhartha é maidir le measúnú a dhéanamh”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Aon chuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí beidh sí díolmhaithe ó cheanglais fho-alt (3).”.

Leasú ar alt 327 den Phríomh-Acht

43. Leasaítear alt 327 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), beidh sa tuarascáil stiúirthóirí do bhliain airgeadais” a chur in ionad “Beidh i dtuarascáil stiúirthóirí do bhliain airgeadais”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon chuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí beidh sí díolmhaithe ó cheanglais fho-alt (1).”.

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) D’ainneoin ghinearáltacht fho-alt (1A), i gcás go roghnóidh cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí, de réir mar a bheidh, an fhaisnéis a éilítear le fo-alt (1) a sholáthar, beidh sí díolmhaithe ó cheanglais fho-alt (3)(b).”.

Leasú ar alt 328 den Phríomh-Acht

44. Leasaítear alt 328 den Phríomh-Acht—

(a) i mír (i), trí “na scaireanna sin,” a chur in ionad “na scaireanna sin, agus”,

(b) i mír (ii), trí “más ann,” a chur in ionad “más ann.”, agus

(c) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ii):

“(iii) na cúiseanna a bhí le haon fhálacha a rinneadh le linn na bliana airgeadais, agus

(iv) an cion den scairchaipiteal glaoite a bhí á shealbhú i dtosach agus i ndeireadh na bliana airgeadais.”.

Leasú ar alt 336 den Phríomh-Acht

45. Leasaítear alt 336 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (3)(a), trí “faoi réir fho-alt (3A), cibé acu a thugtar sna ráitis airgeadais reachtúla” a chur in ionad “cibé acu a thugtar sna ráitis airgeadais reachtúla”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) I gcás ráitis airgeadais reachtúla cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí, toimhdítear, má chomhlíontar ceanglais íosta an Achta seo (de réir bhrí alt 324(11)) i ndáil lena ráitis airgeadais, go dtugann sé sin léargas fíorcheart mar a éilítear le fo-alt (3).”.

(c) i bhfo-alt (5), trí “Faoi réir fho-alt (5B), luafar i dtuarascáil na n-íniúcháirí reachtúla” a chur in ionad “Luafar i dtuarascáil na n-íniúcháirí reachtúla”,

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5A):

“(5B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (5) i gcás cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí agus a bhfuil leas bainte aici as an díolúine, dá dtagraítear in alt 325(1A), ó thuarascáil stiúrthóirí a ullmhú.”,

agus

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

“(8) Más rud é, i gcás aon ráitis airgeadais reachtúla—

(a) nach gcomhlíonann cuideachta ceanglais aon cheann d’ailt 305 go 312, agus

(b) nach cuideachta atá i dteideal díolúine ón bhfaisnéis a sholáthar agus a bhfuil leas bainte aici as an díolúine sin an chuideachta,

déanfaidh iniúcháirí reachtúla na cuideachta a scrúdaíonn na ráitis airgeadais ráiteas a áireamh ina dtuarascáil lena dtabharfar na sonraí is gá, a mhéid atá siad in ann é sin a dhéanamh le réasún.”.

Leasú ar alt 338 den Phríomh-Acht

46. Leasaítear alt 338 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (2A), is iad na doiciméid” a chur in ionad “Is iad na doiciméid”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (2)(b) maidir le cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí agus a bhfuil leas bainte aici as an díolúine, faoi alt 325(1A), ó thuarascáil stiúrthóirí a ullmhú.”.

Leasú ar alt 339 den Phríomh-Acht

47. Leasaítear alt 339 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(b), trí “faoi réir fho-alt (1A),” a chur isteach roimh “an tuarascáil stiúrthóirí”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1)(b) maidir le cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí agus a bhfuil leas bainte aici as an díolúine, faoi alt 325(1A), ó thuarascáil stiúrthóirí a ullmhú.”.

Leasú ar alt 340 den Phríomh-Acht

48. Leasaítear alt 340 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3), trí “nó 354” a scriosadh.

Leasú ar alt 341 den Phríomh-Acht**49.** Leasaítear alt 341 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1)(b), trí “faoi réir fho-alt (1A), tuarascáil na stiúrthóirí”, a chur in ionad “tuarascáil na stiúrthóirí”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1)(b) maidir le cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí agus a bhfuil leas bainte aici as an díolúine, faoi alt 325(1A), ó thuarascáil stiúrthóirí a ullmhú.”.

Leasú ar alt 347 den Phríomh-Acht**50.** Leasaítear alt 347 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1)(b), trí “faoi réir fho-alt (1A), an tuarascáil stiúrthóirí” a chur in ionad “an tuarascáil stiúrthóirí”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1)(b) maidir le cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na micreachuideachtaí agus a bhfuil leas bainte aici as an díolúine, faoi alt 325(1A), ó thuarascáil stiúrthóirí a ullmhú.”.

Díolúine ó fhaisnéis áirithe a chomhdú le haghaidh cuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí**51.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 352:

“**352.** (1) Tá an díolúine i bhfo-alt (2) ar fáil do chuideachta—

- (a) a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga (nó chóras na micreachuideachtaí), agus
 - (b) nár roghnaigh ráitis airgeadais grúpa a ullmhú de réir alt 293.
- (2) Is éard í an díolúine sin díolúine ón gceanglas in alt 347 chun na doiciméid seo a leanas a chur i gceangal le tuairisceán bliantúil na cuideachta:
- (a) ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta;
 - (b) tuarascáil na stiúrthóirí (ach amháin i gcás go gcáilíonn an chuideachta sin le haghaidh chóras na micreachuideachtaí agus nár roghnaigh sí tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú);
 - (c) tuarascáil na n-iniúcháirí reachtúla ar na ráitis airgeadais sin agus an tuarascáil stiúrthóirí sin.
- (3) Má dhéanann cuideachta a cháilíonn le haghaidh chóras na gcuideachtaí beaga nó chóras na micreachuideachtaí leas a bhaint as an díolúine a fhoráiltear leis an alt seo, déanfaidh sí, ina ionad sin, cóip de gach ceann de na doiciméid seo a leanas a chur i gceangal lena tuairisceán bliantúil:

- (a) ráitis airgeadais ghiorraithe a ullmhaíodh de réir alt 353 agus a ceadáíodh agus a síníodh de réir alt 355;
 - (b) tuarascáil iniúchóirí reachtúla speisialta a ullmhaíodh de réir alt 356.
- (4) Aon tagairt i bhfo-alt (3) do chóip de dhoiciméad is tagairt í do chóip a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:
- (a) gur cóip dhílis í den leagan bunaidh seachas go mbeidh sa difríocht eatarthu go mbeidh an síniú nó na sínithe ar an leagan bunaidh, agus aon dáta nó dátaí a bheidh air, i bhfoirm chlóchurtha ar an gcóip;
 - (b) go mbeidh deimhniú ó stiúrthóir ar an gcuideachta agus ó rúnaí na cuideachta ag gabháil léi, ar a mbeidh síniú an stiúrthóra agus an rúnaí i bhfoirm leictreonach nó scríofa, á rá gur cóip dhílis den leagan bunaidh í an chóip (agus is leor aon deimhniú amháin den sórt sin i ndáil leis na doiciméid go léir a luaitear i bhfo-alt (3) agus ní gá agus a chur leis an ráiteas sin roimhe seo mar gheall ar an difríocht a cheadaítear le mír (a) maidir leis an bhfoirm ina mbeidh síniú nó dáta).’.

Leasú ar alt 353 den Phríomh-Acht

52. Leasaítear alt 353 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)—

- (i) trí “321,” a chur in ionad “321, agus” i mír (b),
- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) aon nótaí eile a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais lena n-áirítear na nótaí a bhaineann le hítimí ráitis ioncaim is infheidhme maidir leis an gcuideachta bheag nó leis an micreachuideachta lena mbaineann, agus”,

agus

- (iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) an ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas na cuideachta.”,

agus

(b) i bhfo-alt (3)—

- (i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) aon nótaí eile a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear na nótaí a bhaineann le hítimí cuntais sochair agus dochair is infheidhme maidir leis an gcuideachta bheag nó leis an micreachuideachta lena mbaineann agus, go háirithe, an fhaisnéis a éilítear le mír 53 de Sceideal 3A i gcás cuideachta bheag,”

- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) an fhaisnéis a éilítear le mír 48 de Sceideal 3A i gcás cuideachta bheag nó mír 33 de Sceideal 3B i gcás micreachuideachta, fiú amháin i gcás gur roghnaigh an chuideachta í a áireamh sa chuntas sochair agus dochair, agus”,

agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(e) aon fhaisnéis a sholáthraítear de réir fho-ailt (4), (5) agus (6) d’alt 291.”.

Leasú ar alt 355 den Phríomh-Acht

53. Leasaítear alt 355 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “nó 354, de réir mar is cuí,” a scriosadh,
- (b) i bhfo-alt (3)—
 - (i) trí “an chláir comhardaithe is cuid de na ráitis airgeadais ghiorraithe” a chur in ionad “an chláir comhardaithe ghiorraithe”,
 - (ii) i mír (b), trí “nó (de réir mar a bheidh) mar chuideachta mheánmhéide” a scriosadh, agus
 - (iii) i mír (c), trí “nó 354, de réir mar is cuí” a scriosadh,
- (c) i bhfo-alt (4), trí “an chláir comhardaithe is cuid de na ráitis airgeadais ghiorraithe” a chur in ionad “an chláir comhardaithe ghiorraithe”,
- (d) i bhfo-alt (5), trí “clár comhardaithe is cuid de na ráitis airgeadais ghiorraithe agus” a chur in ionad “clár comhardaithe ghiorraithe”,
- (e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):
 - “(6) Tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir leis na doiciméid a chuirfear i gceangal leis an tuairisceán bliantúil faoi alt 352(3) agus a sheachadfar ar an gCláraitheoir:
 - (a) luafar ar an gcóip de na ráitis airgeadais ghiorraithe a éilítear le halt 352(3)(a) ainmneacha na stiúrthóirí a shínigh an clár comhardaithe thar ceann an bhoird stiúrthóirí;
 - (b) luafar ar an gcóip den tuarascáil iniúchóirí reachtúla speisialta a éilítear le halt 352(3)(b) ainm na n-iniúchóirí reachtúla a shínigh an tuarascáil agus, murab iad na hiniúchóirí reachtúla céanna iad, ainm na n-iniúchóirí reachtúla a shínigh an tuarascáil faoi alt 391.”,
- (f) i bhfo-alt (7), trí “nó 354, de réir mar a bheidh” a scriosadh, agus
- (g) i bhfo-alt (9), trí “nó (4)” a scriosadh.

Leasú ar alt 356 den Phríomh-Acht

54. Leasaítear alt 356 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2)(a), trí “nó 354” a scriosadh,
- (b) i bhfo-alt (2)(b), trí “nó 354, de réir mar a bheidh” a scriosadh, agus
- (c) i bhfo-alt (3), trí “352(4)” a chur in ionad “352(5)”.

Leasú ar alt 357 den Phríomh-Acht

55. Leasaítear alt 357 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

- (a) i mír (b), trí “na gealltanais go léir a rinne an chuideachta, lena n-áirítear méideanna a thaispeántar mar dhliteanais i ráitis airgeadais reachtúla” a chur in ionad “na méideanna go léir a thaispeántar mar dhliteanais i ráitis airgeadais reachtúla”, agus
- (b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (g):

“(g) go déanfar cuntais chomhdhlúite an ghnóthais sealbhaíochta a tharraingt suas de réir cheanglais na Treorach Cuntasaíochta nó de réir caighdeáin idirnáisiúnta um thuairisciú airgeadais agus go ndéanfar iad a iniúchadh de réir Airteagal 34 den Treoir sin; agus”.

Leasú ar alt 358 den Phríomh-Acht

56. Leasaítear alt 358 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí “ailt 280A agus 280B” a chur in ionad “alt 350(2), (3), (5), (7), (8), (9) agus (10)”.

Leasú ar alt 359 den Phríomh-Acht

57. Leasaítear alt 359 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2), trí “dá gcáileodh an grúpa faoi alt 280B mar ghrúpa beag” a chur in ionad “má cháilíonn an grúpa mar ghrúpa beag”, agus
- (b) trí fho-ailt (3) go (12) a scriosadh.

Leasú ar alt 360 den Phríomh-Acht

58. Leasaítear alt 360 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

- (a) trí “cuideachta nó grúpchuideachta” a chur in ionad “cuideachta nó grúpa”, agus
- (b) trí na nithe seo a leanas a dhéanamh—
 - (i) i mír (a), “maidir le ráitis airgeadais eintitis na cuideachta nó na grúpchuideachta nó maidir le ráitis airgeadais grúpa na cuideachta sealbhaíochta” a chur in ionad “maidir leis an gcuideachta nó maidir leis an ngrúpa”, agus
 - (ii) i mír (b), “an chuideachta nó an ghrúpchuideachta” a chur in ionad “an cuideachta nó an grúpa” agus “maidir leis an gcuideachta nó maidir leis an ngrúpchuideachta” a chur in ionad “maidir leis an gcuideachta nó maidir leis an ngrúpa”.

Leasú ar alt 362 den Phríomh-Acht

59. Leasaítear alt 362 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) D’ainneoin go gcomhlíontar alt 358, níl cuideachta i dteideal na díolúine ó iniúchadh dá dtagraítear san alt sin más cuideachta urrúsúcháin iomchuí an chuideachta.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) D’ainneoin go gcomhlíontar alt 359, níl cuideachta sealbhaíochta agus comhaltaí eile an ghrúpa i dteideal na díolúine ó iniúchadh dá dtagraítear san alt sin más rud é—

(a) gur cuideachta urrúsúcháin iomchuí an chuideachta sealbhaíochta, nó

(b) gur cuideachta urrúsúcháin iomchuí aon chomhalta de na comhaltaí eile sin.”.

Leasú ar alt 363 den Phríomh-Acht

60. Leasaítear alt 363 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(b), trí “ar cuireadh na ráitis airgeadais reachtúla nó (de réir mar is cuí) na ráitis airgeadais ghiorraithe i gceangal leis” a chur isteach i ndiaidh “an chéad tuairisceán bliantúil de chuid na cuideachta”.

Leasú ar alt 364 den Phríomh-Acht

61. Leasaítear alt 364 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)(b), trí “ar cuireadh na ráitis airgeadais reachtúla nó (de réir mar is cuí) na ráitis airgeadais ghiorraithe i gceangal leis” a chur isteach i ndiaidh “gach ceann de na comhlachtaí iomchuí”,

(b) i bhfo-alt (3), trí “lena bhfuil na ráitis airgeadais reachtúla nó (de réir mar is cuí) na ráitis airgeadais ghiorraithe i gceangal” a chur isteach i ndiaidh “aon cheann de na comhlachtaí iomchuí”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Más é an tuairisceán bliantúil dá dtagraítear i mír (a) d’fho-alt (2) an chéad tuairisceán bliantúil de chuid aon cheann amháin nó níos mó de na comhlachtaí iomchuí ar cuireadh na ráitis airgeadais reachtúla nó (de réir mar is cuí) na ráitis airgeadais ghiorraithe i gceangal leis, ach gan na comhlachtaí sin go léir, is é an coinníoll dá dtagraítear i mír (b) den fho-alt sin gur seachadadh ar an gCláraitheoir, i gcomhlíonadh alt 343, an tuairisceán bliantúil de chuid gach ceann de na comhlachtaí iomchuí (gan aon cheann díobh arb é a thuairisceán bliantúil an chéad tuairisceán bliantúil dá chuid ar cuireadh na ráitis airgeadais reachtúla nó (de réir mar is cuí) na ráitis airgeadais ghiorraithe i gceangal leis) lena raibh na ráitis airgeadais reachtúla nó (de réir mar is cuí) na ráitis airgeadais ghiorraithe de chuid an chomhlachta iomchuí áirithe don bhliain airgeadais roimhe sin i gceangal.”.

Leasú ar alt 367 den Phríomh-Acht

62. Leasaítear alt 367 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3), trí “mír 14(b) de Sceideal 3, 3A nó 3B, de réir mar is cuí,” a chur in ionad “mír 14(b) de Sceideal 3”.

Leasú ar alt 377 den Phríomh-Acht

63. Leasaítear alt 377 den Phríomh-Acht—
- (a) i bhfo-alt (1), trí “nó mheánmhéide” a scriosadh,
 - (b) i bhfo-alt (2)(a), trí “nó (de réir mar a bheidh) cuideachta mheánmhéide” a scriosadh, agus
 - (c) i bhfo-alt (3)—
 - (i) i mír (b), trí “nó 354 de réir mar is cuí” a scriosadh, agus
 - (ii) trí “ailt 352 agus 353” a chur in ionad “ailt 352 go 354”.

Leasú ar alt 379 den Phríomh-Acht

64. Leasaítear alt 379 den Phríomh-Acht—
- (a) i bhfo-alt (2), trí “agus 354” a scriosadh, agus
 - (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Más rud é, roimh aisghairm alt 354 le *halt 3(1) d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017*, go mbeidh cuideachta meánmhéide dá dtagraítear in alt 354 tar éis ráitis airgeadais ghiorraithe a ullmhú agus a chomhdú do bhliain airgeadais de réir an ailt sin, féadfaidh an chuideachta ráitis airgeadais ghiorraithe athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhdú i leith na bliana airgeadais sin amhail is nach n-aisghairfí an t-alt sin 354.”.

Leasú ar alt 393 den Phríomh-Acht

65. Leasaítear alt 393 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí “go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go bhfuil cion de chuid earnáil 1 nó 2 déanta ag an gcuideachta nó ag oifigeach nó gníomhaire di,” a chur in ionad “go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil cion de chuid earnáil 1 nó 2 déanta ag an gcuideachta nó ag oifigeach nó gníomhaire di,”.

Leasú ar alt 412 den Phríomh-Acht

66. Leasaítear alt 412 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (6)(a), trí “ní bheidh aon dualgas ar an gCláraitheoir sonraí i dtaobh an ábhair dheoranta a thairfeadh sa chlár faoi alt 414” a chur in ionad “ní iontrálfaidh an Cláraitheoir sa chlár faoi *alt 414* sonraí i dtaobh an ábhair dheoranta”.

Leasú ar alt 634 den Phríomh-Acht

67. Leasaítear alt 634 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

- “(9A) (a) Maidir le duine a bheidh údaraithe faoi mhír 5 den Tábla a ghabhann le halt 633 chun a cheaptha nó a ceaptha mar leachtaitheoir, féadfaidh an tÚdarás Maoirseachta—
- (i) an tráth a dheonófar údarú faoin mír sin 5, nó
 - (ii) aon tráth le linn ré údaraithe a dheonófar amhlaidh,
- trí fhógra i scríbhinn don duine, cibé téarmaí agus coinníollacha a chur ag gabháil leis an údarú is dóigh leis a bheith riachtanach nó fóirsteanach, agus sonrú na téarmaí agus na coinníollacha sin san fhógra.
- (b) Féadfaidh an tÚdarás Maoirseachta, i gcás gur dóigh leis go bhfuil sé riachtanach nó fóirsteanach déanamh amhlaidh, trí fhógra i scríbhinn don duine lena mbaineann, ceann amháin nó níos mó de na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh ag gabháil le húdarú de bhun mhír (a) a leasú.
 - (c) Féadfaidh an tÚdarás Maoirseachta, aon tráth ar iarraidh i scríbhinn chuige sin ó dhuine a bheidh údaraithe faoi mhír 5 den Tábla a ghabhann le halt 633 chun a cheaptha nó a ceaptha mar leachtaitheoir, údarú an duine a tharraingt siar.”.

Leasú ar alt 865 den Phríomh-Acht

68. Leasaítear alt 865 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2)—

- (a) trí “alt 704(6);” a chur in ionad “alt 704(6).” i mír (o), agus
- (b) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (o):
 - “(p) alt 1401A(5);
 - (q) alt 1459(2);
 - (r) alt 1460(3).”.

Leasú ar alt 914 den Phríomh-Acht

69. Leasaítear alt 914 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(b), trí “tobhach a fhorchur faoi alt 916” a chur in ionad “tobhaigh a fhorchur faoi ailt 916 agus 917”.

Leasú ar alt 916 den Phríomh-Acht

70. Leasaítear alt 916 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí “a shonraítear in alt 915(1)” a chur in ionad “a shonraítear in alt 915(2)”.

Leasú ar alt 919 den Phríomh-Acht

71. Leasaítear alt 919 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (4)—

- (a) i mír (a), trí “an méid leasaithe, agus” a chur in ionad “an méid leasaithe,” agus
- (b) trí mhír (b) a scriosadh.

Leasú ar alt 934 den Phríomh-Acht

72. Leasaítear alt 934 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (9)—

- (a) trí “arb ábhar nó arbh ábhar d’imscrúdú comhalta de” a chur in ionad “arbh ábhar don imscrúdú comhalta de”, agus
- (b) i mír (a), trí “méid na gcostas a thabhaigh sé amhlaidh a chinneadh” a chur in ionad “méid na gcostas a d’íoc sé amhlaidh a chinneadh”.

Leasú ar alt 943 den Phríomh-Acht

73. Leasaítear alt 943 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

- (a) trí mhír (d) a scriosadh,
- (b) i mír (g), trí “lena ndíolmhaítear ó alt 225” a chur in ionad “lena ndíolmhaítear ó ailt 225 agus 917 (nó ó cheachtar de na hailt sin)”, agus
- (c) i mír (i), trí “cuideachta iomchuí” a chur in ionad “cuideachta mhór”.

Leasú ar alt 1002 den Phríomh-Acht

74. Leasaítear alt 1002 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (4), sa Tábla, tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“

Cuideachta do cháiliú ar bhonn mhéid na cuideachta	Ailt 280A go 280G
--	-------------------

”.

Modhnú ar an míniú ar “eintitis neamh-incháilithe” i gcás CPTanna

75. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1116:

“**1116A.** Beidh feidhm ag an míniú ar ‘eintitis neamh-incháilithe’ in alt 275(1) maidir le CPT amhail is dá ndéanfaí—

- (a) i mír (c), ‘is gnóthais árachais,’ a chur in ionad ‘is gnóthais árachais, nó’,
- (b) i mír (d)(ii), ‘dá réir sin, nó’ a chur in ionad ‘dá réir sin;’, agus
- (c) an mhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):
‘(e) is CPTanna;’.”.

Leasú ar alt 1230 den Phríomh-Acht

76. Leasaítear alt 1230 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (8), sa Tábla—

- (a) i gCuid 2, tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“

Cuideachta do cháiliú ar bhonn mhéid na cuideachta	Ailt 280A go 280G
--	-------------------

agus

(b) i gCuid 3, tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“

Cuideachta do cháiliú ar bhonn mhéid na cuideachta	Ailt 280A go 280G
--	-------------------

Modhnú ar an míniú ar “eintitis neamh-inchláráithe” i gcás CPNanna agus CPNTanna

77. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1267:

“**1267A.** Beidh feidhm ag an míniú ar ‘eintitis neamh-incháilithe’ in alt 275(1) maidir le CPN nó CPNT amhail is dá ndéanfaí—

- (a) i mír (c), ‘is gnóthais árachais,’ a chur in ionad ‘is gnóthais árachais, nó’,
- (b) i mír (d)(ii), ‘dá réir sin, nó’ a chur in ionad ‘dá réir sin;’, agus
- (c) an mhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):
‘(e) is CPNanna agus CPNTanna;’.”

Gan aon cheanglas ráitis airgeadais, etc., a sheachadadh i dteannta an tuairisceáin bhliantúil i gcás CNTanna áirithe

78. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 1274:

“**1274.** (1) Seachas i gcás CNT ainmnithe, ní bheidh feidhm ag ailt 347 agus 348 (lena gceanglaítear doiciméid a chur i gceangal leis na tuairisceáin bhliantúla) maidir le CNT.

(2) San alt seo, ciallaíonn ‘CNT ainmnithe’—

- (a) CNT arb amhlaidh, aon tráth le linn na bliana airgeadais iomchuí—
 - (i) go raibh sé ina fhoghnóthas de chuid gnóthas a bhí teoranta an tráth sin,
 - (ii) gurbh infheidhmithe cearta ina leith ag 2 ghnóthas nó níos mó a bhí teoranta an tráth sin, nó thar ceann an chéanna, ar cearta iad, dá mb’infheidhmithe iad ag ceann de na gnóthais, a d’fhágfadh gurbh fhoghnóthas dá chuid an CNT, nó
 - (iii) go raibh sé ina chuideachta sealbhaíochta de chuid gnóthas a bhí teoranta an tráth sin,

- (b) CNT is foras creidmheasa nó gnóthas árachais nó cuideachta sealbhaíochta forais creidmheasa nó gnóthais árachais,
- (c) CNT arb éard iad na comhaltaí go léir de—
- (i) cuideachtaí faoi theorainn scaireanna nó ráthaíochta,
 - (ii) cuideachtaí neamhtheoranta ar cuideachta theoranta gach comhalta díobh,
 - (iii) comhpháirtíochtaí nach comhpháirtíochtaí teoranta, ar cuideachta theoranta gach comhalta díobh,
 - (iv) comhpháirtíochtaí teoranta ar cuideachta theoranta gach comhpháirtí ginearálta (de réir bhrí an *Limited Partnerships Act*, 1907) díobh, nó
 - (v) aon teaglam de na cineálacha comhlachtaí dá dtagraítear sna fomhíreanna roimhe seo den mhír seo agus i mír (a),
nó
- (d) CNT arb éard iad a chomhaltaí díreacha nó neamhdhíreacha aon teaglam de CNTanna agus de chomhlachtaí dá dtagraítear i mír (c) a mhéid atá coimirce an dliteanais theoranta ag na húinéirí tairbhiúla deiridh.
- (3) Aon tagairtí i bhfo-alt (2) do chuideachta theoranta, do chuideachta neamhtheoranta, do chomhpháirtíocht nó do chomhpháirtíocht theoranta folóidh siad tagairtí do chomhlacht nach rialaítear le dlí an Stáit ach atá inchomórtais le cuideachta theoranta, cuideachta neamhtheoranta, comhpháirtíocht nó comhpháirtíocht theoranta den sórt sin, de réir mar is cuí.
- (4) Aon tagairtí i bhfo-alt (2)(a) do ghnóthas a bheith teoranta tráth áirithe is tagairtí iad do ghnóthas (faoi cibé dlí lenar bunaíodh é) a mbeidh dliteanas a chomhaltaí teoranta an tráth sin.
- (5) San alt seo—
- tá le ‘comhpháirtí ginearálta’ an bhrí chéanna atá le ‘*general partner*’ sa *Limited Partnerships Act*, 1907;
- ciallaíonn ‘comhpháirtíocht theoranta’ comhpháirtíocht lena mbaineann an *Limited Partnerships Act*, 1907;
- tá le ‘comhpháirtíocht’ an bhrí chéanna atá le ‘*partnership*’ sa *Partnership Act*, 1890.”.
- (2) Tiofadh *fo-alt (1)*, a mhéid a bhaineann sé le fo-alt (2)(a)(iii) d’alt 1274 den Phríomh-Acht, i ngníomh an 1 Eanáir 2022 d’aon bhliain airgeadais a thosóidh an dáta sin nó dá éis.

Gan feidhm a bheith ag Cuid 26 maidir le CNTanna áirithe

79. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1274:

“1274A. Seachas i gcás CNT ainmnithe (de réir bhrí alt 1274), ní bheidh feidhm ag Cuid 26 maidir le CNT.”.

Leasú ar alt 1300 den Phríomh-Acht

80. Leasaítear alt 1300 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “cuideachta de chuid LEE”:

“ciallaíonn ‘cuideachta de chuid LEE’—

(a) comhlacht corpraithe—

(i) atá corpraithe i stát (seachas sa Stát) is stát de chuid LEE, agus

(ii) a bhfuil teorainn le dliteanas a chomhaltaí i leith an chomhlachta chorpraithe sin,

nó

(b) gnóthas—

(i) atá foirmithe nó corpraithe i stát (seachas an Stát) is stát de chuid LEE,

(ii) a bhfuil teorainn le dliteanas a chomhaltaí i leith an ghnóthais sin, agus

(iii) is foghnóthas de chuid comhlacht corpraithe a bhfuil teorainn le dliteanas a chomhaltaí i leith an chomhlachta chorpraithe sin;”,

agus

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “cuideachta nach cuideachta de chuid LEE”:

”ciallaíonn ‘cuideachta nach cuideachta de chuid LEE’—

(a) comhlacht corpraithe—

(i) atá corpraithe i stát nach stát de chuid LEE, agus

(ii) a bhfuil teorainn le dliteanas a chomhaltaí i leith an chomhlachta chorpraithe sin,

nó

(b) gnóthas—

(i) atá foirmithe nó corpraithe i stát nach stát de chuid LEE é,

(ii) a bhfuil teorainn le dliteanas a chomhaltaí i leith an ghnóthais sin, agus

- (iii) is foghnóthas de chuid comhlacht corpraithe a bhfuil teorainn le dliteanas a chomhaltaí i leith an chomhlachta chorpraithe sin.”.

Leasú ar alt 1305 den Phríomh-Acht

- 81.** Leasaítear alt 1305 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3)(a)(i), trí “an Treoir Chuntasaíochta (de réir bhrí Chuid 6)” a chur in ionad “Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus, más cuí, Treoir 83/349/CEE ón gComhairle”.

Leasú ar alt 1373 den Phríomh-Acht

- 82.** Leasaítear alt 1373 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) I gcás go n-ullmhóidh cuideachta ráiteas rialachais chorparáidigh, déanfaidh iniúchóirí reachtúla na cuideachta, sa tuarascáil uathu faoi alt 391 i leith na cuideachta—

- (a) tuairim a thabhairt, ar bhonn na hoibre a gabhadh de láimh i gcúrsa an iniúchta, i dtaobh—

(i) an bhfuil an fhaisnéis a tugadh de bhun fho-alt (2)(c) agus (d) i gcomhréir le ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta i leith na bliana airgeadais lena mbaineann, agus

(ii) an de réir an ailt seo a ullmhaíodh an fhaisnéis sin,

- (b) a lua, ar bhonn an eolais agus na tuisceana a fuair siad, i gcúrsa an iniúchta, ar an gcuideachta agus ar a timpeallacht, an bhfuil míráitis ábhartha aitheanta acu san fhaisnéis a tugadh de bhun fho-alt (2)(c) agus (d) agus, i gcás go bhfuil a leithéid sin aitheanta acu, léiriú a thabhairt ar chineál na míráiteas sin, agus

- (c) a lua an amhlaidh ina dtuairim, ar bhonn na hoibre a gabhadh de láimh i gcúrsa an iniúchta, go bhfuil an fhaisnéis a éilítear de bhun fho-alt (2)(a), (b), (e) agus (f) sa ráiteas rialachais chorparáidigh.”.

Feidhm alt 393 maidir le cuideachta lena mbaineann Cuid 23

- 83.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 4:

“CAIBIDIL 5

Feidhm alt 393 maidir le cuideachta lena mbaineann Cuid 23

Feidhm alt 393 maidir le cuideachta lena mbaineann Cuid 23

- 1384A.** (1) Beidh feidhm ag alt 393 maidir le cuideachta lena mbaineann an Chuid seo amhail is—

- (a) dá ndéanfaí, i bhfo-alt (1), an méid seo a leanas a chur in ionad “go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go

bhfuil cion de chuid earnáil 1 nó 2 déanta ag an gcuideachta nó ag oifigeach nó gníomhaire di,”:

“go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go bhfuil cion de chuid earnáil 1 nó 2, cion Drochúsáide Margaidh tromchúiseach, cion Réamheolaire nó cion Trédhearcachta tromchúiseach déanta ag an gcuideachta nó ag oifigeach nó gníomhaire di,” agus

(b) dá gcuirfí an fo-alt seo a leanas isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) San alt seo—

ciallaíonn ‘cion Drochúsáide Margaidh tromchúiseach’ cion dá dtagraítear in alt 1368;

ciallaíonn ‘cion Réamheolaire tromchúiseach’ cion dá dtagraítear in alt 1356;

ciallaíonn ‘cion Trédhearcachta tromchúiseach’ cion dá dtagraítear in alt 1382.”.

Leasú ar alt 1376 den Phríomh-Acht

84. Leasaítear alt 1376 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3), trí “Beidh feidhm ag alt 362” a chur in ionad “Gan dochar dá oiriúnú le hait 994(2) agus 1218(3), beidh feidhm ag alt 362”.

Modhnú ar an míniú ar “eintitis neamh-incháilithe” i gcás cuideachtaí infheistíochta

85. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1400:

“**1400A.** Beidh feidhm ag an míniú ar ‘eintitis neamh-incháilithe’ in alt 275(1) maidir le cuideachta infheistíochta amhail is—

(a) dá ndéanfaí, i mír (c), ‘gnóthais árachais,’ a chur in ionad ‘gnóthais árachais, nó’,

(b) dá gcuirfí ‘dá réir sin, nó’ in ionad ‘dá réir sin,’ i mír (d)(ii), agus

(c) dá gcuirfí an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír (d):

‘(e) is cuideachtaí infheistíochta;’.”.

Cuideachta infheistíochta do chomhdú ráitis airgeadais

86. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1401:

“**1401A.** (1) Déanfaidh cuideachta infheistíochta, uair sa bhliain tar éis dheireadh a céad bhliana airgeadais, cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a sheachadadh ar an gCláraritheoir, ar an modh forordaithe, tráth nach déanaí ná 11 mhí tar éis dheireadh bhliain airgeadais na cuideachta.

(2) Is iad seo a leanas na doiciméid, eadhon:

(a) ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta don bhliain airgeadais;

- (b) tuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais;
 - (c) tuarascáil na n-iniúcháirí reachtúla ar na ráitis airgeadais sin agus ar an tuarascáil sin ó na stiúrthóirí.
- (3) An tagairt i bhfo-alt (1) do chóip de dhoiciméad is tagairt í do chóip a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:
- (a) gur cóip dhílis í den leagan bunaidh seachas go mbeidh sa difríocht eatarthu go mbeidh an síniú nó na sínithe ar an leagan bunaidh, agus aon dáta nó dátaí a bheidh air, i bhfoirm chlóchurtha ar an gcóip;
 - (b) go mbeidh deimhniú ó stiúrthóir ar an gcuideachta agus ó rúnaí na cuideachta ag gabháil léi, ar a mbeidh síniú an stiúrthóra agus an rúnaí i bhfoirm leictreonach nó scríofa, á rá gur cóip dhílis den leagan bunaidh í an chóip (agus is leor aon deimhniú amháin den sórt sin i ndáil leis na doiciméid go léir a luaitear i bhfo-alt (1) agus ní gá agus a chur leis an ráiteas sin roimhe seo mar gheall ar an difríocht a cheadaítear le mír (a) maidir leis an bhfoirm ina mbeidh síniú nó dáta).
- (4) Beidh feidhm ag alt 376 maidir le cuideachta infheistíochta amhail is dá gcuirfí an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (1):
- ‘(1) Beidh éifeacht leis an alt seo i gcás go mbeidh stiúrthóirí cuideachta infheistíochta tar éis ráitis airgeadais athbhreithnithe nó tuarascáil athbhreithnithe stiúrthóirí a ullmhú faoi alt 367 agus go mbeifear tar éis cóip de na ráitis airgeadais reachtúla bhunaidh nó de thuarascáil bhunaidh na stiúrthóir a sheachadadh ar an gCláráitheoir faoi alt 1401A.’.
- (5) Má mhainníonn cuideachta infheistíochta ceanglais an ailt seo a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain ciontach i gcion de chuid earnáil 3.
- (6) I bhfo-alt (5), folaíonn ‘oifigeach’ aon chúlstiúrthóir agus stiúrthóir *de facto*.”.

Íocaíochtaí le rialtais

87. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 25:

“CUID 26

ÍOCAÍOCHTAÍ LE RIALTAIS

CAIBIDIL 1

Réamhráiteach

Léiriú

1449. (1) Sa Chuid seo—

tá le ‘tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite’ an bhrí a shanntar dó le halt 1451;

tá le ‘tuarascáil íocaíochtaí eintitis’ an bhrí a shanntar dó le halt 1450;

ciallaíonn ‘ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha’ ceanglais tuairiscithe tríú tír a meastar gur ceanglais iad atá coibhéiseach le ceanglais Chaibidil 10 den Treoir Chuntasaíochta de réir Airteagal 46 den Treoir sin;

ciallaíonn ‘gnóthas lománaíochta’ gnóthas a ghabhann de lámh i bhforaoisí príomhúla an ghníomhaíocht dá dtagraítear i Roinn A, Rannán 02, Grúpa 02.2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006⁴ lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Rev. 2 mar a leagtar amach i dTábla 1 de Sceideal 18; agus léifear ‘cuideachta lománaíochta’ dá réir sin;

ciallaíonn ‘gnóthas mianadóireachta nó cairéalachta’ gnóthas a chomhlíonann aon ghníomhaíocht lena ngabhann taiscéalaíocht, lorgaireacht, fionnachtain, forbairt agus astarraingt mianraí, ola, sil-leaganacha gáis nádúrtha nó ábhar eile, faoi réim na ngníomhaíochtaí atá liostaithe i Roinn B, Rannán 05 go 08 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006⁵ lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Rev. 2 mar a leagtar amach i dTábla 2 de Sceideal 18; agus léifear ‘cuideachta mianadóireachta nó cairéalachta’ dá réir sin;

ciallaíonn ‘íocaíocht’ méid arna íoc, in airgead nó i gcomhchineál, as gníomhaíochtaí iomchuí, i gcás go mbeidh ar áireamh san íocaíocht aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) teidlíochtaí táirgthe;
- (b) cánacha arna dtobhach ar ioncam, táirgeadh nó brabúis cuideachtaí, gan cánacha arna dtobhach ar thomhailt amhail cánacha breisluacha, cánacha ioncaim phearsanta nó cánacha díolacháin a áireamh;
- (c) ríchíosanna;
- (d) díbhinní, seachas díbhinní arna n-íoc ag gnóthas le rialtas mar ghnáth-scairshealbhóir de chuid an ghnóthais sin, más rud é—
 - (i) go n-íoctar an díbhinn leis an rialtas ar na téarmaí céanna ar a n-íoctar í le gnáth-scairshealbhóirí eile, agus
 - (ii) nach n-íoctar an díbhinn in ionad teidlíochtaí táirgthe nó ríchíosanna;
- (e) bónais sínithe, fionnachtana agus táirgthe;

4 IO Uimh. L 393, 30.12.2006, lch 1.

5 IO Uimh. L 393, 30.12.2006, lch 1.

(f) táillí ceadúnais, táillí cíosa, táillí iontrála agus comaoineacha eile as ceadúnais nó lamháltais;

(g) íocaíochtaí as feabhsuithe bonneagair;

tá le ‘foraois phríomhúil’ an bhrí chéanna atá leis i dTreoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009⁶ maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE;

(a) a rialaítear le—

(i) Conradh, ceadúnas, léas nó lamháltas aonair nó comhaontú dlíthiúil den tsamhail chéanna, nó

(ii) conarthaí, ceadúnais, léasanna nó lamháltais iolracha nó comhaontuithe dlíthiúla iolracha den tsamhail chéanna atá idirbhainteach lena chéile go substaintiúil,

agus

(b) is bonn do dhliteanais íocaíochta le rialtas;

ciallaíonn ‘gnóthas iomchuí’ gnóthas de réir bhrí ‘eintiteas neamh-incháilithe’; agus léifear ‘cuideachta iomchuí’ dá réir sin;

ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí iomchuí’—

(a) an ghníomhaíocht a shonraítear i dTábla 1 de Sceideal 18 i bhforaoisí príomhúla, nó

(b) aon ghníomhaíocht lena ngabhann taiscéalaíocht, lorgaireacht, fionnachtain, forbairt, agus astarraingt mianraí, ola, sil-leaganacha gáis nádúrtha nó ábhar eile, faoi réim na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a shonraítear i dTábla 2 de Sceideal 18;

ciallaíonn ‘idirbhainteach lena chéile go substaintiúil’ sraith conarthaí, ceadúnas, léasanna nó lamháltas nó comhaontuithe gaolmhara a fhoirmiú atá comhtháite go hoibríochtúil agus go geografach agus ag a bhfuil téarmaí den tsamhail chéanna go substaintiúil, arna síniú le rialtas, agus is bun le dliteanais íocaíochta.

(2) Tá le focal nó abairt a úsáidtear sa Chuid seo agus a úsáidtear freisin i gCaibidil 10 den Treoir Chuntasaíochta, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, an bhrí chéanna sa Chuid seo atá leis nó léi i gCaibidil 10 den Treoir Chuntasaíochta.

6 IO Uimh. L 140, 5.6.2009, lch 16

CAIBIDIL 2

*Oibleagáid tuarascálacha íocaíochtaí a ullmhú***Oibleagáid tuarascáil eintitis ar íocaíochtaí le rialtais a ullmhú**

1450. Faoi réir ailt 1454, 1455 agus 1456, déanfaidh stiúrthóirí cuideachta is cuideachta mhór nó cuideachta iomchuí, i gcás gurb éard í an chuideachta sin—

- (a) cuideachta mianadóireachta nó cairéalachta, nó
- (b) cuideachta lománaíochta,

tuarascáil ar íocaíochtaí a rinneadh le rialtais do gach bliain airgeadais (dá ngairtear an ‘tuarascáil íocaíochtaí eintitis’ sa Chuid seo) a ullmhú agus a chur ar fáil don phobal gach bliain.

Oibleagáid tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a ullmhú

1451. (1) Faoi réir fho-alt (2) agus ailt 1454, 1456 agus 1457, déanfaidh stiúrthóirí cuideachta sealbhaíochta is cuideachta mhór nó cuideachta iomchuí—

- (a) má tá d’oibleagáid ar an gcuideachta sealbhaíochta ráitis airgeadais grúpa a ullmhú de réir alt 293, agus
- (b) más rud é gurb éard í an chuideachta sealbhaíochta nó gurb éard aon cheann dá foghnóthais—
 - (i) gnóthas mianadóireachta nó cairéalachta, nó
 - (ii) gnóthas lománaíochta,

tuarascáil chomhdhlúite ar íocaíochtaí a rinneadh le rialtais do gach bliain airgeadais de chuid na cuideachta sealbhaíochta (dá ngairtear ‘tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite’ sa Chuid seo) a ullmhú agus a chur ar fáil don phobal gach bliain.

(2) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le stiúrthóirí—

- (a) cuideachta sealbhaíochta de chuid grúpa beag, ach amháin i gcás gur gnóthas iomchuí aon ghrúpghnóthas, nó
- (b) cuideachta sealbhaíochta de chuid grúpa meánmhéide, ach amháin i gcás gur gnóthas iomchuí aon ghrúpghnóthas.

CAIBIDIL 3

*An t-ábhar a bheidh i dtuarascálacha íocaíochtaí***An t-ábhar a bheidh i dtuarascáil íocaíochtaí eintitis**

1452. (1) Déanfaidh cuideachta, i leith a tuarascála íocaíochtaí eintitis, do gach bliain airgeadais, na nithe seo a leanas a áireamh i ndáil lena gníomhaíochtaí iomchuí:

- (a) an rialtas lena ndearnadh gach íocaíocht, lena n-áirítear tír an rialtais sin;
 - (b) líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh le gach rialtas;
 - (c) an líon iomlán in aghaidh an chineáil íocaíochta a rinneadh le gach rialtas;
 - (d) i gcás gur cuireadh na híocaíochtaí sin i leith tionscadal sonracha, an líon iomlán in aghaidh an chineáil íocaíochta a rinneadh do gach tionscadal díobh sin agus líon iomlán na n-íocaíochtaí maidir le gach tionscadal díobh sin.
- (2) I gcás go ndéanfaidh cuideachta íocaíocht nach inchurtha i leith tionscadal sonracha, ní gá í a leithroinnt ar thionscadal sonracha sa tuarascáil íocaíochtaí eintitis.
- (3) Ní cheanglófar ar chuideachta íocaíocht a áireamh sa tuarascáil íocaíochtaí eintitis más rud é—
- (a) gur íocaíocht aonair de mhéid is lú ná €100,000 í, nó
 - (b) gur cuid í de shraith íocaíochtaí gaolmhara laistigh de bhliain airgeadais i gcás gur lú méid iomlán na sraithe íocaíochtaí sin ná €100,000.
- (4) Ní dhéanfar íocaíochtaí, gníomhaíochtaí ná tionscadail a roinnt ná a chomhiomlánú go saorga chun feidhm na Coda seo a sheachaint.
- (5) Léireofar le nochtadh na n-íocaíochtaí substaint, seachas foirm, gach íocaíochta, gníomhaíochta iomchuí nó tionscadail lena mbaineann.
- (6) I gcás go ndéanfar íocaíochtaí comhchineáil le rialtas, luafar sa tuarascáil íocaíochtaí eintitis luach na n-íocaíochtaí comhchineáil sin agus, más infheidhme, méid na n-íocaíochtaí comhchineáil sin, agus soláthróidh na stiúrthóirí nótaí tacaíochta chun a mhíniú conas a cinneadh luach na n-íocaíochtaí comhchineáil sin.

An t-ábhar a bheidh i dtuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite

- 1453.** (1) Déanfaidh cuideachta sealbhaíochta, i leith a tuarascála íocaíochta comhdhlúite, do gach bliain airgeadais, an fhaisnéis seo a leanas a áireamh i ndáil lena gníomhaíochtaí iomchuí:
- (a) an rialtas lena ndearnadh gach íocaíocht, lena n-áirítear tír an rialtais sin;
 - (b) líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh le gach rialtas;
 - (c) an líon iomlán in aghaidh an chineáil íocaíochta a rinneadh le gach rialtas;
 - (d) i gcás gur cuireadh na híocaíochtaí sin i leith tionscadal sonracha, an líon iomlán in aghaidh an chineáil íocaíochta a rinneadh do gach

tionscadal díobh sin agus líon iomlán na n-íocaíochtaí maidir le gach tionscadal díobh sin.

- (2) Beidh ar áireamh i dtuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite—
 - (a) aon íocaíochtaí de thoradh gníomhaíochtaí iomchuí gnóthais mianadóireachta nó cairéalachta, agus
 - (b) aon íocaíochtaí de thoradh gníomhaíochtaí iomchuí gnóthais lománaíochta.
- (3) I gcás go ndéanfaidh gnóthas íocaíocht nach inchurtha i leith tionscadail sonrach, ní gá í a leithroinnt ar thionscadal sonrach sa tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite.
- (4) Ní cheanglófar ar chuideachta íocaíocht a áireamh sa tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite más rud é—
 - (a) gur íocaíocht aonair de mhéid is lú ná €100,000 í, nó
 - (b) gur cuid í de shraith íocaíochtaí gaolmhara laistigh de bhliain airgeadais i gcás gur lú méid iomlán na sraithe íocaíochta sin ná €100,000.
- (5) Ní dhéanfar íocaíochtaí, gníomhaíochtaí ná tionscadail a roinnt ná a chomhiomlánú go saorga chun feidhm na Coda seo a sheachaint.
- (6) Léireofar le nochtadh na n-íocaíochtaí substaint, seachas foirm, gach íocaíochta, gníomhaíochta iomchuí nó tionscadail lena mbaineann.
- (7) I gcás go ndéanfar íocaíochtaí comhchineáil le rialtas, luafar sa tuarascáil íocaíochtaí eintitis luach na n-íocaíochtaí comhchineáil sin agus, más infheidhme, méid na n-íocaíochtaí comhchineáil sin, agus soláthróidh na stiúrthóirí nótaí tacaíochta chun a mhíniú conas a cinneadh luach na n-íocaíochtaí comhchineáil sin.
- (8) San alt seo, ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí iomchuí’, i ndáil le cuideachta sealbhaíochta, gníomhaíochtaí—
 - (a) na cuideachta sealbhaíochta, agus
 - (b) aon fhoghnóthais a áirítear i ráitis airgeadais grúpa na cuideachta sealbhaíochta arna n-ullmhú de réir alt 293.

CAIBIDIL 4

Tuarascálacha íocaíochtaí: díolúintí agus eisiamh

Díolúine ó ullmhú i gcás go n-áirítear íocaíochtaí áirithe i dtuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite cuideachta sealbhaíochta nó gnóthais sealbhaíochta níos airde

1454. (1) Beidh stiúrthóirí cuideachta is fochuideachta nó cuideachta sealbhaíochta díolmhaithe ó thuarascáil íocaíochtaí eintitis a ullmhú má áirítear aon íocaíochtaí le rialtais arna ndéanamh ag an gcuideachta sa tuarascáil

íocaíochtaí chomhdhlúite arna hullmhú ag an gcuideachta sealbhaíochta de réir alt 1451.

- (2) Beidh stiúrthóirí cuideachta is fochuideachta nó cuideachta sealbhaíochta díolmhaithe ón gceanglas tuarascáil íocaíochtaí eintitis faoi alt 1450, nó, i gcás cuideachta sealbhaíochta, tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite faoi alt 1451, a ullmhú, más rud é—
- (a) go bhfuil aon ghnóthas sealbhaíochta nó gnóthas sealbhaíochta níos airde de chuid na cuideachta faoi réir na bhforálacha lena gcuirtear Caibidil 10 den Treoir Chuntasaíochta i ngníomh i mBallstát seachas an Stát, agus
- (b) go n-áirítear aon íocaíochtaí le rialtais arna ndéanamh ag an gcuideachta sa tuarascáil chomhdhlúite arna tarraingt suas ag an ngnóthas sealbhaíochta sin.

Díolúine ó ullmhú i gcás go bhfuil an chuideachta faoi réir ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha

1455. Beidh stiúrthóirí cuideachta díolmhaithe ó thuarascáil íocaíochtaí eintitis a ullmhú más rud é—

- (a) go bhfuil an chuideachta faoi réir ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha, agus
- (b) go n-áirítear íocaíochtaí le rialtais arna ndéanamh ag an gcuideachta i dtuarascáil arna hullmhú de réir ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha.

Díolúine ó ullmhú i gcás go bhfuil an gnóthas sealbhaíochta nó an gnóthas sealbhaíochta níos airde faoi réir ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha

1456. Beidh stiúrthóirí cuideachta is fochuideachta nó cuideachta sealbhaíochta díolmhaithe ó thuarascáil íocaíochtaí eintitis faoi alt 1450, nó, i gcás cuideachta sealbhaíochta, tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite faoi alt 1451, a ullmhú, más rud é—

- (a) go bhfuil aon ghnóthas sealbhaíochta nó gnóthas sealbhaíochta níos airde de chuid na cuideachta faoi réir na bhforálacha lena gcuirtear Caibidil 10 den Treoir Chuntasaíochta i ngníomh i mBallstát seachas an Stát,
- (b) go bhfuil an gnóthas sealbhaíochta nó an gnóthas sealbhaíochta níos airde sin de chuid na cuideachta a rialaítear le dlíthe Ballstáit faoi réir ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha, agus
- (c) go n-áirítear aon íocaíochtaí le rialtais arna ndéanamh ag an gcuideachta i dtuarascáil chomhdhlúite arna tarraingt suas ag an ngnóthas sealbhaíochta sin go dtí an dáta céanna, nó dáta is luaithe ná sin, sa bhliain airgeadais chéanna, arna hullmhú de réir ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha.

Díolúine ag gnóthais áirithe óna n-áireamh i dtuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite

1457. (1) Faoi réir fho-alt (2), ní cheanglófar gnóthas, lena n-áirítear gnóthas iomchuí, a áireamh i dtuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite más rud é—
- (a) go gcuireann srianta diana fadtréimhseacha bac substainteach ar an gcuideachta sealbhaíochta i bhfeidhmiú a ceart ar shócmhainní nó ar bhainistíocht an ghnóthais sin,
 - (b) nach féidir, i gcásanna fíorannamha, an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a ullmhú a fháil gan caiteachas neamhréireach nó moill mhíchuí, nó
 - (c) go sealbhaítear leas na cuideachta sealbhaíochta d'fhonn é a athdhíol dá éis sin agus chun na críche sin amháin.
- (2) Ní bheidh feidhm ag na díolúintí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) ach amháin más rud é gur bhain an chuideachta sealbhaíochta leas as na díolúintí den tsamhail chéanna atá ar fáil faoi alt 303 i ndáil leis an ngnóthas sin chun a ráitis airgeadais grúpa a ullmhú de réir alt 293.

CAIBIDIL 5

*Tuarascálacha íocaíochtaí a cheadú agus a shíniú***Tuarascálacha íocaíochtaí eintitis agus tuarascálacha íocaíochtaí comhdhlúite a cheadú agus a shíniú**

1458. (1) Ceadóidh an bord stiúirthóirí tuarascáil íocaíochtaí eintitis a ullmhófar de réir alt 1450 agus tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a ullmhófar de réir alt 1451 agus síneoidh líon nach lú ná 2 stiúirthóir iad, i gcás go mbeidh 2 stiúirthóir nó níos mó ann.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht alt 11, i gcás go mbeidh stiúirthóir aonair ag an gcuideachta, oibreoidh fo-alt (1) chun a cheangal ar an stiúirthóir sin an tuarascáil íocaíochtaí eintitis nó an tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a cheadú agus a shíniú.
 - (3) Maidir le gach cóip de gach tuarascáil íocaíochtaí eintitis nó de gach tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a sheachadfar ar an gCláraitheoir nó a scaipfear, a fhoilseofar nó a eiseofar ar shlí eile, luafar inti ainmneacha na ndaoine a shínigh an tuarascáil íocaíochtaí thar ceann an bhoird stiúirthóirí.
 - (4) Má dhéantar aon chóip de thuarascáil íocaíochtaí eintitis nó de thuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a sheachadadh ar an gCláraitheoir nó a scaipeadh, a fhoilsiú nó a eisiúint ar shlí eile gan an tuarascáil íocaíochtaí (an leagan bunaidh di ar leith ón gcóip) a bheith sínithe mar a éilítear leis an alt seo nó gan lua ainmneacha na sínitheoirí ar an gcóip a éilítear a bheith san áireamh, beidh an chuideachta agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain ciontach i gcion de chuid earnáil 2.
 - (5) I bhfo-alt (4), foláionn ‘oifigeach’ aon chúlstiúirthóir agus aon stiúirthóir *de facto*.

CAIBIDIL 6

*Tuarascálacha íocaíochtaí a fhoilsiú***Cóip de thuarascálacha íocaíochtaí eintitis agus de thuarascálacha íocaíochtaí comhdhlúite a sheachadadh ar an gCláráitheoir**

1459. (1) Aon chuideachta a gceanglaítear ar a stiúrthóirí—

(a) tuarascáil íocaíochtaí eintitis a ullmhú de réir alt 1450, nó

(b) tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a ullmhú de réir alt 1451,

déanfaidh sí cóip den tuarascáil íocaíochtaí eintitis nó den tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite sin, de réir mar a bheidh, a sheachadadh ar an gCláráitheoir laistigh de 11 mhí tar éis dheireadh bhliain airgeadais na cuideachta.

(2) Má mhainníonn cuideachta lena mbaineann fo-alt (1) ceanglais an ailt seo a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain ciontach i gcion de chuid earnáil 3.

(3) I bhfo-alt (2), foláionn ‘oifigeach’ aon chúlstiúrthóir agus aon stiúrthóir *de facto*.

Cóip de thuarascálacha íocaíochtaí eintitis agus de thuarascálacha íocaíochtaí comhdhlúite arna n-ullmhú faoi cheanglais tuairiscithe choibhéiseacha a sheachadadh ar an gCláráitheoir

1460. (1) Aon chuideachta a bhfuil a stiúrthóirí díolmhaithe faoi ailt 1455 nó 1456 ó thuarascáil íocaíochtaí eintitis nó tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a ullmhú, déanfaidh sí cóip d’aon tuarascáil íocaíochtaí nó tuarascáil íocaíochtaí chomhdhlúite a ullmhófar de réir ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha a sheachadadh ar an gCláráitheoir laistigh de 28 lá tar éis an tuarascáil íocaíochtaí sin a chur ar fáil don phobal faoi na ceanglais tuairiscithe choibhéiseacha.

(2) Más i dteanga seachas Béarla nó Gaeilge atá aon doiciméad a cheanglaítear a sheachadadh faoin alt seo, cuirfear i gceangal leis an gcóip den doiciméad sin a sheachadfar tiontú i mBéarla nó i nGaeilge air a bheidh deimhnithe ar an modh forordaithe chun críocha alt 348.

(3) Má mhainníonn cuideachta lena mbaineann fo-alt (1) ceanglais an ailt seo a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain ciontach i gcion de chuid earnáil 3.

(4) I bhfo-alt (3), foláionn ‘oifigeach’ aon chúlstiúrthóir agus aon stiúrthóir *de facto*.

Leasuithe ar an bPríomh-Acht de dhroim aisghairm ailt 350 agus 351

88. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) trí “alt 275” a chur in ionad “alt 350” gach áit a bhfuil sé iontu seo a leanas—

- (i) alt 225(1), agus
- (ii) alt 900(1),
- (b) trí “alt 280A nó 280B” a chur in ionad “alt 350” gach áit a bhfuil sé iontu seo a leanas—
 - (i) alt 509(7), agus
 - (ii) alt 517(8),
- (c) trí “mar chuideachta bheag de bhua alt 280A nó 280B nó mar chuideachta meánmhéide de bhua alt 280F nó 280G” a chur in ionad “mar chuideachta bheag nó mheánmhéide de bhua alt 350” gach áit a bhfuil sé iontu seo a leanas—
 - (i) alt 747(6)(b),
 - (ii) alt 748(5)(b), agus
 - (iii) alt 750(4),
- (d) trí “ailt 352 go 356” a chur in ionad “ailt 350 go 356” in alt 1378,
- (e) in alt 274, sa mhíniú ar “ráitis airgeadais ghiorraithe”, trí “a ullmhófar de réir alt 353” a chur in ionad “a ullmhófar de réir alt 353 nó 354”, agus
- (f) trí “Alt 297” a scriosadh gach áit a bhfuil sé iontu seo a leanas—
 - (i) an Tábla a ghabhann le halt 1002, agus
 - (ii) Cuid 2 den Tábla a ghabhann le halt 1230.

Leasuithe ar an bPríomh-Acht — Sceidil

89. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) tríd an téacs a leagtar amach i *Sceideal 1* a chur in ionad *Sceideal 3* a ghabhann leis an Acht sin,
- (b) tríd an téacs a leagtar amach i *Sceideal 2* a chur isteach mar *Sceideal 3A* a ghabhann leis an Acht sin,
- (c) tríd an téacs a leagtar amach i *Sceideal 3* a chur isteach mar *Sceideal 3B* a ghabhann leis an Acht sin,
- (d) tríd an téacs a leagtar amach i *Sceideal 4* a chur in ionad *Sceideal 4* a ghabhann leis an Acht sin,
- (e) tríd an téacs a leagtar amach i *Sceideal 5* a chur isteach mar *Sceideal 4A* a ghabhann leis an Acht sin, agus
- (f) tríd an téacs a leagtar amach i *Sceideal 6* a chur isteach mar *Sceideal 18* a ghabhann leis an Acht sin.

Leasuithe ilghnéitheacha ar an bPríomh-Acht de dhroim Sceidil a chur isteach

90. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 120(3)(b), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):
- “(i) i gcás nach gcáileoidh an chuideachta le haghaidh chóras na micreachuideachtaí agus go n-ullmhóidh sí ráitis airgeadais eintitis de réir Acht na gCuideachtaí, sa nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis a cheanglaítear le mír 24(2) de Sceideal 3, nó mír 24(2) de Sceideal 3A, de réir mar a bheidh; nó”,
- (b) in alt 121(7), sa mhíniú ar “ítim iomchuí”, trí “Sceideal 3, 3A nó 3B, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “Sceideal 3”,
- (c) in alt 123(5)(b), trí “mír 14(a) de Sceideal 3, 3A nó 3B agus mír 37(3) de Sceideal 3 nó 3A, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “míreanna 14(a) agus 37(3) de Sceideal 3”,
- (d) in alt 238(8)(c)(i), trí “mhír 80 de Sceideal 3, mhír 65 de Sceideal 3A nó mhír 39 de Sceideal 3B, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “mhír 82 de Sceideal 3”,
- (e) in alt 275(1)—
- (i) sa mhíniú ar “gnóthas comhlachaithe”, trí “mír 21 de Sceideal 4 nó 4A, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “mír 20 de Sceideal 4”, agus
- (ii) sa mhíniú ar “leas rannpháirtíochta”, trí “mír 23 de Sceideal 4 nó 4A de réir mar a bheidh” a chur in ionad “mír 22 de Sceideal 4”,
- (f) in alt 1043(5)(a), trí “mhír 80 de Sceideal 3 nó mhír 65 de Sceideal 3A, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “mhír 82 de Sceideal 3”, agus
- (g) in alt 1083(8), trí “Sceideal 3 nó 3A, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “Sceideal 3”.

CUID 3

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA EILE AR AN bPRÍOMH-ACHT

Leasú ar alt 117 den Phríomh-Acht

91. Leasaítear alt 117 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Chun críocha fho-ailt (2) agus (3)—

- (a) i gcás go n-ullmhóidh an chuideachta ráitis airgeadais eintitis de réir Acht na gCuideachtaí, déileálfar le haon soláthar nó coigeartú luacha (de réir bhrí Sceideal 3, 3A nó 3B, de réir mar a bheidh) mar chailteanas réadaithe seachas coigeartú luacha i leith aon laghdú ar luach sócmhainne doichte atá le tabhairt faoi deara ar athluacháil a dhéanamh ar na sócmhainní dochta go léir, nó ar na sócmhainní dochta go léir seachas cáilmheas (agus gairtear ‘an eisceacht ó fho-alt (4)(a)’ den agus seo i bhfo-ailt (5) agus (6)), agus

- (b) i gcás go n-ullmhóidh an chuideachta ráitis airgeadais de réir CITAnna, déileálfar le soláthar nó coigeartú luacha d’aon chineál mar chaillteanas réadaithe.”.

Leasú ar alt 621 den Phríomh-Acht**92.** Leasaítear alt 621 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (2)(e), trí “sa mhéid nach mbeidh an chuideachta” a chur in ionad “ach amháin sa mhéid nach mbeidh an chuideachta”, agus
- (b) i bhfo-alt (7)(b), trí “aon mhuirear a bhunaigh an chuideachta mar mhuirear foluaineach” a chur in ionad “aon mhuirear foluaineach a bhunaigh an chuideachta”.

Leasú ar alt 633 den Phríomh-Acht**93.** Leasaítear alt 633 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) San alt seo—

ciallaíonn ‘leachtaitheoir’ leachtaitheoir sealadach;

ciallaíonn ‘táille fhorordaithe’ táille arna forordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Údarás Maoirseachta le toiliú an Aire;

ciallaíonn ‘foirm fhorordaithe’ foirm arna forordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Údarás Maoirseachta.”,

agus

- (b) i mír (5)(a) den Tábla a ghabhann leis an alt, trí “laistigh de 30 mí tar éis” a chur in ionad “laistigh de 2 bhliain tar éis”.

Leasú ar alt 842 den Phríomh-Acht**94.** Leasaítear alt 842 den Phríomh-Acht—

- (a) i mír (h), trí “nó” a scriosadh,
- (b) i mír (i), trí “dícháilíocht choigríche, nó” a chur in ionad “dícháilíocht choigríche.” i bhfomhír (ii), agus
- (c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (i):

“(j) gur sháraigh an duine alt 4 nó 5 den Acht Iomaíochta, 2002 nó Airteagal 101 nó 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.”.

Leasú ar alt 844 den Phríomh-Acht

- 95.** Leasaítear alt 844 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Féadfár an t-údarás inniúil (de réir bhrí an Achta Iomaíochta, 2002) iarratas faoi alt 842(j) a dhéanamh.”.

Imscrúdú ag coistí araíonachta ar chomhlachtaí cuntasaíochta forordaithe

96. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 931:

“**931A.** (1) San alt seo—

tá le ‘cliánt’ an bhrí chéanna atá leis in alt 934;

ciallaíonn ‘duine iomchuí’ i ndáil le himscrúdú ar chomhalta de chomhlacht cuntasaíochta forordaithe—

- (a) comhalta den chomhlacht cuntasaíochta forordaithe,
 - (b) cliánt nó iarchliánt de chuid an chomhalta sin,
 - (c) más comhlacht corpraithe an cliánt nó an t-iarchliánt, duine atá nó a bhí ina oifigeach nó ina hoifigeach, ina fhostaí nó ina fostaí nó ina ghníomhaire nó ina gníomhaire de chuid an chliánt nó an iarchliánt,
 - (d) an comhlacht cuntasaíochta forordaithe nó duine atá nó a bhí ina oifigeach nó ina hoifigeach, ina fhostaí nó ina fostaí nó ina ghníomhaire nó ina gníomhaire de chuid an chomhlachta sin, nó
 - (e) aon duine a greideann an comhlacht cuntasaíochta forordaithe le réasún faisnéis nó doiciméid a bhaineann leis an imscrúdú a bheith aige nó aici seachas faisnéis nó doiciméid a dtoirmisctear nó a sriantar le dlí í nó iad a nochtadh.
- (2) Chun críoch imscrúdaithe ar shárú a d’fhéadfadh a bheith déanta ag comhalta ar chaighdeáin comhlachta cuntasaíochta fhorordaithe, féadfaidh coiste araíonachta a cheangal ar dhuine iomchuí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:
- (a) gach leabhar nó doiciméad a bhaineann leis an imscrúdú agus a bheidh i seilbh nó faoi urláimh an duine iomchuí a thabhairt ar aird don choiste;
 - (b) freastal os comhair an choiste;
 - (c) aon chúnaimh eile i dtaca leis an imscrúdú is féidir leis an duine iomchuí a thabhairt le réasún a thabhairt don choiste.
- (3) Chun críoch imscrúdaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (2), féadfaidh an coiste araíonachta—
- (a) duine iomchuí a cheistiú faoi mhionn, de bhriathar béil nó ar agarcheisteanna i scríbhinn,
 - (b) daoine a chur faoi mhionn chun críoch an cheistithe sin, agus
 - (c) freagraí duine a cheisteofar amhlaidh a thairfeadh i scríbhinn agus a cheangal ar an duine sin iad a shíniú.

- (4) Féadfaidh an coiste araíonachta an diúltú nó an mhainneachtain a dheimhniú don chúirt má dhiúltaíonn nó má mhainníonn duine iomchuí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:
- (a) aon leabhar nó doiciméad a thabhairt ar aird don choiste arb é dualgas an duine faoin alt seo é a thabhairt ar aird;
 - (b) freastal os comhair an choiste nuair a cheanglaítear air nó uirthi déanamh amhlaidh faoin alt seo;
 - (c) freagra a thabhairt ar cheist a chuirfidh an coiste ar an duine maidir leis an ní faoi imscrúdú.
- (5) Ar dheimhniú diúltaithe nó mainneachtana maidir le duine iomchuí a fháil, féadfaidh an chúirt an cás a fhiosrú agus, tar éis aon fhianaise a thabharfar ar aird a éisteacht, féadfaidh sí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:
- (a) ordachán a thabhairt á ordú go bhfreastalóidh nó go n-athfhreastalóidh an duine iomchuí os comhair an choiste araíonachta nó go dtabharfaidh sé nó sí leabhair nó doiciméid áirithe ar aird nó go bhfreagróidh sé nó sí ceisteanna áirithe a chuirfidh an coiste air nó uirthi;
 - (b) ordachán a thabhairt á ordú nach gá don duine iomchuí leabhar nó doiciméad áirithe a thabhairt ar aird nó ceist áirithe a chuirfidh an coiste sin air nó uirthi a fhreagairt;
 - (c) aon ordú coimhdeach nó iarmhartach eile a dhéanamh nó aon ordachán eile is cuí leis an gcúirt a thabhairt.
- (6) Má thugann duine ar aird aon leabhair nó doiciméid faoin alt seo, is duine a éilíonn lian ar na leabhair nó na doiciméid sin, ní dochar é sin don lian.
- (7) Féadfar aon fhaisnéis a thabharfaidh comhalta de chomhlacht cuntasaíochta forordaithe nó aon fhreagra a thabharfaidh sé nó sí i gcomhlíonadh ceanglais faoin alt seo a úsáid i bhfianaise in aghaidh an chomhalta in aon imeachtaí ar bith, ach amháin imeachtaí i leith ciona (seachas mionnú éithigh i leith freagra den sórt sin).”.

Dliteanas comhlachta fhorordaithe maidir le gníomhartha, neamhghníomhartha, etc.

97. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 942:

“942A. (1) Ní bheidh comhlacht forordaithe ná aon duine atá nó a bhí—

- (a) ina chomhalta nó ina comhalta nó ina stiúrthóir, nó
- (b) ina oifigeach nó ina hoifigeach eile nó ina fhostaí nó ina fostaí eile,

de chuid an chomhlachta fhorordaithe faoi dhliteanas i leith damáistí maidir le haon ní a rinne an comhlacht forordaithe nó an duine sin i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna a shonraítear i bhfo-alt (2), aon ní a airbheartóidh a bheith déanta aige nó aici nó aon ní a d’fhág sé nó sí gan

déanamh mura rud é go suítear gur de mheon mímhacánta a rinneadh an gníomh nó a fágadh gan déanamh é.

(2) Tá feidhm ag fo-alt (1) maidir le caighdeáin chuntasaíochta a eisiúint.

(3) San alt seo, ciallaíonn ‘comhlacht forordaithe’ comhlacht arna fhorordú faoi alt 943(1)(h).’.

Leasuithe ilghnéitheacha eile ar an bPríomh-Acht

98. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 2(1), sa mhíniú ar “Stiúrthóir”, trí “952” a chur in ionad “954”,

(b) in alt 183—

(i) i bhfo-alt (9), trí “bhás an cheapthóra roimhe sin” a chur in ionad “bhás nó ghealtacht an cheapthóra roimhe sin”, agus

(ii) i bhfo-alt (10), trí “faoin mbás, faoin gcúlghairm nó faoin aistriú sin” a chur in ionad “faoin mbás, faoin ngealtacht, faoin gcúlghairm nó faoin aistriú sin”,

(c) in alt 408(1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) i scaireanna, lena n-áirítear scaireanna i gcomhlacht corpraithe, i mbannaí nó in ionstraimí fiachais,”

(d) in alt 440(1)(a), trí “le haon mhuirear a bhunaigh an chuideachta mar mhuirear foluaineach” a chur in ionad “le muirear foluaineach”,

(e) in alt 497(3), trí “dréacht-téarmaí comhchoiteanna na roinnte” a chur in ionad “dréacht-téarmaí comhchoiteanna an chumaisc”,

(f) in alt 580(4), trí “san fhoirm a bheidh forordaithe ag an Aire” a chur in ionad “san fhoirm fhorordaithe”,

(g) in alt 604(2), trí “i bhfo-alt (1)(i) nó (ii)” a chur in ionad “i bhfo-alt (1)(i),”,

(h) in alt 682(2), trí “san fhoirm a bheidh forordaithe ag an Aire” a chur in ionad “san fhoirm fhorordaithe”,

(i) in alt 823(5), trí “alt 895” a chur in ionad “alt 894”,

(j) in alt 1178(5), trí “alt 1190” a chur in ionad “alt 1189”,

(k) in alt 1205—

(i) i mír (b), trí “in subsection (9)” a chur in ionad “in subsection (8)” sa téacs Béarla, agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) i bhfo-alt (10), trí “faoin mbás nó faoin gcúlghairm sin” a chur in ionad “faoin mbás, faoin ngealtacht, faoin gcúlghairm nó faoin aistriú sin’.”

(l) in alt 1312(5), trí “d’alt 1002” a chur in ionad “d’alt 1004”, agus

(m) in alt 1317(1)(a)(iv), trí “alt 1319” a chur in ionad “alt 1318”.

CUID 4

ILGHNÉITHEACH

Leasú ar na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007

99. Leasaítear na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007 (I.R. Uimh. 277 de 2007)—

(a) i Rialachán 2—

(i) tríd an míniú ar “Acht 2006” a scriosadh,

(ii) sa mhíniú ar “Treoir fhorlíontach”, trí “alt 1379 d’Acht 2014” a chur in ionad “Acht 2006”,

(iii) sa mhíniú ar “dlí trédhearcachta (margaidh rialáilte)”, trí “alt 1379 d’Acht na gCuideachtaí, 2014” a chur in ionad “Acht 2006”,

(iv) sa mhíniú ar “scaireanna cisteáin”, trí “Acht 2014” a chur in ionad “Achtanna na gCuideachtaí”, agus

(v) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Treoir Chuntasaíochta’ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013⁷ maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle;

ciallaíonn ‘Acht 2014’ Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38 de 2014);”

(b) i mír (a) de Rialachán 4(4), trí “na Treorach Cuntasaíochta” a chur in ionad “an Seachtú Treoir 83/349/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1983”, agus

(c) i Rialachán 5—

(i) i mír (2)(a), trí “Airteagal 34 agus, más iomchuí, Airteagal 20 den Treoir Chuntasaíochta” a chur in ionad “Airteagal 37 den Seachtú Treoir 83/349/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1983 (arb iad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais agus Leasuithe Ilghnéitheacha), 2005 (I.R. Uimh. 116 de 2005) an beart is déanaí a ghlac an Stát lena chur i ngníomh)”,

(ii) i mír (2)(b), trí “Airteagal 34 agus, más iomchuí, Airteagal 20 den Treoir Chuntasaíochta” a chur in ionad “Airteagail 51 agus 51a den Cheathrú Treoir 78/660/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978 (arb iad na rialacháin dá dtagraítear i bhfomhír (a) an beart is déanaí a ghlac an Stát lena gcur i ngníomh)”,

7 IO Uimh. L182, 29.6.2013, lch 19.

- (iii) i mír (3)(a), trí “Airteagal 29 den Treoir Chuntasaíochta” a chur in ionad “Airteagal 36 den Seachtú Treoir 83/349/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1983 (arb iad na rialacháin dá dtagraítear i mír (2)(a) an beart is déanaí a ghlac an Stát lena chur i ngníomh)”, agus
- (iv) i mír (3)(b), trí “Airteagal 19 agus, más iomchuí, Airteagal 20 den Treoir Chuntasaíochta” a chur in ionad “Airteagal 46 den Cheathrú Treoir 78/660/CEE an 25 Iúil 1978 ón gComhairle (arb iad na rialacháin dá dtagraítear i mír (2)(a) an beart is déanaí a ghlac an Stát lena chur i ngníomh)”.

Leasú ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe), 2011

100. Leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe), 2011 (I.R. Uimh. 352 de 2011)—

(a) tríd an Rialachán seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Rialachán 42:

“**42A.** (1) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le GCUInna atá bunaithe—

- (a) mar chuideachtaí infheistíochta a bhfuil caipiteal seasta acu agus atá cláraithe mar chuideachtaí poiblí teoranta, nó
- (b) mar chuideachtaí infheistíochta a bhfuil caipiteal athraitheach acu agus atá cláraithe mar chuideachtaí poiblí teoranta agus a bhforáiltear lena n-airteagail—
 - (i) go mbeidh méid scairchaipiteal íoctha na cuideachta infheistíochta lena mbaineann comhionann i gcónaí le glanluach sócmhainní na cuideachta, agus
 - (ii) nach mbeidh aon pharluach ag scaireanna na cuideachta infheistíochta lena mbaineann.
- (2) Déanfaidh cuideachta lena mbaineann an Rialachán seo, uair sa bhliain tar éis dheireadh a céad bhliana airgeadais, cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i mír (3) a sheachadadh ar an gCláraitheoir, ar an modh forordaithe, tráth nach déanaí ná 11 mhí tar éis dheireadh bhliain airgeadais na cuideachta.
- (3) Is iad seo a leanas na doiciméid, eadhon:
 - (a) ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta don bhliain airgeadais;
 - (b) tuarascáil na stiúrthóirí, lena n-áirítear aon tuarascáil stiúrthóirí grúpa, don bhliain airgeadais;
 - (c) tuarascáil na n-íniúcháirí reachtúla ar na ráitis airgeadais sin agus ar an tuarascáil sin ó na stiúrthóirí.
- (4) An tagairt i mír (2) do chóip de dhoiciméad is tagairt í do chóip a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

- (a) gur cóip dhílis í den leagan bunaidh seachas go mbeidh sa difríocht eatarthu go mbeidh an síniú nó na sínithe ar an leagan bunaidh, agus aon dáta nó dátaí a bheidh air, i bhfoirm chlóchurtha ar an gcóip;
- (b) go mbeidh deimhniú ó stiúrthóir ar an gcuideachta agus ó rúnaí na cuideachta ag gabháil léi, ar a mbeidh síniú an stiúrthóra agus an rúnaí i bhfoirm leictreonach nó scríofa, á rá gur cóip dhílis den leagan bunaidh í an chóip (agus is leor deimhniú amháin den sórt sin i ndáil leis na doiciméid go léir dá dtagraítear i mír (2) agus ní gá agus a chur leis an ráiteas sin roimhe seo mar gheall ar an difríocht a cheadaítear le mír (a) maidir leis an bhfoirm ina mbeidh síniú nó dáta).
- (5) Beidh feidhm ag alt 376 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le cuideachta lena mbaineann an Rialachán seo amhail is dá gcuirfí an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (1):
- “(1) Beidh éifeacht leis an alt seo i gcás go mbeidh stiúrthóirí cuideachta infheistíochta lena mbaineann Rialachán 42A de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe), 2011 (I.R. Uimh. 352 de 2011) (arna chur isteach le *halt 100 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017*) tar éis ráitis airgeadais athbhreithnithe nó tuarascáil athbhreithnithe stiúrthóirí a ullmhú faoi alt 367 agus go mbeifear tar éis cóip de na ráitis airgeadais reachtúla bhunaidh nó de thuarascáil bhunaidh na stiúrthóirí a sheachadadh ar an gCláraitheoir faoin Rialachán sin.”.
- (6) Má mhainníonn cuideachta infheistíochta lena mbaineann an Rialachán seo ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain ciontach i gcion.
- (7) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi mhír (6), dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (8) Sa Rialachán seo, ciallaíonn ‘Cláraitheoir’ ‘Cláraitheoir na gCuideachtaí’.”,

agus

- (b) tríd an Rialachán seo a leanas a chur in ionad Rialachán 93:

“**93.**(1) Maidir leis an bhfaisnéis chuntasaíochta a thabharfar sa tuarascáil bhliantúil—

- (a) iniúchfar í de réir Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006⁸ arna leasú le Treoir 2014/56/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, agus
- (b) déanfaidh duine nó daoine dá gcumhachtaítear le dlí cuntais a iniúchadh de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 í a iniúchadh.

8 IO Uimh. L157, 9.6.2006, lch 87.

[2017.]

Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht), 2017.

[Uimh. 9.]Cd.4 A.100

- (2) Déanfar tuarascáil an iniúchóra, lena n-áirítear aon agúis, a atáirgeadh ina hiomláine sa tuarascáil bhliantúil.
- (3) Comhlíonfaidh foirm thuarascáil an iniúchóra ceanglais alt 336 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 faoi réir an mhodhnaithe go bhforléireofar tagairtí san alt sin do chuideachta mar thagairtí do GCUI.”.

Leasú ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha), 2013.

101. Leasaítear Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha), 2013 (I.R. Uimh. 257 de 2013), i Rialachán 23—

- (a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (4):

“(4A) Comhlíonfaidh foirm thuarascáil an iniúchóra—

- (a) ceanglais alt 336 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 i gcás CIM Éireannach, nó
- (b) an dlí iomchuí lena dtrasuitear Treoir 2006/43/CE de chuid Bhallstát baile an CIM, i gcás CIM de chuid AE,

faoi réir an mhodhnaithe go bhforléireofar tagairtí do chuideachta mar thagairtí do CIM.”,

agus

- (b) i mír (5), trí “De mhaolú ar mhír (4) agus (4A)” a chur in ionad “De mhaolú ar mhír (4)”.

SCEIDEAL 1

“SCEIDEAL 3

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA, FOIRM AGUS ÁBHAR RÁITEAS AIRGEADAIS EINTITIS

CUID I

TAGAIRTÍ D’FHORÁLACHA AN SCEIDIL A FHORLÉIRIÚ

1. (1) Gan dochar do ghinearáltacht alt 9 den Acht Léiriúcháin, 2005 ná dá fheidhm maidir le corp an Achta seo agus maidir le Sceidil 1, 2 agus 5 go 18—
 - (a) aon tagairt sa Sceideal seo do mhír nó do Chuid, is tagairt í do mhír nó do Chuid den Sceideal seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
 - (b) aon tagairt sa Sceideal seo d’alt, is tagairt í don alt den Chuid ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe, agus
 - (c) aon tagairt sa Sceideal seo d’fhomhír nó do chlásal, is tagairt í don fhomhír nó don chlásal den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.
- (2) Tá forálacha lena bhforáiltear maidir le léiriú abairtí áirithe atá sa Sceideal seo i gCuid VI.

CUID II

RIALACHA GINEARÁLTA AGUS FOIRMLÍ

ALT A

RIALACHA GINEARÁLTA

2. (1) Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo—
 - (a) ní mór do gach clár comhardaithe de chuid cuideachta na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach in Alt B a thaispeáint, agus
 - (b) ní mór do gach cuntas sochair agus dochair de chuid cuideachta na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach amhlaidh a thaispeáint,agus, i gceachtar cás, beidh na hítimí sin san ord, agus faoi na ceannteidil agus na fò-cheannteidil, atá san fhoirmle atá á húsáid.
- (2) D’ainneoin fhomhír (1)(a), le linn clár comhardaithe cuideachta a bheith á ullmhú, féadfaidh stiúrthóirí na cuideachta ceann amháin de na foirmlí

- do chlár comhardaithe in Alt B a oiriúnú chun idirdhealú a dhéanamh idir ítimí reatha agus ítimí neamhreatha ar dhóigh éagsúil, ar choinníoll—
- (a) go mbeidh an fhaisnéis a thabharfar comhionann ar a laghad leis an bhfaisnéis a mbeadh gá léi mar gheall ar an bhfoirmle sin a úsáid mura mbeadh sí arna hoiriúnú amhlaidh, agus
 - (b) gur de réir prionsabail chuntasáochta nó cleachtas cuntasáochta a bhfuil glacadh coitianta leo nó leis a thíolacfar na hítimí sin.
- (3) D’ainneoin fhomhír (1)(b), féadfaidh stiúrthóirí na cuideachta ráiteas maidir le feidhmíocht na cuideachta a ullmhú in ionad cuntas sochair agus dochair agus le linn é sin a dhéanamh féadfaidh siad ceann de na foirmlí do chuntas sochair agus dochair in Alt B a oiriúnú, ar choinníoll—
- (a) go mbeidh an fhaisnéis a thabharfar comhionann ar a laghad leis an bhfaisnéis a mbeadh gá léi mar gheall ar an bhfoirmle sin a úsáid mura mbeadh sí arna hoiriúnú amhlaidh, agus
 - (b) gur de réir prionsabail chuntasáochta nó cleachtas cuntasáochta a bhfuil glacadh coitianta leo nó leis a thíolacfar na hítimí sin.
- (4) Ní léifear fomhír (1) mar fhomhír a cheanglaíonn an ceanteideal nó an fo-cheanteideal d’aon ítim i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith sonraithe le haon litir nó uimhir atá sannta don ítim sin sna foirmlí atá leagtha amach in Alt B.
- (5) A mhéid is indéanta, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas den alt seo maidir le clár comhardaithe cuideachta agus cuntas sochair agus dochair cuideachta d’ainneoin aon oiriúnú de bhun fhomhíreanna (2) agus (3).
3. (1) Más rud é, de réir mhír 2(1), go mbeidh clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, d’aon bhliain airgeadais ullmhaithe faoi threoir ceann de na foirmlí atá leagtha amach in Alt B nó más rud é, de réir mhír 2(2) nó 2(3), go mbeidh ceann de na foirmlí oiriúnaithe, úsáidfidh stiúrthóirí na cuideachta an fhoirmle chéanna le linn dóibh a bheith ag ullmhú na ráiteas airgeadais do bhlianta airgeadais dá éis sin mura mbeidh, dar leo, cúiseanna speisialta ann chun iad a athrú.
- (2) I gcás go ndéantar aon athrú ar an bhfoirmle a úsáidtear le linn clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith á ullmhú, tabharfar na cúiseanna a bhí leis an athrú, mar aon le sonraí iomlána i dtaobh an athraithe, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais ina n-úsáidtear an fhoirmle nua den chéad uair.
4. (1) Aon ítim a cheanglaítear a thaispeáint, de réir mhír 2, i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, féadfar sonraí níos mine a thabhairt ina leith ná mar a cheanglaítear leis an bhfoirmle a úsáidtear.
- (2) Féadfar a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, ítim a fhreagraíonn do mhéid, nó a chuimsíonn

méid, aon sócmhainne nó dliteanas nó ioncaim nó caiteachais nach bhfuil cuimsithe thairis sin in aon cheann de na hítimí atá liostaithe san fhoirmle atá á húsáid, ach ní dhéileálfar leis na nithe seo a leanas mar shócmhainní i gclár comhardaithe cuideachta—

- (a) réamhchaiteachais,
 - (b) caiteachais maidir le haon scaireanna nó bintiúir a eisiúint agus coimisiún ar an eisiúint sin, agus
 - (c) costais taighde.
- (3) Féadfar fo-iomláin a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, i gcás go n-éascófaí staid airgeadais nó brabús nó cailleanas na cuideachta don bhliain airgeadais lena mbaineann a mheasúnú de bharr iad a áireamh.
- (4) Aon ítimí dá sanntar uimhir Arabach in aon cheann de na foirmlí atá leagtha amach in Alt B, féadfar iad a chur le chéile i ráitis airgeadais cuideachta—
- (a) in aon chás nach méideanna ábhartha méideanna leithleacha na n-ítimí sin maidir le staid airgeadais nó brabús nó cailleanas na cuideachta a mheasúnú don bhliain airgeadais lena mbaineann, nó
 - (b) in aon chás ina n-éascaíonn cur le chéile na n-ítimí sin an mheasúnacht sin.
- (5) I gcás go gcuirtear le chéile ítimí i ráitis airgeadais cuideachta de bhun fhomhír (4)(b), nochtfar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, méideanna leithleacha aon ítimí a cuireadh le chéile amhlaidh.
- (6) Le linn clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith á ullmhú, déanfaidh stiúrthóirí na cuideachta an riar agus na ceanteidil agus na fo-cheanteidil a cheanglaítear thairis sin le mír 2 a oiriúnú i leith ítimí dá sanntar uimhir Arabach san fhoirmle atá á húsáid, in aon chás inar gá oiriúnú den sórt sin mar gheall ar chineál speisialta ghnó na cuideachta.
- (7) I gcás go mbaineann sócmhainn nó dliteanas le níos mó ná ceann amháin de na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach in Alt B, déanfar an gaol atá aici nó aige le hítimí eile a nochtadh faoin ítim ina dtaispeántar í nó é nó sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (8) Beidh an clár comhardaithe tosaigh do gach bliain airgeadais ar comhréir leis an gclár comhardaithe deiridh don bhliain airgeadais roimhe sin.
5. (1) Faoi réir fhomhír (2), maidir le gach ítim a thaispeántar i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, nó sna nótaí a ghabhann leo, taispeánfar freisin an méid comhréire don bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann

an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair agus, mura bhfuil an méid comhréire sin inchomórtais leis an méid atá le taispeáint i leith na hítimé atá i gceist maidir leis an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair, féadfar an méid comhréire sin a choigeartú, agus tabharfar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, sonraí i dtaobh an choigeartaithe agus na cúiseanna a bhí leis.

- (2) Ní éilítear méideanna comhréire do na gluaiseachtaí i sócmhainní dochta le linn na bliana a éilítear le mír 46(1) agus (3) ná do na gluaiseachtaí i bhforálacha a éilítear le mír 54(1) agus (2).
6. (1) Faoi réir fhomhír (2), aon cheannteideal nó fo-cheannteideal a fhreagraíonn d'ítim atá liostaithe san fhoirmle a úsáidtear le linn clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith á ullmhú, ní áireofar é sa chlár comhardaithe nó sa chuntas sochair agus dochair, de réir mar a bheidh, mura bhfuil aon mhéid le taispeáint i leith na hítimé sin maidir leis an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair.
- (2) Ní bheidh feidhm ag fomhír (1) in aon chás inar féidir méid a thaispeáint i leith na hítimé atá i gceist maidir leis an mbliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair, agus taispeánfar an méid sin faoin gceannteideal nó faoin bhfo-cheannteideal a cheanglaítear leis an bhfoirmle atá á húsáid mar a dúradh.
7. (1) Faoi réir fhomhír (2), ní cead méideanna i leith ítimí a fhreagraíonn do shócmhainní nó d'ioncam a fhritháireamh i ráitis airgeadais cuideachta in aghaidh méideanna i leith ítimí a fhreagraíonn do dhlíteanais nó do chaiteachas, de réir mar a bheidh, ná *vice versa*.
- (2) Ní bheidh feidhm ag fomhír (1) in aon chás ina mbeidh an fritháireamh sin de réir caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, ar choinníoll go nochtfar na hollmhéideanna i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

ALT B

NA FOIRMLÍ RIACHTANACHA DO RÁITIS AIRGEADAIS

Réamhráiteach

8. Aon tagairtí sa Chuid seo do na hítimí atá liostaithe in aon cheann de na foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo is tagairtí iad do na hítimí sin arna léamh i dteannta aon nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí a bhaineann le haon cheann de na hítimí sin.
9. Aon uimhir idir lúibíní i ndiaidh aon ítim in aon cheann de na foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo, nó i ndiaidh aon cheannteideal in aon cheann de na foirmlí sin, is tagairt í don nóta lena bhfuil an uimhir sin sna nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí.

10. Sna nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí—

- (a) tugann ceannteideal gach nóta an ceannteideal nó an fò-cheanteideal nach foláir a úsáid maidir leis an ítim lena mbaineann sé mar aon le tagairt d'aon litreacha agus uimhreacha a shanntar don ítim sin sna foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo, agus
- (b) aon tagairtí d'fhoirmle lena ngabhann uimhir is tagairtí iad don fhoirmle do chlár comhardaithe nó (de réir mar is gá sa chás) don fhoirmle do chuntas sochair agus dochair lena ngabhann an uimhir sin mar atá leagtha amach sa Chuid seo.

FOIRMLÍ DO CHLÁR COMHARDAITHE

Foirmle 1

SÓCMHAINNÍ

A. Sócmhainní Dochta

I. Sócmhainní doláimhsithe

1. Costais forbraíochta
2. Lamhátais, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta agus sócmhainní dá samhail (1)
3. Cáilmheas (2)
4. Íocaíochtaí ar cuntas

II. Sócmhainní inláimhsithe

1. Maoin infheistíochta
2. Talamh agus foirgnimh
3. Gléasra agus innealra
4. Daingneáin, feistis, uirlisí agus trealamh
5. Íocaíochtaí ar cuntas agus sócmhainní atá á bhfoirgníú

III. Sócmhainní airgeadais

1. Scaireanna i ngrúpghnóthais
2. Iasachtaí le grúpghnóthais
3. Leasanna rannpháirtíochta
4. Iasachtaí le gnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
5. Infheistíochtaí eile seachas iasachtaí

6. Iasachtaí eile

B. Sócmhainní Reatha

I. Stoic

1. Bunábhair agus earraí inchaite
2. Obair ar láimh
3. Earraí críochnaithe agus earraí le hathdhíol
4. Íocaíochtaí ar cuntas

II. Féichiúnaithe (3)

1. Féichiúnaithe trádála
2. Méideanna atá dlite de ghrúpghnóthais
3. Méideanna atá dlite de ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
4. Féichiúnaithe eile
5. Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íoctha
6. Réamhíocaíochtaí
7. Ioncam fabhráithe

III. Infheistíochtaí

1. Scaireanna i ngrúpghnóthais
2. Infheistíochtaí eile

IV. Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh

C. Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

1. Iasachtaí bintiúir (4)
2. Méideanna atá dlite d'fhorais chreidmheasa
3. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar dhliteanas (8)
4. Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas (5)
5. Creidiúnaithe trádála
6. Billí malairte is iníoctha
7. Méideanna atá dlite do ghrúpghnóthais

8. Méideanna atá dlite do ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
 9. Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach (6)
 10. Méideanna fabhráithe
 11. Ioncam iarchurtha (7)
- D. Glansócmhainní reatha (dliteanais)
- E. Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha
- F. Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite tar éis breis agus bliain amháin
1. Iasachtaí bintiúir (4)
 2. Méideanna atá dlite d'fhorais chreidmheasa
 3. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar dhliteanas (8)
 4. Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas (5)
 5. Creidiúnaithe trádála
 6. Billí malairte is iníochta
 7. Méideanna atá dlite do ghrúpghnóthais
 8. Méideanna atá dlite do ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
 9. Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach (6)
 10. Méideanna fabhráithe
 11. Ioncam iarchurtha (7)
- G. Soláthairtí le haghaidh dliteanas
1. Sochar scoir agus oibleagáidí dá shamhail
 2. Cánachas, lena n-áirítear cánachas iarchurtha
 3. Soláthairtí eile le haghaidh dliteanas
- H. Caipiteal agus cúlchistí
- I. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar chothromas (8)
 - II. Cuntas scairphréimhe
 - III. Cúlchiste athluachála
 - IV. Cúlchistí eile
 1. Caipiteal neamhainmnithe eile
 2. Cúlchiste le haghaidh scaireanna atá á sealbhú sa chuideachta féin

3. Cúlchistí dá bhforáiltear leis an mbunreacht
 4. Cúlchistí eile lena n-áirítear an cúlchiste luacha chóir (arna sonrú mar riachtanach)
- V. Brabús nó cailteanas a tugadh anall (10)
- VI. Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (10).

FOIRMLÍ DO CHLÁR COMHARDAITHE

Foirmle 2

SÓCMHAINNÍ

A. Sócmhainní Dochta

I. Sócmhainní doláimhsithe

1. Costais forbraíochta
2. Lamháiltais, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta agus sócmhainní dá samhail (1)
3. Cáilmheas (2)
4. Íocaíochtaí ar cuntas

II. Sócmhainní inláimhsithe

1. Maoin infheistíochta
2. Talamh agus foirgnimh
3. Gléasra agus innealra
4. Daingneáin, feistis, uirlisí agus trealamh
5. Íocaíochtaí ar cuntas agus sócmhainní atá á bhfoirgniú

III. Sócmhainní airgeadais

1. Scaireanna i ngrúpghnóthais
2. Iasachtaí le grúpghnóthais
3. Leasanna rannpháirtíochta
4. Iasachtaí le gnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
5. Infheistíochtaí eile seachas iasachtaí
6. Iasachtaí eile

B. Sócmhainní Reatha

I. Stoic

1. Bunábhair agus earraí inchaite

2. Obair ar láimh
 3. Earraí críochnaithe agus earraí le hathdhíol
 4. Íocaíochtaí ar cuntas
- II. Féichiúnaithe (3)
1. Féichiúnaithe trádála
 2. Méideanna atá dlite de ghrúpghnóthais
 3. Méideanna atá dlite de ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
 4. Féichiúnaithe eile
 5. Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íoctha
 6. Réamhíocaíochtaí
 7. Ioncam fabhraithe
- III. Infheistíochtaí
1. Scaireanna i ngrúpghnóthais
 2. Infheistíochtaí eile
- IV. Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh
- CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS
- A. Caipiteal agus cúlchistí
- I. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar chothromas (8)
 - II. Cuntas scairphréimhe
 - III. Cúlchiste athluachála
 - IV. Cúlchistí eile
1. Caipiteal neamhainmnithe eile
 2. Cúlchiste le haghaidh scaireanna atá á sealbhú sa chuideachta féin
 3. Cúlchistí dá bhforáiltear leis an mbunreacht
 4. Cúlchistí eile lena n-áirítear an cúlchiste luacha chóir (arna sonrú mar riachtanach)
- V. Brabús nó cailteanas a tugadh anall (10)
- VI. Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (10)
- B. Soláthairtí le haghaidh dliteanas
1. Sochar scoir agus oibleagáidí dá shamhail
 2. Cánachas, lena n-áirítear cánachas iarchurtha

3. Soláthairtí eile le haghaidh dliteanas

C. Creidiúnaithe (9)

1. Iasachtaí bintiúir (4)
2. Méideanna atá dlite d'fhorais chreidmheasa
3. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar dhliteanas (8)
4. Méideanna a fuarthas ar cuntas (5)
5. Creidiúnaithe trádála
6. Billí malairte is iníochta
7. Méideanna atá dlite do ghrúpghnóthais
8. Méideanna atá dlite do ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
9. Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach (6)
10. Méideanna fabhráithe
11. Ioncam iarchurtha (7)

NÓTAÍ AR NA FOIRMLÍ DO CHLÁR COMHARDAITHE

(1) *Lamháltais, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta agus sócmhainní dá samhail (Foirlí 1 agus 2, ítimí A.I.2)*

Ní dhéanfar méideanna i leith sócmhainní a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta faoin ítim seo ach amháin sa chás—

- (a) go bhfuarthas na sócmhainní ar chomaoin luachmhar agus nach gceanglaítear iad a thaispeáint faoi cháilmheas, nó
- (b) gurbh í an chuideachta féin a chruthaigh na sócmhainní atá i gceist.

(2) *Cáilmheas*

(Foirlí 1 agus 2, ítimí A.I.3)

Ní áireofar méideanna in ionannas cáilmheasa ach amháin sa mhéid gur ar chomaoin luachmhar a fuarthas an cáilmheas.

(3) *Féichiúnaithe*

(Foirlí 1 agus 2, ítimí B. II. 1 go 7)

Déanfar an méid a bheidh dlite tar éis breis agus bliain amháin a thaispeáint ar leithligh maidir le gach ítim a áirítear faoi fhéichiúnaithe.

(4) *Iasachtaí bintiúir*

(Foirlí 1, ítim C.1 agus F.1 agus Foirlí 2, ítim C.1)

Taispeánfar ar leithligh méid aon iasachtaí inchomhshóite agus déanfar na téarmaí agus na coinníollacha faoina bhfuil na hiasachtaí sin inchomhshóite go scairchaipiteal a nochtadh sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

(5) *Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas*

(Foirmle 1, ítimí C.4 agus F.4 agus Foirmle 2, ítim C.4)

Déanfar íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas orduithe a thaispeáint maidir le gach ceann de na hítimí seo a mhéid nach dtaispeántar iad mar asbhaintí ó stoic.

(6) *Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach*

(Foirmle 1, ítimí C.9 agus F.9 agus Foirmle 2, ítim C.9)

Déanfar an méid le haghaidh creidiúnaithe maidir le cánachas agus árachas sóisialach a thaispeáint ar leithligh ón méid le haghaidh creidiúnaithe eile agus, maidir le cánachas, déanfar na méideanna atá ar áireamh maidir le cáin ioncaim is iníoctha ar dhíolaíochtaí lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, aon cháin ioncaim eile, cáin chorparáide, cáin gnóchan caipitiúil, cáin bhreisluacha agus aon cháin eile a lua ar leithligh.

(7) *Ioncam iarchurtha*

(Foirmle 1, ítimí C.11 agus F.11 agus Foirmle 2, ítim C.11)

Déanfar an méid atá ar áireamh san ítim seo maidir le deontais Rialtais, is é sin le rá, deontais a thug an Rialtas nó a tugadh thar a cheann, a thaispeáint ar leithligh i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, mura dtaispeántar ar leithligh é sa chlár comhardaithe.

(8) *Scairchaipiteal glaoite*

(Foirmle 1, ítim C.3, F.3 agus H.I, agus Foirmle 2, ‘CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS’, ítimí A.I agus C.3)

De réir an phrionsabail cuntasaíochta i mír 17, déanfar anailísiú ar scairchaipiteal glaoite idir scaireanna a thíolactar mar dhliteanais agus scairchaipiteal.

(9) *Creidiúnaithe*

(Foirmle 2, ítimí C.1 go 11)

Déanfar méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin agus tar éis bliain amháin a thaispeáint ar leithligh maidir le gach ceann de na hítimí seo agus taispeánfar a gcomhiomlán ar leithligh maidir leis na hítimí seo go léir.

(10) *Cuntas sochair agus dochair*

(Foirmle 1, ítimí H.V agus VI, Foirmle 2, ‘CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS’ ítimí A.V agus V.I).

Féadfar na hítimí seo a chur le chéile i gcás go dtugtar an leithreasú brabúis a éilítear le mír 53 i mbun an chuntais sochair agus dochair nó i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

FOIRMLÍ DO CHUNTAS SOCHAIR AGUS DOCHAIR

Foirmle 1 (15)

1. Láimhdeachas
2. Costas díolachán (11)
3. Brabús comhlán nó cailteanas comhlán
4. Costais dáilte (11)
5. Caiteachais riaracháin (11)
6. Ioncam oibriúcháin eile
7. Ioncam ó scaireanna i ngrúpghnóthais
8. Ioncam ó leasanna rannpháirtíochta
9. Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile (12)
10. Ús eile is infhaighte agus ioncam eile dá shamhail (12)
11. Coigeartuithe luacha i leith sócmhainní airgeadais agus infheistíochtaí atá á sealbhú mar shócmhainní reatha
12. Ús is iníoctha agus caiteachais dá shamhail (13)
13. Cáin ar bhrabús nó cailteanas
14. Brabús nó cailteanas tar éis cánach
15. Cánacha eile nach dtaispeántar faoi na hítimí roimhe seo
16. Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (14)

FOIRMLÍ DO CHUNTAS SOCHAIR AGUS DOCHAIR

Foirmle 2

1. Láimhdeachas
2. Athrú ar stoic earraí críochnaithe agus ar obair ar láimh
3. Obair chaipitlithe na cuideachta féin
4. Ioncam oibriúcháin eile
5. (a) Bunábhair agus earraí inchaite
(b) Caiteachais sheachtracha eile
6. Costais foirne:
 - (a) Pá agus tuarastail
 - (b) Costais árachais shóisialaigh
 - (c) Costais sochair scoir eile

- (d) Costais chúitimh eile
7. (a) Díluachadh agus coigeartuithe luacha eile i leith sócmhainní dochta inláimhsithe agus doláimhsithe
- (b) Coigeartuithe luacha i leith sócmhainní reatha a mhéid is mó iad ná coigeartuithe luacha is gnáthchoigeartuithe luacha sa ghnóthas lena mbaineann
8. Caiteachais oibriúcháin eile
9. Ioncam ó scaireanna i ngrúpghnóthais
10. Ioncam ó leasanna rannpháirtíochta
11. Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile (12)
12. Ús eile is infhaighte agus ioncam eile dá shamhail (12)
13. Coigeartuithe luacha i leith sócmhainní airgeadais agus infheistíochtaí atá á sealbhú mar shócmhainní reatha
14. Ús is iníoctha agus caiteachais dá shamhail (13)
15. Cáin ar bhrabús nó cailteanas
16. Brabús nó cailteanas tar éis cánach
17. Cánacha eile nach dtaispeántar faoi na hítimí roimhe seo
18. Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (14)

NÓTAÍ AR NA FOIRMLÍ DO CHUNTAS SOCHAIR AGUS DOCHAIR

(11) *Costas díolachán: Costais dáilte: Caiteachais riaracháin*

(Foirmle 1, ítimí 2, 4 agus 5)

Luafar na hítimí seo tar éis aon choigeartuithe luacha is gá le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní a bheith curtha i gcuntas.

(12) *Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile: ús eile is infhaighte agus ioncam eile dá shamhail*

(Foirmle 1, ítimí 9 agus 10; Foirmle 2, ítimí 11 agus 12)

Déanfar ioncam agus ús a dhíorthaigh ó ghrúpghnóthais a thaispeáint ar leithligh ó ioncam agus ús a dhíorthaigh ó fhoinsí eile.

(13) *Ús is iníoctha agus caiteachais dá shamhail*

(Foirmle 1, ítim 12; Foirmle 2, ítim 14)

Déanfar an méid is iníoctha le grúpghnóthais a thaispeáint ar leithligh.

(14) *Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais*

(Foirmle 1, ítim 16; Foirmle 2, ítim 18)

Féadfar an leithreasú brabúis a éilítear le mír 53 a thabhairt i mbun an chuntais sochair agus dochair nó i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

(15) *Foirmle 1*

Déanfar méideanna aon choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh agus laghdú ar luach sócmhainní dochta inláimhsithe agus doláimhsithe, atá le taispeáint faoi ítim 7(a) i bhFoirmle 2, a nochtadh i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais in aon chás inar faoi threoir Fhoirmle 1 a ullmhaítear an cuntas sochair agus dochair.

CUID III

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA AGUS RIALACHA LUACHÁLA

ALT A

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA

Réamhráiteach

11. Faoi réir mhír 18, déanfar na méideanna a bheidh le háireamh i ráitis airgeadais cuideachta i leith na n-ítimí a thaispeántar a chinneadh de réir na bprionsabal a leagtar amach i míreanna 12 go 17.

Prionsabail chuntasaíochta

12. Toimhdeofar go bhfuil an chuideachta ag seoladh gnó mar ghnóthas leantach.
13. Cuirfear beartais chuntasaíochta agus boinn tomhais i bhfeidhm go seasta ó bhliain airgeadais go chéile.
14. Déanfar méid aon ítime sna ráitis airgeadais a chinneadh ar bhonn críonna agus go háirithe—
 - (a) ní dhéanfar ach brabúis a bheidh réadaithe ar an dáta deiridh bliana airgeadais a áireamh sa chuntas sochair agus dochair,
 - (b) déanfar gach dliteanas a d'éirigh i gcaitheamh na bliana airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais, nó i gcaitheamh bliain airgeadais roimhe sin, a chur i gcuntas, fiú amháin mura dtagann na dliteanais sin chun suntais go dtí dáta idir an dáta deiridh bliana airgeadais agus an dáta ar a sínítear na ráitis airgeadais faoi alt 324, agus
 - (c) aithneofar gach coigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach, cibé acu is brabús nó cailteanas an toradh don bhliain airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais.
15. Déanfar an t-ioncam agus na caiteachais go léir a bhaineann leis an mbliain airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais a chur i gcuntas gan féachaint do dháta na fála nó na híocaíochta.
16. Le linn méid comhiomlán aon ítime a bheith á chinneadh, déanfar méid gach sócmhainne nó gach dliteanais a bheidh le cur i gcuntas a chinneadh ar leithligh.

17. Déanfar ítimí sa chuntas sochair agus dochair agus sa chlár comhardaithe a chur i gcuntas agus a thíolacadh ag féachaint d'ábhar an idirbhairt thuairiscithe nó na comhshocraíochta tuairiscithe de réir prionsabail chuntasaíochta is infheidhme.
18. Ní gá forálacha an Sceidil seo a chomhlíonadh i gcás nach bhfuil na méideanna atá i gceist ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.

Imeacht ó na prionsabail chuntasaíochta

19. Má dhealraíonn sé do stiúrthóirí cuideachta go bhfuil cúiseanna speisialta ann le himeacht ó aon cheann de na prionsabail a luaitear thuas le linn ráitis airgeadais na cuideachta a bheith á n-ullmhú in aon bhliain áirithe, féadfaidh siad imeacht amhlaidh uaidh, ach luafar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, sonraí faoi na cásanna inar imíodh uaidh, na cúiseanna a bhí leis agus an éifeacht a bhí leis an imeacht sin ar chlár comhardaithe na cuideachta agus ar chuntas sochair agus dochair na cuideachta.

ALT B

RIALACHA CUNTASAÍOCHTA UM CHOSTAS BUNOIDH

Réamhráiteach

20. Faoi réir ailt C agus D, déanfar na méideanna a bheidh le háireamh maidir leis na hítimí go léir a thaispeántar i ráitis airgeadais cuideachta a chinneadh de réir na rialacha atá leagtha amach i míreanna 21 go 30.

SÓCMHAINNÍ DOCHTA

Rialacha Ginearálta

21. Faoi réir aon choigeartú luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach arna dhéanamh de réir mhír 22 nó 23, is é méid a bheidh le háireamh maidir le haon sócmhainn dhocht a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe.

Rialacha le haghaidh díluachadh agus laghdú ar luach

22. I gcás aon sócmhainn dhocht a bhfuil teorainn lena saol eacnamúil úsáideach, déanfar—
 - (a) méid a praghais ceannaigh nó a costais táirgthe, nó
 - (b) i gcás go meastar go mbeidh iarmharluach ag aon sócmhainn den sórt sin an tráth a bheidh deireadh lena saol eacnamúil úsáideach, méid a praghais ceannaigh nó a costais táirgthe, lúide an t-iarmharluach measta sin,
 a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d'fhonn an méid sin a dhíscríobh go rianúil thar thréimhse shaol eacnamúil úsáideach na sócmhainne.

23. (1) I gcás go mbeidh laghdú tagtha ar luach sócmhainne airgeadais is de thuairisc atá le háireamh faoi ítim A.III i gceachtar de na foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II, féadfar choigeartuithe luacha a dhéanamh do laghdú ar luach maidir léi agus féadfar an méid atá le háireamh maidir léi a laghdú dá réir sin; agus déanfar aon choigeartuithe luacha den sórt sin nach dtaispeántar ar leithligh sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (2) Déanfar choigeartuithe luacha le haghaidh laghdú ar luach maidir le haon sócmhainn dhocht ar tháinig laghdú ar a luach más dócha gur buanlaghdú a bheidh sa laghdú sin ar a luach (bíodh nó ná bíodh teorainn lena saol eacnamúil úsáideach) agus déanfar an méid atá le háireamh maidir léi a laghdú dá réir sin; agus déanfar aon choigeartuithe luacha den sórt sin nach dtaispeántar ar leithligh sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (3) I gcás na cúiseanna ar a ndearnadh aon choigeartú luacha de réir fhomhíreanna (1) nó (2) a bheith scortha d'fheidhm a bheith acu go feadh méid ar bith, déanfar an choigeartú luacha sin a chúlscríobh a mhéid nach gá a thuilleadh é; agus déanfar aon mhéideanna a bheidh cúlscríofa de réir na fomhíre seo agus nach dtaispeántar sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Rialacha chun ítimí áirithe de shócmhainní dochta a chinneadh

24. (1) D'ainneoin ítim maidir le 'costais forbraíochta' a bheith ar áireamh faoi 'sócmhainní dochta' sna foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II, ní fhéadfar méid a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta maidir leis an ítim sin ach amháin in imthosca speisialta.
- (2) Má bhíonn méid ar áireamh i gclár comhardaithe cuideachta maidir le costais forbraíochta, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais—
- (a) an tréimhse ar thairsti atá méid na gcostas sin, mar a caipitlíodh i dtosach iad, á dhíscríobh nó le díscríobh, agus
- (b) na cúiseanna ar ar caipitlíodh na costais atá i gceist.
25. (1) Is faoi réir na bhforálacha seo a leanas den mhír seo a bheidh feidhm ag míreanna 21 go 24 i ndáil le cáilmheas agus costais forbraíochta (in aon chás ina n-áirítear cáilmheas nó costais forbraíochta mar shócmhainní) agus sócmhainní doláimhsithe eile.
- (2) Faoi réir fhomhír (3), déanfar—
- (a) méid na comaoine i leith aon cháilmheas a fuair cuideachta,
- (b) méid na gcostas forbraíochta a caipitlíodh, nó

(c) méid na sócmhainní doláimhsithe eile a aithníodh,

a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d'fhonn an méid sin a dhíscríobh go rianúil thar shaol eacnamúil úsáideach an cháilmheasa, na gcostas forbraíochta nó na sócmhainní doláimhsithe eile.

- (3) Más rud é, in imthosca eisceachtúla, nach féidir saol úsáideach an cháilmheasa a fuair cuideachta nó costais forbraíochta nó sócmhainní doláimhsithe eile a caipitlíodh a mheas go hiontaoifa, déanfar na méideanna dá dtagraítear i bhfomhíreanna (2)(a), (b) agus (c) a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d'fhonn na méideanna sin a dhíscríobh go rianúil thar thréimhse nach faide ná 10 mbliana.
- (4) In aon chás ina ndéantar aon cháilmheas a fuair cuideachta a thaispeáint nó a áireamh mar shócmhainn i gclár comhardaithe na cuideachta, nochtfar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, an tréimhse a roghnaíodh chun an chomaoin i leith an cháilmheasa sin a dhíscríobh agus na cúiseanna ar ar roghnaíodh an tréimhse sin.
- (5) Más rud é, de réir mhír 23(2), go mbeifear tar éis coigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach a aithint le haghaidh cáilmheasa, fiú má mheastar nach ann a thuilleadh don chúis leis an laghdú ar luach, ní fhreaschuirfear an coigeartú luacha mar a éilítear le mír 23(3).

SÓCMHAINNÍ REATHA

26. Faoi réir mhír 27, is é méid a bheidh le háireamh maidir le haon sócmhainn reatha a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe.
27. (1) Más lú glanluach inréadaithe aon sócmhainne reatha ná a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe, is é méid a bheidh le háireamh maidir leis an tsócmhainn sin an glanluach inréadaithe.
- (2) I gcás na cúiseanna ar a ndearnadh aon choigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach faoi fhomhír (1) a bheith scortha d'fheidhm a bheith acu go feadh méid ar bith, déanfar an coigeartú luacha sin a chúlscríobh a mhéid nach gá a thuilleadh é.

ILGHNÉITHEACH

An bhreis atá ag airgead dlite thar luach a fuarthas a bheith ina hitim shócmhainne

28. (1) I gcás gur mó an méid is inaisíochta ar aon fhiach atá dlite de chuideachta ná luach na comaoine a fuarthas san idirbheart ba bhun leis an bhfiach, féadfar méid na difríochta a áireamh mar shócmhainn.
- (2) I gcás aon mhéid den sórt sin a bheith ann—
- (a) déanfar é a dhíscríobh de mhéideanna réasúnta gach bliain agus beidh sé díscríofa go hiomlán sula n-aisíocfar an fiach, agus

- (b) mura ndéantar an méid nach bhfuil díscríofa a thaispeánt mar ítim ar leithligh i gclár comhardaithe na cuideachta, nochtfar é i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

PRAGHAS CEANNAIGH NÓ COSTAS TÁIRGTHE A CHINNEADH

29. (1) Cinnfear praghas ceannaigh sócmhainne trí aon chaiteachais a ghabh lena fáil a chur leis an bpraghas a íocadh iarbhír agus trí aon ioncam a ghabh lena fáil a asbhaint as an bpraghas a íocadh iarbhír.
- (2) Cinnfear costas táirgthe sócmhainne trí mhéid na gcostas a thabhaigh an chuideachta, agus is inchurtha go díreach i leith tháirgeadh na sócmhainne sin, a chur le praghas ceannaigh na mbunábhar agus na n-earraí inchaite a úsáideadh.
- (3) Ina theannta sin, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh i gcostas táirgthe sócmhainne—
- (a) cion réasúnach de na costais a thabhaigh an chuideachta agus nach inchurtha ach go neamhdhíreach i leith tháirgeadh na sócmhainne sin a mhéid amháin a bhaineann siad leis an tréimhse tháirgthe, agus
- (b) ús ar chaipiteal a fuarthas ar iasacht d'fhonn táirgeadh na sócmhainne sin a mhaoiniú, a mhéid a fhabhraíonn sé i leith na tréimhse táirgthe, ar choinníoll, áfach, i gcás a thagann faoi réim chlásal (b), go nochtfar i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais gur cuireadh an t-ús san áireamh le linn costas na sócmhainne sin a bheith á chinneadh, mar aon le méid an úis a cuireadh san áireamh amhlaidh.
- (4) Ní fhéadfar costais dáilte a áireamh i gcostais táirgthe.
30. (1) Faoi réir an agúis a luaitear i bhfomhír (2), féadfar praghas ceannaigh nó costas táirgthe—
- (a) aon sócmhainní a bheidh le háireamh faoi aon ítim a thaispeántar i gclár comhardaithe cuideachta faoin ítim ghinearálta ‘stoic’, agus
- (b) aon sócmhainní is sócmhainní idirmhalartacha (lena n-áirítear infheistíochtaí),
- a chinneadh trí aon cheann de na modhanna a luaitear i bhfomhír (3) a fheidhmiú i ndáil le haon sócmhainní den sórt sin ar den aicme chéanna iad.
- (2) Ní foláir modh a roghnú is dóigh leis na stiúrtóirí a bheith cuí ag féachaint do dhálaí na cuideachta.
- (3) Is iad seo a leanas na modhanna sin—
- (a) an modh ar a dtugtar ‘isteach i dtosach, amach i dtosach’ (ITAT),
- (b) meánphraghas ualaithe, agus

- (c) aon mhodh eile a léiríonn an dea-chleachtas a bhfuil glacadh coitianta leis.
- (4) Chun críoch na míre seo, measfar gur sócmhainní idirmhalartacha sócmhainní de thuirisc ar bith mura féidir, tríd is tríd, sócmhainní den tuairisc sin a idirdhealú óna chéile.

ALT C

RIALACHA CUNTASAÍOCHTA COMHROGHNACHA

Réamhráiteach

31. (1) Na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh a ghairtear ina dhiaidh seo sa Sceideal seo de na rialacha atá leagtha amach in alt B.
- (2) Na rialacha díluachta a ghairtear ina dhiaidh seo sa Chuid seo de na rialacha sin, cé is moite de mhíreanna 20, 29 agus 30; agus aon tagairtí ina dhiaidh seo sa Sceideal seo do na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh, ní fholaíonn siad na rialacha díluachta mar atá feidhm acu de bhua mhír 34.
32. Faoi réir mhíreanna 34 go 37, féadfar na méideanna a bheidh le háireamh maidir le sócmhainní d'aon tuairisc a luaitear i mír 33 a chinneadh ar aon bhonn a luaitear amhlaidh.

Rialacha cuntasaíochta comhroghnacha

33. (1) Féadfar sócmhainní dochta doláimhsithe, seachas cáilmheas, a áireamh de réir margadhluach arna chinneadh amhail mar a bhí ar an dáta is déanaí a luacháladh iad.
- (2) Féadfar sócmhainní dochta inláimhsithe a áireamh de réir margadhluach arna chinneadh amhail mar a bhí ar an dáta is déanaí a luacháladh iad.
- (3) Féadfar sócmhainní dochta airgeadais a áireamh—
- (a) de réir margadhluach arna chinneadh amhail mar a bhí ar an dáta is déanaí a luacháladh iad, nó
- (b) de réir luach arna chinneadh ar aon bhonn is dóigh leis na stiúrthóirí a bheith iomchuí ag féachaint do dhálaí na cuideachta,
- ach ní foláir, sa chás deiridh sin, sonraí faoin modh luachála a úsáideadh agus faoi na cúiseanna ar ar úsáideadh é a nochtadh i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (4) Féadfar leasanna rannpháirtíochta i ngnóthas comhlachaithe a áireamh faoin modh cuntasaíochta cothromais.
34. (1) I gcás go ndéantar luach aon sócmhainne de chuid cuideachta a chinneadh ar aon bhonn a luaitear i mír 33, is é an luach sin an méid a bheidh le

háireamh maidir leis an tsócmhainn sin i ráitis airgeadais na cuideachta, nó (de réir mar is gá) beidh an luach sin mar phointe tosaigh chun an méid sin a chinneadh, in ionad praghas ceannaigh nó chostas táirgthe na sócmhainne sin nó aon luach a cinneadh amhlaidh roimhe sin don tsócmhainn sin; agus beidh feidhm dá réir sin ag na rialacha díluachta i ndáil le haon sócmhainn den sórt sin ach tagairt don luach is déanaí a cinneadh don tsócmhainn sin ar aon bhonn a luaitear i mír 33 a chur in ionad aon tagairt dá praghas ceannaigh nó dá costas táirgthe.

- (2) An méid choigeartaithe a ghairtear ina dhiaidh seo sa mhír seo de mhéid aon choigeartaithe luacha le haghaidh díluachadh a cheanglaítear i gcás aon sócmhainn dhocht le mír 22 nó 23 mar atá feidhm aige de bhua fhomhír (1); agus méid an chostais bunaidh a ghairtear de mhéid aon choigeartaithe luacha a cheanglófaí leis an mír sin i gcás na sócmhainne sin de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh.
- (3) I gcás feidhm a bheith ag fomhír (1) i gcás aon sócmhainn dhocht, féadfaidh sé, maidir le méid aon choigeartaithe luacha le haghaidh díluachadh i leith na sócmhainne sin—
 - (a) a bheidh ar áireamh in aon ítim a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair i leith méideanna arna ndíscríobh ó shócmhainní den tuairisc atá i gceist, nó
 - (b) a bheidh curtha i gcuntas nuair a bheifear ag lua aon ítim arna taispeáint amhlaidh a cheanglaítear, le nóta (11) de na nótaí ar na foirmlí do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach i gCuid II, a lua tar éis aon choigeartuithe luacha is gá le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní atá ar áireamh fúithi a bheith curtha i gcuntas,

gurb é méid an chostais bunaidh é in ionad an mhéid choigeartaithe, ar choinníoll, más é atá i méid an choigeartaithe luacha le haghaidh díluachadh méid an chostais bunaidh, go ndéanfar méid aon difríochta idir an dá mhéid a thaispeáint ar leithligh sa chuntas sochair agus dochair nó i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Faisnéis bhreise i gcás imeacht ó na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh

35. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás go ndearnadh na méideanna atá le háireamh maidir le sócmhainní dochta a bheidh cuimsithe in aon ítimí a thaispeántar i ráitis airgeadais cuideachta a chinneadh ar aon bhonn a luaitear i mír 33.
- (2) Nochtfar, sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais ar na beartais cuntasaíochta arna nglacadh ag an gcuideachta mar a éilítear le halt 321, na hítimí a ndearnadh difear dóibh agus an bonn luachála a úsáideadh chun méideanna na sócmhainní atá i gceist i gcás gach ítime den sórt sin a chinneadh.

- (3) I gcás gach ítime sa chlár comhardaithe a ndearnadh difear di, déanfar na méideanna inchomórtais arna gcinneadh de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh a thaispeáint ar leithligh sa chlár comhardaithe nó i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (4) I bhfomhír (3), na tagairtí, i ndáil le haon ítim, do na méideanna inchomórtais arna gcinneadh mar a luaitear ansin is tagairtí iad—
- (a) don mhéid comhiomlán a cheanglófaí a thaispeáint maidir leis an ítim sin dá ndéanfaí na méideanna atá le háireamh maidir leis na sócmhainní go léir a bheidh cuimsithe san ítim sin a chinneadh de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh, agus
- (b) do mhéid comhiomlán na gcoigeartuithe luacha carnacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach a cheadófaí nó a cheanglófaí le linn na méideanna sin a bheith á gcinneadh de réir na rialacha sin.

Cúlchiste Athluachála

36. (1) Maidir le haon chinneadh a dhéanamh ar luach sócmhainne cuideachta ar aon bhonn a luaitear i mír 33(1) go (3), déanfar méid aon bhrabúis nó cailteanais a eascraíonn ón gcinneadh sin (tar éis lamháltas a dhéanamh, más cuí, d'aon choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach a rinneadh ar shlí seachas faoi threoir an luacha a cinneadh amhlaidh agus d'aon choigeartuithe ar aon choigeartuithe luacha den sórt sin a rinneadh ag féachaint don chinneadh sin) a chreidiúnú nó, de réir mar a bheidh, a fhéichiúnú do chúlchiste ar leithligh (dá ngairtear 'an cúlchiste athluachála' sa mhír seo).
- (2) Déanfar méid an chúlchiste athluachála a thaispeáint i gelár comhardaithe na cuideachta faoi fho-cheanteideal ar leithligh sa suíomh atá tugtha don ítim 'cúlchiste athluachála' faoi 'Caipiteal agus Cúlchistí' i bhFoirmle I nó 2 de na foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II.
- (3) Féadfar méid a aistriú—
- (a) ón gcúlchiste athluachála—
- (i) chuig an gcuntas sochair agus dochair, más rud é gur muirearaíodh an méid ar an gcuntas sin roimhe sin, nó gurb ionann é agus brabús réadaithe, nó
- (ii) ar chaipitliú,
- nó
- (b) chuig an gcúlchiste athluachála, nó uaidh, i leith na cánach i ndáil le haon bhrabús nó cailteanas a creidiúnaíodh nó a fhéichiúnaíodh don chúlchiste,

agus laghdófar an cúlchiste athluachála a mhéid nach mbeidh gá a thuilleadh, chun críoch na modhanna luachála a bheidh in úsáid, leis na méideanna a bheidh aistrithe chuige.

- (4) I bhfomhír (3)(a)(ii), ciallaíonn ‘caipitliú’, i ndáil le méid a bheidh chun creidmheas an chúlchiste athluachála, é a chur chun feidhme i scaireanna neamheisithe láníochta nó páirtíochta sa chuideachta a bheidh le leithroinnt ar chomhaltaí de chuid na cuideachta mar scaireanna láníochta nó páirtíochta.
- (5) Ní dhéanfar laghdú ar an gcúlchiste athluachála ach amháin mar a luaitear sa mhír seo.
- (6) Déanfar an chaoi ar déileáladh, chun críoch cánachais, le méideanna a creidiúnaíodh nó a féichiúnaíodh don chúlchiste athluachála a nochtadh i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Cuntas a thabhairt i leith leasanna rannpháirtíochta áirithe i ráitis airgeadais eintitis

37. (1) Más rud é, de réir mhír 33(4), go ndéanfar leas cuideachta i ngnóthas comhlachaithe ina mbeidh leas rannpháirtíochta ar teachtadh, agus an méid brabúis nó cailleanais is inchurtha i leith an leasa sin, a áireamh sna ráitis airgeadais tríd an modh cuntasáíochta cothromais, déileálfar de réir mhíreanna 21 go 23 agus 25 le haon cháilmheas a eascróidh.
- (2) I gcás gur gnóthas sealbhaíochta an gnóthas ina mbeidh leas rannpháirtíochta ar teachtadh é féin, is iad glansócmhainní agus glanbhrabúis nó glanchaillteanais an ghnóthais sealbhaíochta agus a fhoghnóthas (tar éis aon choigeartuithe comhdhlúthaithe a dhéanamh) na glansócmhainní agus na glanbhrabúis nó na glanchaillteanais a bheidh le cur i gcuntas.
- (3) I gcás gur mó ná an méid carnach díbhinní a fuarthas nó is infhaighte an brabús carnach is inchurtha i leith an leasa rannpháirtíochta agus a bheidh aitheanta sa chuntas sochair agus dochair, cuirfear méid na difríochta i gcúlchiste ar leithligh, agus ní fhéadfar an cúlchiste sin a dháileadh ar scairshealbhóirí.

CUID D

RIALACHA CUNTASAÍOCHTA LUACHA CHÓIR

Ionstraimí airgeadais a áireamh ar luach cóir

38. (1) Maidir le hionstraimí airgeadais a bhféadfar, faoi CITAnna, cuntas a thabhairt iontu i ráitis airgeadais ar luach cóir, féadfar cuntas a thabhairt iontu amhlaidh i ráitis airgeadais lena mbaineann forálacha an Sceidil seo, ar choinníoll go ndéanfar an nochtadh a cheanglaítear a dhéanamh le CITAnna.

- (2) Sa mhír seo, ciallaíonn ‘luach cóir’ luach cóir a chinnfear de réir CITAnna iomchuí.

Mireanna fálaithe

39. Féadfaidh cuideachta aon sócmhainní nó dlíteanais, nó codanna sainaitheanta de na sócmhainní nó na dlíteanais sin, a cháilíonn mar mhíreanna fálaithe faoi chóras cuntasaíochta fálaithe luacha chóir a áireamh de réir an mhéid is gá faoin gcóras sin.

Sócmhainní eile a fhéadfar a áireamh ar luach cóir

40. (1) Tá feidhm ag an mír seo—
- (a) maidir le maoin infheistíochta, agus
- (b) maidir le hainmhithe agus plandaí beo,
- a fhéadfar, faoi chaighdeán idirnáisiúnta iomchuí um thuairisciú airgeadais, a áireamh i ráitis airgeadais ar luach cóir.
- (2) Féadfar maoin infheistíochta den sórt sin agus ainmhithe agus plandaí den sórt sin a áireamh ar luach cóir, ar choinníoll go ndéanfar gach maoin infheistíochta den sórt sin nó, de réir mar a bheidh, gach ainmhí agus planda beo den sórt sin a áireamh amhlaidh i gcás go bhféadfar a luach cóir a chinneadh go hiontaofa.
- (3) Sa mhír seo, ciallaíonn ‘luach cóir’ luach cóir arna chinneadh de réir CITAnna iomchuí.

Cuntas a thabhairt in athruithe ar luach cóir

41. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás go luachálfar ionstraim airgeadais ar luach cóir de réir mhír 38 nó 39 nó i gcás go luachálfar sócmhainn de réir mhír 40.
- (2) D’ainneoin mhír 14, déanfar athrú ar luach cóir maoin infheistíochta nó ainmhí nó planda beo a áireamh sa chuntas sochair agus dochair.
- (3) D’ainneoin mhír 14, tabharfar cuntas in athrú ar luach cóir ionstraime airgeadais de réir CITAnna agus a mhéid nach mbeidh an t-athrú ar luach cóir ar áireamh sa chuntas sochair agus dochair, déanfar méid an athraithe ar an luach a chreidiúnú nó (de réir mar a bheidh) a fhéichiúnú do chúlchiste ar leithligh ar a dtabharfar ‘an cúlchiste luacha chóir’.

An cúlchiste luacha chóir

42. (1) Déanfar coigeartú ar an gcúlchiste luacha chóir nuair nach mbeidh gá a thuilleadh le méideanna a bheidh ann chun críocha mhír 41(3).
- (2) Déanfar an chaoi ar ar déileáladh, chun críoch cánachais, le méideanna a creidiúnaíodh nó a féichiúnaíodh don chúlchiste luacha chóir a nochtadh i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

CUID 1V

FAISNÉIS A CHEANGLÁITEAR A THABHAIRT I NÓTAÍ A BHEIDH AG GABHÁIL LE RÁITIS AIRGEADAIS

Réamhráiteach

43. (1) Aon fhaisnéis a cheanglaítear ar aon chuideachta a thabhairt leis na forálacha ina dhiaidh seo den Chuid seo, ní foláir í a thabhairt i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais na cuideachta (mura mbeidh sí tugtha sna ráitis airgeadais féin).
- (2) Tiolacfar na nótaí sin san ord ina ndéanfar, más iomchuí, na hítimí lena mbaineann siad a thíolacadh sa chlár comhardaithe agus sa chuntas sochair agus dochair.

Faisnéis is forlíonadh ar an gclár comhardaithe

44. Ceanglaítear, le míreanna 45 go 58, faisnéis a thabhairt a dhéanann forlíonadh ar an bhfaisnéis a thugtar maidir le haon ítimí áirithe a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó atá ábhartha thairis sin chun staid airgeadais na cuideachta a mheasúnú ag féachaint don fhaisnéis a thugtar amhlaidh.

Bintiúir

45. (1) Má d'eisigh an chuideachta aon bhintiúir le linn na bliana airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) an chúis ar a ndearnadh an eisiúint;
- (b) na haicmí bintiúir a eisíodh;
- (c) maidir le gach aicme bintiúir, an méid a eisíodh agus an chomaoin a fuair an chuideachta i leith na heisiúna.
- (2) I gcás aon cheann de bhintiúir na cuideachta a bheith á shealbhú ag ainmnitheach nó iontaobhaí don chuideachta, luafar méid ainmniúil na mbintiúir agus an méid a luaitear i ndáil leo sna taifid chuntasaíochta a choimeádann an chuideachta de réir alt 281.

Sócmhainní dochta

46. (1) Maidir le gach ítim a thaispeántar, nó a thaispeánfaí murach míreanna 2(2) agus 4(4)(b), faoin ítim ghinearálta 'sócmhainní dochta' i gclár comhardaithe na cuideachta, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) na méideanna cuí maidir leis an ítim sin amhail mar a bhí ar dháta thosach na bliana airgeadais agus ar an dáta deiridh bliana airgeadais, faoi seach;
- (b) an éifeacht a bhí leis na nithe seo a leanas ar aon mhéid a thaispeántar sa chlár comhardaithe maidir leis an ítim sin, eadhon—

- (i) aon athbhreithniú ar an méid maidir le haon sócmhainní atá ar áireamh faoin ítim sin ar athbhreithniú é a rinneadh le linn na bliana sin ar aon bhonn a luaitear i mír 33 nó faoi na rialacha cuntasaíochta luacha chóir,
 - (ii) aon sócmhainní a fuarthas le linn na bliana sin,
 - (iii) aon sócmhainní a diúscaíodh le linn na bliana sin, agus
 - (iv) aon sócmhainní de chuid na cuideachta a aistríodh chuig an ítim sin, nó ón ítim sin, le linn na bliana sin.
- (2) An tagairt i bhfomhír (1)(a) do na méideanna cuí maidir le haon ítim amhail mar a bhí ar aon dáta a luaitear ansin, is tagairt í do mhéideanna a fhreagraíonn do na méideanna comhiomlána arna gcinneadh, amhail ar an dáta sin, maidir le sócmhainní a bheidh le háireamh faoin ítim sin—
- (a) ar bhonn an phraghais ceannaigh nó an chostais táirgthe (arna gcinneadh de réir mhíreanna 29 agus 30),
 - (b) ar aon bhonn a luaitear i mír 33, nó
 - (c) faoi na rialacha cuntasaíochta luacha chóir,
- de réir mar a bheidh (ach gan aon choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach a chur i gcuntas i gceann ar bith de chlásail (a), (b) agus (c)).
- (3) Maidir le gach ítim a thagann faoi réir fhomhír (1), luafar freisin—
- (a) méid carnach na gchoigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní atá ar áireamh faoin ítim sin amhail mar a bhí ar gach dáta a luaitear i bhfomhír (1)(a),
 - (b) méid aon choigeartuithe luacha den sórt sin a rinneadh i leith na bliana airgeadais lena mbaineann,
 - (c) méid aon athruithe a rinneadh i leith aon choigeartuithe luacha den sórt sin le linn na bliana sin de thoradh aon sócmhainní a dhiúscairt, agus
 - (d) méid aon athruithe eile a rinneadh i leith aon choigeartuithe luacha den sórt sin le linn na bliana sin.
47. I gcás aon sócmhainní dochta de chuid na cuideachta (seachas infheistíochtaí liostaithe) a bheith ar áireamh faoi aon ítim a thaispeántar i gclár comhardaithe na cuideachta de réir méid arna chinneadh ar aon bhonn a luaitear i mír 33(1) go (3), tabharfar an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) na blianta (sa mhéid go mbeidh siad ar eolas ag na stiúrthóirí) inar luacháladh na sócmhainní go leithleach agus na luachanna leithleacha;

- (b) i gcás sócmhainní a luacháladh le linn na bliana airgeadais, ainmneacha na ndaoine a luacháil iad nó sonraí i dtaobh na gcáilíochtaí a bhí acu chun sin a dhéanamh agus (i gceachtar cás) na boinn luachála a d'úsáid siad.

Sócmhainní airgeadais agus infheistíochtaí atá á sealbhú mar shócmhainní reatha

48. (1) Maidir le méid gach ítime a thaispeántar, nó a thaispeánfaí murach míreanna 2(2) nó 4(4)(b), i gclár comhardaithe na cuideachta faoi na hítimí ginearálta ‘sócmhainní airgeadais’ nó ‘infheistíochtaí atá á sealbhú mar shócmhainní reatha’, luafar cén méid den mhéid sin is inchurtha síos d’infheistíochtaí liostaithe.
- (2) I gcás go bhfuil méid aon infheistíochtaí liostaithe maidir le haon ítim de réir fhomhír (1), luafar freisin luach cóir na n-infheistíochtaí sin i gcás go bhfuil difríocht idir é agus an méid a luaitear amhlaidh.

Faisnéis i dtaobh luacháil chóir sócmhainní agus dliteanas

49. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás go ndearnadh ionstraimí airgeadais nó sócmhainní seachas ionstraimí airgeadais a áireamh ar luach cóir de bhua mhíreanna 38, 39 nó 40.
- (2) Luafar—
- (a) na toimhdí suntasacha is bun leis na múnlaí agus na teicnící luachála i gcás gur cinneadh luachanna córa ar shlí seachas faoi threoir an mhargadhphraghais i margadh gníomhach,
- (b) maidir le gach earnáil ionstraimí airgeadais nó sócmhainní seachas ionstraimí airgeadais, luach cóir na n-ionstraimí airgeadais nó na sócmhainní, seachas ionstraimí airgeadais, san earnáil sin agus na méideanna—
- (i) a áireofar sa chuntas sochair agus dochair, agus
- (ii) a dhéanfar a chreidiúnú nó a fhéichiúnú don chúlchiste luacha chóir,
- i leith ionstraimí airgeadais nó sócmhainní, seachas ionstraimí airgeadais, san earnáil sin,
- (c) maidir le gach ionstraim airgeadais, méid agus cineál na n-ionstraimí lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha suntasacha a fhéadfaidh difear a dhéanamh do mhéid, uainiú agus cinnteacht sreafaí airgid sa todhchaí, agus
- (d) tábla ina dtaispeánfar gluaiseachtaí sa chúlchiste luacha chóir le linn na bliana airgeadais.

50. I gcás go mbeidh ionstraimí airgeadais díorthacha ag an gcuideachta nach mbeidh cuntas tugtha aici iontu ar luach cóir, luafar maidir le gach aicme de na díorthaigh sin—
- (a) luach cóir na ndíorthach san aicme sin, más féidir luach den sórt sin a chinneadh de réir mhír 38, agus
 - (b) méid agus cineál na ndíorthach.
51. Más rud é—
- (a) go mbeidh sócmhainní airgeadais ag cuideachta a d'fhéadfaí a áireamh ar luach cóir de bhua mhír 38,
 - (b) go n-áirítear na sócmhainní sin i ráitis airgeadais na cuideachta ar mhéid is mó ná a luach cóir, agus
 - (c) nach mbeidh coigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach na sócmhainní sin déanta ag an gcuideachta de réir mhír 23(1),
luafar—
 - (i) an méid a luaitear i ndáil leis na sócmhainní leithleacha nó grúpálacha cuí de na sócmhainní sin i ráitis airgeadais na cuideachta,
 - (ii) luach cóir na sócmhainní sin nó na ngrúpálacha sin, agus
 - (iii) na cúiseanna nach ndéantar coigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach na sócmhainní sin, lena n-áirítear cineál na fianaise is bonn lena chreidiúint go ngnóthófar an méid a luaitear i ndáil leo sna ráitis airgeadais.

Faisnéis i gcás go n-áireofar maoin infheistíochta nó ainmhithe agus plandaí beo ar luach cóir

52. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás go ndearnadh na méideanna a bheidh le háireamh i ráitis airgeadais cuideachta i leith maoin infheistíochta nó ainmhithe agus plandaí beo a chinneadh de réir mhír 40.
- (2) Nochtfar, sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais ar na beartais chuntasaíochta arna nglacadh ag an gcuideachta mar a éilítear le halt 321, na hítimí sa chlár comhardaithe a ndearnadh difear dóibh agus an bonn luachála a úsáideadh chun méideanna na sócmhainní atá i gceist i gcás gach ítime den sórt sin a chinneadh.

Díbhinní, cúlchistí agus soláthairtí le haghaidh dliteanas

53. (1) Taispeánfar i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, i gclár comhardaithe cuideachta nó sna nótaí a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais cuideachta do bhliain airgeadais—

- (a) méid comhiomlán na ndíbhinní a íocadh le linn na bliana airgeadais (seachas díbhinní a raibh dliteanas ann ina leith ar an dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin),
 - (b) méid comhiomlán na ndíbhinní a dhlífidh an chuideachta a íoc ar an dáta deiridh bliana airgeadais (seachas díbhinní a raibh dliteanas ann ina leith ar an dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin),
 - (c) ar leithligh, aon aistriú idir an cúlchiste cuntais sochair agus dochair agus cúlchistí eile,
 - (d) aon mhéadú nó laghdú eile ar iarmhéid an chúlchiste cuntais sochair agus dochair ón dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin,
 - (e) an brabús nó an cailteanas a tugadh anall i dtosach na bliana airgeadais, agus
 - (f) an brabús nó an cailteanas a thugtar anonn i ndeireadh na bliana airgeadais.
- (2) Luafar i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais méid comhiomlán na ndíbhinní a mholfaidh na stiúrthóirí lena cheadú ag na comhaltaí ag an gcéad chruinniú ginearálta eile.

54. (1) I gcás go n-aistreofar aon mhéid—

- (a) chuig aon cúlchistí nó uathu,
- (b) chuig aon soláthar le haghaidh dliteanas, nó
- (c) ó aon soláthar le haghaidh dliteanas seachas chun na críche ar chuici a bunaíodh an soláthar,

agus go dtaispeántar, nó go dtaispeánfaí murach mír 4(4)(b), na cúlchistí nó na soláthairtí le haghaidh dliteanas mar ítimí ar leithligh i gclár comhardaithe na cuideachta, tabharfar an fhaisnéis a luaitear i bhfomhír (2) maidir le gach cúlchiste den sórt sin nó gach soláthar den sórt sin le haghaidh dliteanas.

(2) Leagfar an fhaisnéis amach i bhfoirm tábla, agus is éard í an fhaisnéis sin—

- (a) méid na gcúlchistí nó na soláthairtí le haghaidh dliteanas amhail mar a bhí ar dháta thosach na bliana airgeadais agus ar an dáta deiridh bliana airgeadais, faoi seach,
- (b) aon mhéid a aistríodh chuig na cúlchistí nó na soláthairtí le haghaidh dliteanas, nó uathu, le linn na bliana sin, agus
- (c) foinse agus feidhm, faoi seach, aon mhéideanna a aistríodh amhlaidh.

- (3) Tabharfar sonraí i dtaobh gach soláthair atá ar áireamh san ítim ‘soláthairtí eile le haghaidh dliteanas’ i gclár comhardaithe na cuideachta in aon chás inarb ábhartha méid an tsoláthair sin.

Soláthar le haghaidh cánachais

55. Déanfar méid aon soláthair le haghaidh cánachas iarchurtha a thaispeáint ar leithligh ó mhéid aon soláthair maidir le cánachas eile.

Mionsonraí i dtaobh féichiúnais

56. (1) Maidir le gach ítim a thaispeántar faoi ‘creidiúnaithe’ i gclár comhardaithe na cuideachta, luafar méid comhiomlán aon fhiach atá ar áireamh faoin ítim sin agus a bheidh le híoc nó le haisioc tar éis dheireadh na tréimhse 5 bliana dar tosach an lá díreach i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais.
- (2) Faoi réir fhomhír (3), i ndáil le gach fiach a bheidh le cur i gcuntas faoi fhomhír (1), luafar téarmaí na híocaíochta nó na haisiocaíochta agus ráta aon úis is iníoctha ar an bhfiach.
- (3) Más rud é gurb é tuairim na stiúrthóirí go bhfágann líon na bhfiach go mbeadh de thoradh ar fhomhír (2) a chomhlíonadh gur rófhada ráiteas, is leor é léiriú ginearálta a thabhairt ar théarmaí na híocaíochta nó na haisiocaíochta agus rátaí aon úis is iníoctha ar na fiacha.
- (4) Maidir le gach ítim a thaispeántar faoi ‘creidiúnaithe’ i gclár comhardaithe na cuideachta, luafar—
- (a) méid comhiomlán aon fhiach atá ar áireamh faoin ítim sin agus a mbeidh aon urrús tugtha ina leith, agus
- (b) léiriú ar chineál na n-urrús a tugadh amhlaidh.
- (5) Aon tagairtí i bhfomhír (1) d’ítim a thaispeántar faoi ‘creidiúnaithe’ i gclár comhardaithe na cuideachta foláionn siad, i gcás ina ndéantar idirdhealú sa chlár comhardaithe idir méideanna a bheidh le híoc le creidiúnaithe laistigh de bhliain amháin agus tar éis breis agus bliain amháin—
- (a) in aon chás a thagann faoi réim fhomhír (1), tagairtí d’ítim a thaispeántar faoin dara hearnáil díobh sin, agus
- (b) in aon chás a thagann faoi réim fhomhír (4), tagairtí d’ítim a thaispeántar faoi cheachtar de na hearnálacha sin,
- agus foláionn tagairtí d’ítimí a thaispeántar faoi ‘creidiúnaithe’ tagairtí d’ítimí a thaispeánfaí faoin gceannteideal sin murach míreanna 2(2) nó 4(4)(b).
57. Má bhíonn aon díbhinní carnacha dochta ar scaireanna na cuideachta i riaráiste, luafar, agus idirdhealú á dhéanamh idir na scaireanna sin a thíolactar mar dhliteanas agus scaireanna eile—
- (a) méid na riaráistí, agus

- (b) tréimhse riaráiste na ndíbhinní nó, má tá breis agus aicme amháin ann, tréimhse riaráiste gach aicme díobh.

Ráthaíochtaí agus oibleagáidí airgeadais eile

58. (1) Tabharfar sonraí faoi aon mhuirear ar shócmhainní na cuideachta chun dliteanais aon duine eile a urrú, lena n-áirítear, más indéanta é, an méid a urraíodh.
- (2) Tabharfar sonraí agus an méid iomlán nó an méid iomlán measta maidir le haon oibleagáid, ráthaíocht nó teagmhas airgeadais eile nár soláthraíodh di nó dó sa chlár comhardaithe.
- (3) Tabharfar sna ráitis airgeadais léiriú ar chineál agus ar fhoirm aon urrúis luachmhair a thabharfaidh an chuideachta i dtaca leis na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais dá dtagraítear i bhfomhír (2).
- (4) Déanfar méid iomlán aon oibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír (2) i dtaca le sochair scoir a nochtadh ar leithligh.
- (5) Tabharfar sonraí, lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh toimhdí suntasacha is bun leis na múnlaí luachála, i dtaobh oibleagáidí sochair scoir a bheidh ar áireamh sa chlár comhardaithe.
- (6) I gcás go mbaineann aon oibleagáid dá dtagraítear i bhfomhíreanna (4) nó (5) go hiomlán nó go páirteach le sochair scoir is iníoctha le hiarstiúrthóirí de chuid na cuideachta, tabharfar sonraí ar leithligh i dtaobh na hoibleagáide sin.
- (7) Déanfar méid comhiomlán aon oibleagáidí, ráthaíochtaí nó teagmhas dá dtagraítear i bhfomhír (2) agus a ghabhfar de lámh thar ceann nó chun tairbhe aon cheann díobh seo a leanas—
- (a) aon ghnóthas sealbhaíochta nó comh-fhoghnóthas den chuideachta,
- (b) aon fhoghnóthas den chuideachta, nó
- (c) aon ghnóthas ina mbeidh leas rannpháirtíochta ag an gcuideachta,
- a lua ar leithligh agus déanfar freisin na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais a thagann faoi réim gach ceann de chlásail (a), (b) agus (c) a lua ar leithligh ó na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais a thagann faoi réim aon cheann eile de na clásail sin.

Faisnéis is forlíonadh ar an gcuntas sochair agus dochair

59. Ceanglaítear, le míreanna 60 go 63, faisnéis a thabhairt a dhéanann forlíonadh ar an bhfaisnéis a thugtar maidir le haon ítimí áirithe a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair nó a thugann sonraí thairis sin faoi ioncam nó caiteachas na cuideachta nó faoi imthosca a dhéanann difear do na hítimí a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair.

Ráiteas ar leithligh i dtaobh ítimí áirithe ioncaim agus caiteachais

60. Luafar gach ceann de na méideanna seo a leanas—
- (a) méid an úis ar na nithe seo a leanas nó aon chaiteachais dá shamhail ina leith—
 - (i) iasachtaí agus rótharraingtí a thug forais chreidmheasa don chuideachta,
 - (ii) iasachtaí a fuair an chuideachta ó ghrúpghnóthais,
 - (iii) iasachtaí d'aon chineál eile a tugadh don chuideachta,agus
 - (b) méid an ioncaim ó infheistíochtaí liostaithe agus neamhliostaithe.

Sonraí i dtaobh cánach

61. (1) Luafar an bonn ar a ríomhtar an muirear cánach corparáide, cánach ioncaim agus cánachais eile ar bhrabúis (cibé acu is iníoctha laistigh nó lasmuigh den Stát).
- (2) Tabharfar sonraí i dtaobh aon imthosca speisialta a dhéanann difear don dliteanas i leith cánachas ar bhrabúis, ar ioncam nó ar ghnóchain chaipitiúla don bhliain airgeadais lena mbaineann nó don dliteanas i leith cánachas ar bhrabúis, ar ioncam nó ar ghnóchain chaipitiúla do bhlianta airgeadais dá éis sin.
- (3) Luafar méid an mhuirir i leith cáin chorparáide, cáin ioncaim agus cánachas eile ar bhrabúis nó ar ghnóchain chaipitiúla, a mhéid a mhuirearaítear ar ioncam iad, lena n-áirítear cánachas is iníoctha lasmuigh den Stát ar bhrabúis (agus idirdhealú á dhéanamh, más indéanta é, idir cáin chorparáide agus cánachas eile).
- (4) Déanfar na méideanna dá dtagraítear i bhfomhír (3) a lua ar leithligh maidir le gach méid de na méideanna a thaispeántar, nó a thaispeánfaí murach alt 4(4)(b), faoin ítim seo a leanas sa chuntas sochair agus dochair, is é sin le rá, 'cáin ar bhrabús nó caillteanas'.

Sonraí i dtaobh láimhdeachais

62. (1) Más rud é, i gcaitheamh na bliana airgeadais, gur sheol an chuideachta gnó de 2 aicme nó níos mó a bhfuil, i dtuairim na stiúrthóirí, difríocht mhór eatarthu, luafar, maidir le gach aicme (agus tuairisc á tabhairt ar an aicme) méid an láimhdeachais is inchurtha i leith na haicme sin.

- (2) Más rud é, i gcaitheamh na bliana airgeadais, go ndearna an chuideachta riar ar mhargaí a bhfuil, i dtuairim na stiúrthóirí, difríocht mhór eatarthu, luafar freisin méid an láimhdeachais is inchurtha i leith gach margaidh den sórt sin.
- (3) I bhfomhír (2), ciallaíonn ‘margadh’ margadh a bhfuil a theorainneacha socraithe ar bhonn geografach.
- (4) Nuair a bheifear, chun críocha na míre seo, ag déanamh anailísiú ar fhoinsé (ó thaobh gnó de nó ó thaobh margaidh de) láimhdeachais, beidh aird ag stiúrthóirí na cuideachta ar an gcaoi ina n-eagraítear gníomhaíochtaí na cuideachta.
- (5) Chun críoch na míre seo—
- (a) áireofar mar aicme amháin aicmí gnó nach bhfuil, i dtuairim na stiúrthóirí, difríocht mhór eatarthu, agus
- (b) áireofar mar mhargadh amháin margaí nach bhfuil, i dtuairim na stiúrthóirí, difríocht mhór eatarthu,
- agus aon mhéideanna is inchurtha go cuí i leith aicme gnó amháin nó (de réir mar a bheidh) margadh amháin, ach nach méideanna iad a bhaineann le hábhar, féadfar iad a áireamh sa mhéid a luaitear maidir le haicme eile.
- (6) I gcás go ndéanfaí, i dtuairim na stiúrthóirí, dochar mór do leasanna na cuideachta dá nochtfaí aon fhaisnéis a cheanglaítear leis an mír seo, ní gá an fhaisnéis sin a nochtadh, ach luafar nach bhfuil an fhaisnéis sin á nochtadh.

Ítimí eisceachtúla agus nithe ilghnéitheacha

63. (1) I gcás go mbeidh aon mhéid a bhaineann le haon bhliain airgeadais roimhe sin ar áireamh in aon ítim sa chuntas sochair agus dochair, luafar an éifeacht a bhí leis sin.
- (2) Nochtfar sa chuntas sochair agus dochair nó sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais faisnéis maidir le cineál, méid agus éifeacht ítimí leithleacha ioncaim agus caiteachais is ítimí eisceachtúla ó thaobh méide nó tarlachtainte.
- (3) Luafar aon mhéid a caitheadh ar thaighde agus forbairt sa bhliain airgeadais agus aon mhéid atá geallta le haghaidh taighde agus forbartha i mblianta dá éis sin.
- (4) I gcás go ndéanfaí, i dtuairim na stiúrthóirí, dochar do leasanna na cuideachta dá nochtfaí aon fhaisnéis a cheanglaítear le fomhír (3), ní gá an fhaisnéis sin a nochtadh ach luafar nach bhfuil an fhaisnéis sin á nochtadh.

Faisnéis ghinearálta

64. Ceanglaítear le míreanna 65 go 67 faisnéis eile a thabhairt sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Idirbhearta páirtithe gaolmhara

65. (1) Faoi réir fhomhír (3), tabharfar sonraí sna nótaí a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais cuideachta maidir le hidirbhearta a rinne an chuideachta le páirtithe gaolmhara más rud é gur idirbhearta ábhartha iad na hidirbhearta sin agus nach mbeidh siad curtha i gcrích faoi ghnáthdhálaí margaidh agus áireofar sna sonraí méid na n-idirbheart sin, cineál an chaidrimh leis an bpáirtí gaolmhar agus faisnéis eile maidir leis na hidirbhearta is gá chun staid airgeadais na cuideachta a thuiscint.
- (2) Féadfar soláthar sonraí agus faisnéise eile i dtaobh idirbhearta aonair a chomhiomlánú de réir a gcineáil, ach amháin i gcás gur gá faisnéis ar leithligh chun na héifeachtaí atá ag idirbhearta páirtithe gaolmhara ar staid airgeadais na cuideachta a thuiscint.
- (3) Ní bheidh feidhm ag fhomhír (1) maidir le hidirbhearta a dhéanfaidh 2 chomhalta nó níos mó de ghrúpa más foghnóthas faoi lánúinéireacht ag comhalta den sórt sin aon fhoghnóthas is páirtí san idirbheart.
- (4) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa mhír seo, agus a úsáidtear freisin in CITAnna, an bhrí chéanna sa mhír seo atá leis nó léi in CITAnna.

Airgeadraí coigríche

66. I gcás aon suimeanna a ainmníodh i dtosach in airgeadraí coigríche a bheith curtha i gcuntas faoi aon ítimí a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó sa chuntas sochair agus dochair, luafar an bonn ar ar aistríodh na suimeanna sin go euro nó, más airgeadra éagsúil é, go hairgeadra feidhme na cuideachta.

Teagmhais tar éis dheireadh na bliana airgeadais

67. Is sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais a thabharfar na sonraí i dtaobh teagmhais ábhartha a tharla tar éis dheireadh na bliana airgeadais agus tionchar airgeadais na dteagmhas sin.

CUID V

FORÁLACHA SPEISIALTA I GCÁS GUR CUIDEACHTA SEALBHAÍOCHTA NÓ FOGHNÓTHAS CUIDEACHTA

Déileálacha le grúpghnóthais nó leasanna sa chéanna

68. (1) Tá feidhm ag an gCuid seo i gcás gur cuideachta sealbhaíochta an chuideachta, cibé acu is foghnóthas í féin nó nach ea.

(2) I gcás gur cuideachta sealbhaíochta nó foghnóthas cuideachta agus go n-áirítear in aon ítim a cheanglaítear le Cuid II a thaispeáint i gclár comhardaithe na cuideachta, i ndáil le grúpghnóthais, na méideanna seo a leanas—

(a) méideanna is inchurtha i leith déileálacha le haon ghnóthas sealbhaíochta nó le haon chomh-fhoghnóthas, nó i leith leasanna in aon ghnóthas den sórt sin, nó

(b) méideanna is inchurtha i leith déileálacha le haon fhoghnóthas de chuid na cuideachta, nó i leith leasanna in aon ghnóthas den sórt sin,

déanfar na méideanna comhiomlána a thagann faoi réim chláisail (a) agus (b), faoi seach, a thaispeáint mar ítimí ar leithligh tríd an ítim iomchuí sa chlár comhardaithe a fhoroinnt, nó i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais na cuideachta.

Leasanna i mbintiúir cuideachta sealbhaíochta atá á sealbhú ag foghnóthais

69. (1) Faoi réir fhomhír (2), i gcás gur cuideachta sealbhaíochta an chuideachta, déanfar líon, tuairisc agus méid na mbintiúir de chuid na cuideachta atá á sealbhú ag a foghnóthais nó a n-ainmnithigh a nochtadh i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais na cuideachta.

(2) Níl feidhm ag fomhír (1) i ndáil le haon bhintiúir—

(a) a bhfuil baint ag an bhfoghnóthas leo mar ionadaí pearsanta, nó

(b) a bhfuil baint aige leo mar iontaobhaí,

ar choinníoll, sa chás deiridh sin, nach bhfuil ag an gcuideachta ná ag foghnóthas den chuideachta leas tairbhiúil faoin iontaobhas, seachas ar mhodh urrúis amháin chun críoch idirbhirt a rinne sí nó sé i ngnáthchúrsa gnó ar cuid de airgead a thabhairt ar iasacht.

Gnóthais sealbhaíochta d'ullmhú ráitis airgeadais grúpa

70. (1) I gcás gur foghnóthas cuideachta, luafar an fhaisnéis a shonraítear i bhfomhíreanna (2), (3) agus (4) maidir le gnóthas sealbhaíochta—

(a) an ghrúpa gnóthas is mó a bhfuil ráitis airgeadais grúpa tarraingthe suas dó agus a bhfuil an chuideachta ina comhalta de, agus

(b) an ghrúpa gnóthas is lú den sórt sin.

(2) Luafar ainm an ghnóthais sealbhaíochta.

(3) Luafar—

- (a) i gcás go bhfuil an gnóthas sealbhaíochta corpraithe, seoladh oifig chláraithe an ghnóthais sealbhaíochta, nó, i gcás go bhfuil an gnóthas sealbhaíochta corpraithe lasmuigh den Stát, oifig chláraithe (cibé tuairisc atá uirthi) an ghnóthais sealbhaíochta sa tír ina bhfuil sé corpraithe, nó
 - (b) i gcás go bhfuil sé neamhchorpraithe, seoladh a phríomháite gnó.
- (4) I gcás go bhfuil cóipeanna de na ráitis airgeadais grúpa dá dtagraítear i bhfomhír (1) ar fáil don phobal, luafar na seoltaí ónar féidir cóipeanna de na ráitis airgeadais a fháil.

Forálacha a bhfuil feidhm ghinearálta acu

71. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás gur cuideachta sealbhaíochta cuideachta agus—

- (a) nach n-ullmhaíonn sí ráitis airgeadais grúpa, nó
- (b) go n-ullmhaíonn sí ráitis airgeadais grúpa nach gcomhdhlúthaíonn foghnóthas amháin nó níos mó dá cuid,

agus aon tagairtí sa mhír seo d'fhoghnóthais, léifear iad, i gcás a thagann faoi réim chlásal (b), mar thagairtí do cibé cinn d'fhoghnóthais na cuideachta lena mbaineann agus nach gcomhdhlúthaítear sna ráitis airgeadais grúpa.

(2) Faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den mhír seo, tabharfar, sna nótaí a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais eintitis na cuideachta—

- (a) na cúiseanna nach gcomhdhlúthaítear foghnóthais i ráitis airgeadais grúpa, agus
- (b) ráiteas—
 - (i) ina dtaispeánfar aon agúis a bhí i dtuarascálacha iniúchóirí reachtúla na bhfoghnóthas ar a ráitis airgeadais dá mblianta airgeadais faoi seach dar críoch i gcomhthráth le bliain airgeadais na cuideachta nó lena linn, agus
 - (ii) aon nóta nó cosaint atá sna ráitis airgeadais sin chun aird a tharraingt ar ní a mbeadh, murach an nóta nó an chosaint, tagairt déanta dó go cuí in agús den sórt sin,

sa mhéid nach bhfuil an ní is ábhar don agús nó don nóta cuimsithe i ráitis airgeadais eintitis na cuideachta agus go mbaineann sé le hábhar ó thaobh a comhaltaí de.

- (3) Faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den mhír seo, déanfar méid comhiomlán infheistíocht uile na cuideachta sealbhaíochta i scaireanna na bhfoghnóthas a lua i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais eintitis na cuideachta tríd an modh cuntasaíochta cothromais.
- (4) Sa mhéid nach mbeidh fáil ar aon fhaisnéis a cheanglaítear, le haon cheann de na forálacha roimhe seo den mhír seo, a bheith luaithe i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais eintitis na cuideachta, tabharfar, ina ionad sin, ráiteas á rá sin i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais eintitis sin.
- (5) Más rud é, in aon chás a thagann faoi réim fhomhír (1)(b), go n-ullmhaíonn an chuideachta ráitis airgeadais grúpa, déanfar tagairtí sna fomhíreanna roimhe seo do ráitis airgeadais eintitis na cuideachta a léamh mar thagairtí do na ráitis airgeadais grúpa.
72. I gcás foghnóthais a bheith ag cuideachta agus nár chríoch dá mblianta airgeadais i gcomhthráth le bliain airgeadais na cuideachta, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le gach foghnóthas den sórt sin (cibé acu a chomhdhlúthaítear nó nach gcomhdhlúthaítear iad in aon ráitis airgeadais grúpa a ullmhaíonn an chuideachta) trí nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais eintitis na cuideachta nó (i gcás go n-ullmhaítear ráitis airgeadais grúpa) leis na ráitis airgeadais grúpa, is é sin le rá—
- (a) na cúiseanna gur dóigh le stiúrthóirí na cuideachta nár chóir do bhlianta airgeadais na bhfoghnóthas críochnú i gcomhthráth le bliain airgeadais na cuideachta, agus
- (b) na dátaí ar ar tháinig deireadh faoi seach leis na blianta airgeadais de chuid na bhfoghnóthas is déanaí a chríochnaigh roimh dheireadh bhliain airgeadais na cuideachta nó na dátaí is luaithe agus is déanaí de na dátaí sin.

CUID VI

LÉIRIÚ AR ABhairtí ÁIRITHE SA SCEIDEAL

Sócmhainní Dochta nó Reatha

73. Chun críocha an Sceidil seo, measfar gur sócmhainní dochta sócmhainní cuideachta má bheartaítear iad a úsáid ar bhonn leanúnach i ngníomhaíochtaí na cuideachta, agus measfar gur sócmhainní reatha aon sócmhainní nach mbeartaítear a úsáid amhlaidh.

Caipitliú

74. Aon tagairtí sa Sceideal seo d'aon obair nó costais a chaipitliú is tagairtí iad do dhéileáil leis an obair nó leis na costais sin mar shócmhainn dhocht.

Maoin infheistíochta

75. Sa Sceideal seo, ciallaíonn ‘maoin infheistíochta’ talamh nó foirgnimh (nó iad araon) a bheidh ar seilbh chun cíosanna a thuilleamh nó le haghaidh méadú ar luach caipitil (nó iad araon).

Infheistíochtaí liostaithe

76. Sa Sceideal seo, ciallaíonn ‘infheistíochtaí liostaithe’ infheistíochtaí ar tugadh liostú dóibh—
- (a) ar aon mhargadh rialáilte nó aon stocmhalartán eile sa Stát,
 - (b) ar aon mhargadh rialáilte nó aon stocmhalartán iomráiteach eile in aon stát eile de chuid LEE, nó
 - (c) ar aon stocmhalartán iomráiteach i stát nach stát de chuid LEE é.

Iasachtaí

77. Chun críocha an Sceidil seo, measfar go ndlífear iasacht a íoc, agus measfar go ndlífear tráthchuid d’iasacht a íoc, ar an dáta is luaithe ar a bhféadfadh an t-iasachtóir aisiocáíocht nó (de réir mar a bheidh) íocaíocht a éileamh dá bhfeidhmeodh an t-iasachtóir na roghanna agus na cearta go léir atá ar fáil dó nó di.

Ábharthacht

78. Sa Sceideal seo, ciallaíonn ‘ábhartha’ an stádas faisnéise a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún, dá bhfágfaí an fhaisnéis ar lár nó dá ndéanfaí míráiteas ina leith, go mbeadh tionchar aige sin ar bhreitheanna a thugann úsáideoirí ar bhonn ráitis airgeadais an ghnóthais; agus déanfar measúnú ar ábharthacht ítimí leithleacha i gcomhthéacs ítimí den tsamhail chéanna.

Coigeartuithe luacha

79. (1) Aon tagairtí sa Sceideal seo do choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní is tagairtí iad d’aon mhéid a dhíscríobhtar chun soláthar do dhíluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní.
- (2) Sna foirmlí do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach i gCuid II, aon tagairt do dhíluachadh sócmhainní d’aon tuairisc, nó do mhéideanna a dhíscríobhtar uathu, is tagairt í don ghluaiseacht in aon choigeartú luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní den tuairisc sin.

Soláthairtí

80. Aon tagairtí sa Sceideal seo do sholáthairtí le haghaidh dliteanas is tagairtí iad d'aon mhéid a choinnítear mar mhéid is gá le réasún chun soláthar a dhéanamh d'aon dliteanas a bhfuil a chineál mínithe go soiléir agus atá ann ar an dáta deiridh bliana airgeadais ach a bhfuil éiginnteacht ann maidir lena mhéid nó maidir leis an dáta a shocrófar é.

Praghas ceannaigh

81. Aon tagairtí sa Sceideal seo (cibé caoi a sainítear iad) do phraghas ceannaigh sócmhainne cuideachta nó aon bhunábhar nó earraí inchaite a úsáidtear ag táirgeadh aon sócmhainn den sórt sin, léifear iad mar thagairtí a fholáionn tagairtí d'aon chomaoin (cibé acu in airgead tirim nó ar shlí eile) a thug an chuideachta i leith na sócmhainne sin nó i leith na n-ábhar nó na n-earraí inchaite sin (de réir mar is gá sa chás).”.

SCEIDEAL 2

“SCEIDEAL 3A

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA, FOIRM AGUS ÁBHAR RÁITEAS AIRGEADAIS EINTITIS CUIDEACHTA A CHÁILIÓNN LE HAGHAIDH CHÓRAS NA gCUIDEACHTAÍ BEAGA

CUID 1

TAGAIRTÍ D’FHORÁLACHA AN SCEIDIL A FHORLÉIRIÚ

1. (1) Gan dochar do ghinearáltacht alt 9 den Acht Léiriúcháin, 2005 ná dá fheidhm maidir le corp an Achta seo agus maidir le Sceidil 1, 2 agus 5 go 18—
 - (a) aon tagairt sa Sceideal seo do mhír nó do Chuid, is tagairt í do mhír nó do Chuid den Sceideal seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
 - (b) aon tagairt sa Sceideal seo d’alt, is tagairt í don alt den Chuid ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe, agus
 - (c) aon tagairt sa Sceideal seo d’fhómhír nó do chlásal is tagairt í don fhómhír nó don chlásal den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.
- (2) Tá forálacha lena bhforáiltear maidir le léiriú abairtí áirithe atá sa Sceideal seo i gCuid VI.

CUID II

RIALACHA GINEARÁLTA AGUS FOIRMLÍ

ALT A

RIALACHA GINEARÁLTA

2. (1) Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo—
 - (a) ní mór do gach clár comhardaithe de chuid cuideachta na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chláir comhardaithe atá leagtha amach in Alt B a thaispeáint, agus
 - (b) ní mór do gach cuntas sochair agus dochair de chuid cuideachta na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach amhlaidh a thaispeáint,agus, i gceachtar cás, beidh na hítimí san ord, agus faoi na ceannteidil agus na fo-cheannteidil, atá san fhoirmle atá á húsáid.

- (2) D'ainneoin fhomhír (1)(a), le linn clár comhardaithe cuideachta a bheith á ullmhú, féadfaidh stiúrthóirí na cuideachta ceann amháin de na foirmlí do chlár comhardaithe in Alt B a oiriúnú chun idirdhealú a dhéanamh idir ítimí reatha agus ítimí neamhreatha ar dhóigh éagsúil, ar choinníoll—
- (a) go mbeidh an fhaisnéis a thabharfar comhionann ar a laghad leis an bhfaisnéis a mbeadh gá léi mar gheall ar an bhfoirmle sin a úsáid mura mbeadh sí arna hoiriúnú amhlaidh, agus
- (b) gur de réir prionsabail chuntasaíochta nó cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo nó leis a thíolacfar na hítimí sin.
- (3) D'ainneoin fhomhír (1)(b), féadfaidh stiúrthóirí na cuideachta ráiteas maidir le feidhmíocht na cuideachta a ullmhú in ionad cuntas sochair agus dochair agus le linn é sin a dhéanamh féadfaidh siad ceann de na foirmlí do chuntas sochair agus dochair in Alt B a oiriúnú, ar choinníoll—
- (a) go mbeidh an fhaisnéis a thabharfar comhionann ar a laghad leis an bhfaisnéis a mbeadh gá léi mar gheall ar an bhfoirmle sin a úsáid mura mbeadh sí arna hoiriúnú amhlaidh, agus
- (b) gur de réir prionsabail chuntasaíochta nó cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo nó leis a thíolacfar na hítimí sin.
- (4) Ní léifear fómhír (1) mar fhomhír a cheanglaíonn an ceanteideal nó an fo-cheanteideal d'aon ítim i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith sonraithe le haon litir nó uimhir atá sannta don ítim sin sna foirmlí atá leagtha amach in Alt B.
- (5) A mhéid is indéanta, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas den Sceideal seo maidir le clár comhardaithe cuideachta agus cuntas sochair agus dochair cuideachta d'ainneoin aon oiriúnú de bhun fhomhíreanna (2) agus (3).
3. (1) Más rud é, de réir mhír 2(1), go mbeidh clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, d'aon bhliain airgeadais ullmhaithe faoi threoir ceann de na foirmlí atá leagtha amach in Alt B nó más rud é, de réir mhír 2(2) nó 2(3), go mbeidh ceann de na foirmlí oiriúnaithe, úsáidfidh stiúrthóirí na cuideachta an fhoirmle chéanna le linn dóibh a bheith ag ullmhú na ráiteas airgeadais do bhlianta airgeadais dá éis sin mura mbeidh, dar leo, cúiseanna speisialta ann chun iad a athrú.
- (2) I gcás go ndéantar aon athrú ar an bhfoirmle a úsáidtear le linn clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith á ullmhú, tabharfar na cúiseanna a bhí leis an athrú, mar aon le sonraí iomlána i dtaobh an athraithe, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais ina n-úsáidtear an fhoirmle nua den chéad uair.

4. (1) Aon ítim a cheanglaítear a thaispeáint, de réir mhír 2, i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, féadfar sonraí níos mine a thabhairt ina leith ná mar a cheanglaítear leis an bhfoirmle a úsáidtear.
- (2) Féadfar a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, ítim a fhreagraíonn do mhéid, nó a chuimsíonn méid, aon sócmhainne nó dliteanas nó ioncain nó caiteachais nach bhfuil cuimsithe thairis sin in aon cheann de na hítimí atá liostaithe san fhoirmle atá á húsáid, ach ní dhéileálfar leis na nithe seo a leanas mar shócmhainní i gclár comhardaithe cuideachta—
- (a) réamhchaiteachais,
- (b) caiteachais maidir le haon scaireanna nó bintiúir a eisiúint agus coimisiún ar an eisiúint sin, agus
- (c) costais taighde.
- (3) Féadfar fo-iomláin a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, i gcás go n-éascófaí staid airgeadais nó brabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais lena mbaineann a mheasúnú de bharr iad a áireamh.
- (4) Aon ítimí dá sanntar uimhir Arabach in aon cheann de na foirmlí atá leagtha amach in Alt B, féadfar iad a chur le chéile i ráitis airgeadais cuideachta—
- (a) in aon chás nach méideanna ábhartha méideanna leithleacha na n-ítimí sin maidir le staid airgeadais nó brabús nó caillteanas na cuideachta a mheasúnú don bhliain airgeadais lena mbaineann, nó
- (b) in aon chás ina n-éascaíonn cur le chéile na n-ítimí sin an mheasúnacht sin.
- (5) I gcás go gcuirtear le chéile ítimí i ráitis airgeadais cuideachta de bhun fhomhír (4)(b), nochtfar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, méideanna leithleacha aon ítimí a cuireadh le chéile amhlaidh.
- (6) Le linn clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith á ullmhú, déanfaidh stiúrthóirí na cuideachta an riar agus na ceannteidil agus na fo-cheannteidil a cheanglaítear thairis sin le mír 2 a oiriúnú i leith ítimí dá sanntar uimhir Arabach san fhoirmle atá á húsáid, in aon chás inar gá oiriúnú den sórt sin mar gheall ar chineál speisialta ghnó na cuideachta.
- (7) I gcás go mbaineann sócmhainn nó dliteanas le níos mó ná ceann amháin de na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chlár comhardaithe a leagtar amach in Alt B, déanfar an gaol atá aici nó aige le hítimí eile a nochtadh faoin ítim ina dtaispeántar í nó sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

- (8) Beidh an clár comhardaithe tosaigh do gach bliain airgeadais i gcomhréir leis an gclár comhardaithe deiridh don bhliain airgeadais roimhe sin.
5. (1) Faoi réir fhomhír (2), maidir le gach ítim a thaispeántar i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, nó sna nótaí a ghabhann leo, taispeánfar freisin an méid comhréire don bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair agus, mura bhfuil an méid comhréire sin inchomórtais leis an méid atá le taispeáint i leith na hítim atá i gceist maidir leis an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair, féadfar an méid comhréire sin a choigeartú, agus tabharfar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, sonraí i dtaobh an choigeartaithe agus na cúiseanna a bhí leis.
- (2) Ní éilítear méideanna comhréire do na gluaiseachtaí i sócmhainní docta le linn na bliana a éilítear le mír 45(1) agus (3).
6. (1) Faoi réir fhomhír (2), aon cheannteideal nó fo-cheannteideal a fhreagraíonn d'ítim atá liostaithe san fhoirmle a úsáidtear le linn clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith á ullmhú, ní áireofar é sa chlár comhardaithe nó sa chuntas sochair agus dochair, de réir mar a bheidh, mura bhfuil aon mhéid le taispeáint i leith na hítim sin maidir leis an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair.
- (2) Ní bheidh feidhm ag fohmír (1) in aon chás inar féidir méid a thaispeáint i leith na hítim atá i gceist maidir leis an mbliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair, agus taispeánfar an méid sin faoin gceannteideal nó faoin bhfo-cheannteideal a cheanglaítear leis an bhfoirmle atá á húsáid mar a dúradh.
7. (1) Faoi réir fhomhír (2), ní cead méideanna i leith ítimí a fhreagraíonn do shócmhainní nó d'ioncam a fhritháireamh i ráitis airgeadais cuideachta in aghaidh méideanna i leith ítimí a fhreagraíonn do dhliteanais nó do chaiteachas, de réir mar a bheidh, ná *vice versa*.
- (2) Ní bheidh feidhm ag fohmír (1) in aon chás ina mbeidh fritháireamh den sórt sin de réir caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, ar choinníoll go nochtfar na hollmhéideanna i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

ALT B

NA FOIRMLÍ RIACHTANACHA DO RÁITIS AIRGEADAIS

Réamhráiteach

8. Aon tagairtí sa Chuid seo do na hítimí atá liostaithe in aon cheann de na foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo is tagairtí iad do na hítimí sin arna léamh i dteannta aon nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí a bhaineann le haon cheann de na hítimí sin.

9. Aon uimhir idir lúibíní i ndiaidh aon ítim in aon cheann de na foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo, nó i ndiaidh aon cheanteideal in aon cheann de na foirmlí sin, is tagairt í don nóta lena bhfuil an uimhir sin sna nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí.
10. Sna nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí—
 - (a) tugann ceanteideal gach nóta an ceanteideal nó an fò-cheanteideal nach foláir a úsáid maidir leis an ítim lena mbaineann sé mar aon le tagairt d'aon litreacha agus uimhreacha a shanntar don ítim sin sna foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo, agus
 - (b) aon tagairtí d'fhoirmle lena ngabhann uimhir is tagairtí iad don fhoirmle do chlár comhardaithe nó (de réir mar is gá sa chás) don fhoirmle do chuntas sochair agus dochair lena ngabhann an uimhir sin mar atá leagtha amach sa Chuid seo.

FOIRMLÍ DO CHLÁR COMHARDAITHE

Foirmle 1

A. Sócmhainní Dochta

I. Sócmhainní doláimhsithe

1. Costais forbraíochta
2. Lamháltais, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta agus sócmhainní dá samhail (1)
3. Cáilmheas (2)
4. Íocaíochtaí ar cuntas

II. Sócmhainní inláimhsithe

1. Maoin infheistíochta
2. Talamh agus foirgnimh
3. Gléasra agus innealra
4. Daingneáin, feistis, uirlisí agus trealamh
5. Íocaíochtaí ar cuntas agus sócmhainní atá á bhfoirgniú

III. Sócmhainní airgeadais

1. Scaireanna i ngrúpghnóthais
2. Iasachtaí le grúpghnóthais
3. Leasanna rannpháirtíochta
4. Iasachtaí le gnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
5. Infheistíochtaí eile seachas iasachtaí

6. Iasachtaí eile

B. Sócmhainní Reatha

I. Stoic

1. Bunábhair agus earraí inchaite
2. Obair ar láimh
3. Earraí críochnaithe agus earraí le hathdhíol
4. Íocaíochtaí ar cuntas

II. Féichiúnaithe (3)

1. Féichiúnaithe trádála
2. Méideanna atá dlite de ghrúpghnóthais
3. Méideanna atá dlite de ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
4. Féichiúnaithe eile
5. Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íochta
6. Réamhíocaíocht
7. Ioncam fabhráithe

III. Infheistíochtaí

1. Scaireanna i ngrúpghnóthais
2. Infheistíochtaí eile

IV. Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh

C. Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

1. Iasachtaí bintiúir (4)
2. Méideanna atá dlite d'fhorais chreidmheasa
3. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar dhliteanas (6)
4. Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas (5)
5. Creidiúnaithe trádála
6. Billí malairte is iníochta
7. Méideanna atá dlite do ghrúpghnóthais
8. Méideanna atá dlite do ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
9. Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach

10. Méideanna fabhráithe

11. Ioncam iarchurtha

D. Glansócmhainní reatha (dliteanais)

E. Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha

F. Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite tar éis breis agus bliain amháin

1. Iasachtaí bintiúir (4)

2. Méideanna atá dlite d'fhorais chreidmheasa

3. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar dhliteanas (6)

4. Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas (5)

5. Creidiúnaithe trádála

6. Billí malairte is iníochta

7. Méideanna atá dlite do ghrúpghnóthais

8. Méideanna atá dlite do ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta

9. Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach

10. Méideanna fabhráithe

11. Ioncam iarchurtha

G. Soláthairtí le haghaidh dliteanas

1. Sochar scoir agus oibleagáidí dá shamhail

2. Cánachas, lena n-áirítear cánachas iarchurtha

3. Soláthairtí eile le haghaidh dliteanais

H. Caipiteal agus cúlchistí

I. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar chothromas (6)

II. Cuntas scairphréimhe

III. Cúlchiste athluachála

IV. Cúlchistí eile

1. Caipiteal neamh-ainmnithe eile

2. Cúlchiste do scaireanna na cuideachta féin atá á sealbhú

3. Cúlchistí dá bhforáiltear leis an mbunreacht

4. Cúlchistí eile lena n-áirítear an cúlchiste luacha chóir (sonraigh mar ba ghá)

V. Brabús no caillteanas a tugadh ar aghaidh (8)

VI. Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (8)

FOIRMLÍ DO CHLÁR COMHARDAITHE

Foirmle 2

SÓCMHAINNÍ

A. Sócmhainní Dochta

I. Sócmhainní do-láimhsithe

1. Costais forbraíochta
2. Lamhátais, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta agus sócmhainní dá samhail (1)
3. Cáilmheas (2)
4. Íocaíochtaí ar cuntas

II. Sócmhainní inláimhsithe

1. Maoin infheistíochta
2. Talamh agus foirgnimh
3. Gléasra agus innealra
4. Daingneáin, feistis, uirlisí agus trealamh
5. Íocaíochtaí ar cuntas agus sócmhainní atá á bhfoirgniú

III. Sócmhainní airgeadais

1. Scaireanna i ngrúpghnóthais
2. Iasachtaí le grúpghnóthais
3. Leasanna rannpháirtíochta
4. Iasachtaí le gnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
5. Infheistíochtaí eile seachas iasachtaí
6. Iasachtaí eile

B. Sócmhainní Reatha

I. Stoic

1. Bunábhair agus earraí inchaite
2. Obair ar láimh
3. Earraí críochnaithe agus earraí le hathdhíol
4. Íocaíochtaí ar cuntas

II. Féichiúnaithe (3)

1. Féichiúnaithe trádála
2. Méideanna atá dlite de ghrúpghnóthais
3. Méideanna atá dlite de ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
4. Féichiúnaithe eile
5. Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íoctha
6. Réamhíocaíochtaí
7. Ioncam fabhráithe

III. Infheistíochtaí

1. Scaireanna i ngrúpghnóthais
2. Infheistíochtaí eile

IV. Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh

CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS

A. Caipiteal agus cúlchistí

I. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar chothromas (6)

II. Cuntas scairphréimhe

III. Cúlchiste athluachála

IV. Cúlchistí eile

1. Caipiteal neamh-ainmnithe eile
2. Cúlchiste do scaireanna na cuideachta féin atá á sealbhú
3. Cúlchistí dá bhforáiltear leis an mbunreacht
4. Cúlchistí eile lena n-áirítear an cúlchiste luacha chóir (sonraigh mar ba ghá)

V. Brabús nó cailteanas a tugadh anall (8)

VI. Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (8)

B. Soláthairtí le haghaidh dliteanas

1. Sochar scoir agus oibleagáidí dá shamhail
2. Cánachas, lena n-áirítear cánachas iarchurtha
3. Soláthairtí eile le haghaidh dliteanas

C. Creidiúnaithe (7)

1. Iasachtaí bintiúir (4)

2. Méideanna atá dlite d'fhorais chreidmheasa
3. Scairchaipiteal glaoite arna thíolacadh mar dhliteanas (6)
4. Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas (5)
5. Creidiúnaithe trádála
6. Billí malairte is iníochta
7. Méideanna atá dlite do ghrúpghnóthais
8. Méideanna atá dlite do ghnóthais a bhfuil ceangal ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirtíochta
9. Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach
10. Méideanna fabhráithe
11. Ioncam iarchurtha

NÓTAÍ AR NA FOIRMLÍ DO CHLÁR COMHARDAITHE

(1) *Lamháltais, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta agus sócmhainní dá samhail*

(Foirmlí 1 agus 2, ítimí A. I. 2)

Ní dhéanfar méideanna i leith sócmhainní a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta faoin ítim seo ach amháin sa chás—

- (a) go bhfuarthas na sócmhainní ar chomaoin luachmhar agus nach gceanglaítear iad a thaispeáint faoi cháilmheas, nó
- (b) gurbh í an chuideachta féin a chruthaigh na sócmhainní atá i gceist.

(2) *Cáilmheas*

(Foirmlí 1 agus 2, ítimí A. I. 3)

Ní áireofar méideanna in ionannas cáilmheasa ach amháin sa mhéid gur ar chomaoin luachmhar a fuarthas an cáilmheas.

(3) *Féichiúnaithe*

(Foirmlí 1 agus 2, ítimí B. II. 1 go 7)

Déanfar an méid a bheidh dlite tar éis breis agus bliain amháin a thaispeáint ar leithligh maidir le gach ítim a áirítear faoi fhéichiúnaithe.

(4) *Iasachtaí bintiúir*

(Foirmle 1, ítim C.1 agus F.1 agus Foirmle 2, ítim C.1)

Taispeánfar ar leithligh méid aon iasachtaí inchomhshóite.

(5) *Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas*

(Foirmle 1, ítim C.4 agus F.4 agus Foirmle 2, ítim C.4)

Déanfar íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas orduithe a thaispeáint maidir le gach ceann de na hítimí seo a mhéid nach dtaispeántar iad mar asbhaintí ó stoic.

(6) *Scairchaipiteal glaoite*

(Foirmle 1, ítim C.3, F.3 agus H.I, agus Foirmle 2, ‘CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS’ ítimí A.I agus C.3)

De réir an phrionsabail cuntasaíochta i mír 17, déanfar anailísiú ar scairchaipiteal glaoite idir scaireanna a thíolacfar mar dhliteanais agus scairchaipiteal.

(7) *Creidiúnaithe*

(Foirmle 2, ítimí C. 1 go 11)

Déanfar méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin agus tar éis bliain amháin a thaispeáint ar leithligh maidir le gach ceann de na hítimí seo agus taispeánfar a gcomhiomlán ar leithligh maidir leis na hítimí seo go léir.

(8) *Cuntas sochair agus dochair*

(Foirmle 1, ítimí H. V agus VI, Foirmle 2, ‘CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS’ ítimí A. V agus VI)

Féadfar na hítimí seo a chur le chéile i gcás go dtugtar an leithreasú brabúis a éilítear le mír 48 i mbun an chuntais sochair agus dochair nó i nóta a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

FOIRMLÍ DO CHUNTAIS SOCHAIR AGUS DOCHAIR

Foirmle 1 (13)

1. Láimhdeachas
2. Costas díolachán (9)
3. Brabús comhlán nó cailteanas comhlán
4. Costais dáilte (9)
5. Caiteachais riaracháin (9)
6. Ioncam oibriúcháin eile
7. Ioncam ó scaireanna i ngrúpghnóthais
8. Ioncam ó leasanna rannpháirtíochta
9. Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile (10)
10. Ús eile is infhaighte agus ioncam eile dá shamhail (10)
11. Coigeartuithe luacha i leith sócmhainní airgeadais agus infheistíochtaí atá á sealbhú mar shócmhainní reatha
12. Ús is iníochta agus caiteachais dá shamhail (11)
13. Cáin ar bhrabús nó cailteanas

14. Brabús nó cailteanas tar éis cánach
15. Cánacha eile nach dtaispeántar faoi na hítimí roimhe seo
16. Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (12)

FOIRMLÍ DO CHUNTAIS SOCHAIR AGUS DOCHAIR

Foirmle 2

1. Láimhdeachas
2. Athrú ar stoic earraí críochnaithe agus ar obair ar láimh
3. Obair chaipitlithe na cuideachta féin
4. Ioncam oibriúcháin eile
5.
 - (a) Bunábhair agus earraí inchaite
 - (b) Caiteachais sheachtracha eile
6. Costais foirne:
 - (a) Pá agus tuarastail
 - (b) Costais árachais shóisialaigh
 - (c) Costais sochair scoir eile
 - (d) Costais chúitimh eile
7.
 - (a) Díluachadh agus coigeartuithe luacha eile i leith sócmhainní dochta inláimhsithe agus doláimhsithe
 - (b) Coigeartuithe luacha i leith sócmhainní reatha sa mhéid gur mó iad ná coigeartuithe luacha is gnách sa ghnóthas lena mbaineann
8. Caiteachais oibriúcháin eile
9. Ioncam ó scaireanna i ngrúpghnóthais
10. Ioncam ó leasanna rannpháirtíochta
11. Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile (10)
12. Ús eile is infhaighte agus ioncam eile dá shamhail (10)
13. Coigeartuithe luacha i leith sócmhainní airgeadais agus infheistíochtaí atá á sealbhú mar shócmhainní reatha
14. Ús is iníoctha agus caiteachais dá shamhail (11)
15. Cáin ar bhrabús nó cailteanas
16. Brabús nó cailteanas tar éis cánach
17. Cánacha eile nach dtaispeántar faoi na hítimí roimhe seo
18. Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (12)

NÓTAÍ AR NA FOIRMLÍ DO CHUNTAIS SOCHAIR AGUS DOCHAIR

(9) Costas díolachán: Costais dáilte: Caiteachais riaracháin

(Foirmle 1, ítimí 2, 4 agus 5)

Luafar na hítimí seo tar éis aon choigeartuithe luacha is gá le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní a bheith curtha i gcuntas.

(10) *Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile: ús eile is infhaighte agus ioncam eile dá shamhail*

(Foirmle 1, ítimí 9 agus 10; Foirmle 2, ítimí 11 agus 12)

Déanfar ioncam agus ús a dhíorthaigh ó ghrúpghnóthais a thaispeáint ar leithligh ó ioncam agus ús a dhíorthaigh ó gach foinse eile.

(11) *Ús is iníoctha agus caiteachais dá shamhail*

(Foirmle 1, ítim 12; Foirmle 2, ítim 14)

Déanfar an méid is iníoctha le grúpghnóthais a thaispeáint ar leithligh.

(12) *Brabús nó caillteanas don bhliain airgeadais*

(Foirmle 1, ítim 16; Foirmle 2, ítim 18)

Féadfar an leithreasú brabúis a éilítear le mír 48 a thabhairt i mbun an chuntais sochair agus dochair nó i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

(13) *Foirmle 1*

Déanfar méideanna aon choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh agus laghdú ar luach sócmhainní dochta inláimhsithe agus doláimhsithe, atá le taispeáint faoi ítim 7(a) i bhFoirmle 2, a thaispeáint ar leithligh in aon chás inar faoi threoir Fhoirmle 1 a ullmhaítear an cuntas sochair agus dochair.

CUID III

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA AGUS RIALACHA LUACHÁLA

ALT A

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA

Réamhráiteach

11. Faoi réir mhír 18, déanfar na méideanna a bheidh le háireamh i ráitis airgeadais cuideachta i leith na n-ítimí a thaispeántar a chinneadh de réir na bprionsabal a leagtar amach i míreanna 12 go 17.

Prionsabail chuntasaíochta

12. Toimhdeofar go bhfuil an chuideachta ag seoladh gnó mar ghnóthas leantach.
13. Cuirfear beartais chuntasáíochta agus boinn tomhais i bhfeidhm go seasta ó bhliain airgeadais go chéile.
14. Déanfar méid aon ítime sna ráitis airgeadais a chinneadh ar bhonn críonna agus go háirithe—
 - (a) ní dhéanfar ach brabúis a bheidh réadaithe ar an dáta deiridh bliana airgeadais a áireamh sa chuntas sochair agus dochair,
 - (b) déanfar gach dliteanas a d'éirigh i gcaitheamh na bliana airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais, nó i gcaitheamh bliain airgeadais roimhe sin, a chur i gcuntas, fiú amháin mura dtagann na dliteanas sin chun suntais go dtí dáta idir an dáta deiridh bliana airgeadais agus an dáta ar a sínítear na ráitis airgeadais faoi alt 324, agus
 - (c) aithneofar gach coigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach, cibé acu is brabús nó caillteanas an toradh don bhliain airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais.
15. Déanfar an t-ioncam agus na caiteachais go léir a bhaineann leis an mbliain airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais a chur i gcuntas gan féachaint do dháta na fála nó na híocaíochta.
16. Le linn méid comhiomlán aon ítime a bheith á chinneadh, déanfar méid gach sócmhainne nó gach dliteanas a bheidh le cur i gcuntas a chinneadh ar leithligh.
17. Déanfar ítimí sa chuntas sochair agus dochair agus sa chlár comhardaithe chur i gcuntas agus a thíolacadh ag féachaint d'ábhar an idirbhirt nó na comshocraíochta tuairiscithe de réir prionsabail chuntasáíochta is infheidhme.
18. Ní gá forálacha an Sceidil seo a chomhlíonadh i gcás nach bhfuil na méideanna atá i gceist ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.

Imeacht ó na prionsabail chuntasáíochta

19. Má dhealraíonn sé do stiúrthóirí cuideachta go bhfuil cúiseanna speisialta ann le himeacht ó aon cheann de na prionsabail a luaitear thuas le linn ráitis airgeadais na cuideachta a bheith á n-ullmhú in aon bhliain áirithe, féadfaidh siad imeacht amhlaidh uaidh, ach luafar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, sonraí faoi na cásanna inar imíodh uaidh, na cúiseanna a bhí leis agus an éifeacht a bhí leis an imeacht sin ar chlár comhardaithe na cuideachta agus ar chuntas sochair agus dochair na cuideachta.

ALT B

RIALACHA CUNTASAÍOCHTA UM CHOSTAS BUNAI DH

Réamhráiteach

20. Faoi réir ailt C agus D, déanfar na méideanna a bheidh le háireamh i leith na n-ítimí go léir a thaispeántar i ráitis airgeadais cuideachta a chinneadh de réir na rialacha atá leagtha amach i míreanna 21 go 30.

SÓCMHAINNÍ DOCHTA

Rialacha ginearálta

21. Faoi réir aon choigeartú luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach arna dhéanamh de réir mhír 22 nó 23, is é méid a bheidh le háireamh maidir le haon sócmhainn dhocht a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe.

Rialacha le haghaidh díluachadh agus laghdú ar luach

22. I gcás aon sócmhainn dhocht a bhfuil teorainn lena saol eacnamúil úsáideach, déanfar—

- (a) méid a praghais ceannaigh nó a costais táirgthe, nó
- (b) i gcás ina meastar go mbeidh iarmharluach ag aon sócmhainn den sórt sin an tráth a bheidh deireadh lena saol eacnamúil úsáideach, méid a praghais ceannaigh nó a costais táirgthe, lúide an t-iarmharluach measta sin,

a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d'fhonn an méid sin a dhíscríobh go rianúil thar thréimhse shaol eacnamúil úsáideach na sócmhainne.

23. (1) I gcás go mbeidh laghdú tagtha ar luach sócmhainne airgeadais is de thuirisc atá le háireamh faoi ítim A.III i gceachtar de na foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II, féadfar coigeartuithe luacha a dhéanamh do laghdú ar luach maidir léi agus féadfar an méid atá le háireamh maidir léi a laghdú dá réir sin; agus déanfar aon choigeartuithe luacha den sórt sin nach dtaispeántar ar leithligh sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (2) Déanfar coigeartuithe luacha le haghaidh laghdú ar luach maidir le haon sócmhainn dhocht ar tháinig laghdú ar a luach más dócha gur buanlaghdú a bheidh sa laghdú sin ar a luach (bíodh nó ná bíodh teorainn lena saol eacnamúil úsáideach) agus déanfar an méid atá le háireamh maidir léi a laghdú dá réir sin; agus déanfar aon choigeartuithe luacha den sórt sin nach dtaispeántar ar leithligh sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (3) I gcás na cúiseanna ar a ndearnadh aon choigeartú luacha de réir fhomhír (1) nó (2) a bheith scortha d'fheidhm a bheith acu go feadh méid ar bith, déanfar an coigeartú luacha sin a chúlscríobh a mhéid nach gá a thuilleadh é; agus déanfar aon mhéideanna a bheidh cúlscríofa de réir na fomhíre

seo agus nach dtaispeántar sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Rialacha chun ítimí áirithe de shócmhainní dochta a chinneadh

24. (1) D’ainneoin ítim maidir le ‘costais forbraíochta’ a bheith ar áireamh faoi ‘sócmhainní dochta’ sna foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II, ní fhéadfar méid a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta maidir leis an ítim sin ach amháin in imthosca speisialta.
- (2) Má bhíonn méid ar áireamh i gclár comhardaithe cuideachta maidir le costais forbraíochta, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais—
- (a) an tréimhse ar thairsti atá méid na gcostas sin, mar a caipitlíodh i dtosach iad, á dhíscríobh nó le díscríobh, agus
- (b) na cúiseanna ar ar caipitlíodh na costais atá i gceist.
25. (1) Is faoi réir na bhforálacha seo a leanas den mhír seo a bheidh feidhm ag míreanna 21 go 24 i ndáil le cáilmheas agus costais forbraíochta (in aon chás ina n-áirítear cáilmheas nó costais forbraíochta mar shócmhainní) agus sócmhainní doláimhsithe eile.
- (2) Faoi réir fhomhír (3), déanfar—
- (a) méid na comaoine i leith aon cháilmheas a fuair cuideachta,
- (b) méid na gcostas forbraíochta a caipitlíodh, nó
- (c) méid na sócmhainní doláimhsithe eile a aithníodh,
- a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d’fhonn an méid sin a dhíscríobh go rianúil thar shaol eacnamúil úsáideach an cháilmheasa, na gcostas forbraíochta nó na sócmhainní doláimhsithe eile.
- (3) Más rud é, in imthosca eisceachtúla, nach féidir saol úsáideach an cháilmheasa at fuair cuideachta nó costais forbraíochta nó sócmhainní doláimhsithe eile a caipitlíodh a mheas go hiontaofa, déanfar na méideanna dá dtagraítear i bhfomhíreanna (2)(a), (b) agus (c) a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d’fhonn na méideanna sin a dhíscríobh go rianúil thar thréimhse nach faide ná 10 mbliana.
- (4) In aon chás ina ndéantar aon cháilmheas a fuair cuideachta a thaispeáint nó a áireamh mar shócmhainn i gclár comhardaithe na cuideachta, nochtfar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, an tréimhse a roghnaíodh chun an chomaoin i leith an cháilmheasa sin a dhíscríobh agus na cúiseanna ar ar roghnaíodh an tréimhse sin.

- (5) Más rud é, de réir mhír 23(2), go mbeifear tar éis coigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach a aithint le haghaidh cáilmheasa, fiú má mheastar nach ann a thuilleadh don chúis leis an laghdú ar luach, ní fhreaschuirfear an coigeartú luacha mar a éilítear le mír 23(3).

SÓCMHAINNÍ REATHA

26. Faoi réir mhír 27, is é méid a bheidh le háireamh maidir le haon sócmhainn reatha a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe.
27. (1) Más lú glanluach inréadaithe aon sócmhainne reatha ná a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe, is é méid a bheidh le háireamh maidir leis an tsócmhainn sin an glanluach inréadaithe.
- (2) I gcás na cúiseanna ar a ndearnadh aon choigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach faoi fhomhír (1) a bheith scortha d'fheidhm a bheith acu go feadh méid ar bith, déanfar an coigeartú luacha sin a chúlscríobh a mhéid nach gá a thuilleadh é.

ILGHNÉITHEACH

An bhreis atá ag airgead dlite thar luach a fuarthas a bheith ina hítim shócmhainne

28. (1) I gcás inar mó an méid is inaisíoctha ar aon fhiach atá dlite de chuideachta ná luach na comaoine a fuarthas san idirbheart ba bhun leis an bhfiach, féadfar méid na difríochta a áireamh mar shócmhainn.
- (2) I gcás aon mhéid den sórt sin a bheith ann—
- (a) déanfar é a dhíscríobh de mhéideanna réasúnta gach bliain agus beidh sé díscríofa go hiomlán sula n-aisíocfar an fiach, agus
- (b) mura ndéantar an méid nach bhfuil díscríofa a thaispeáint mar ítim ar leithligh i gelár comhardaithe na cuideachta, nochtfar é i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

PRAGHAS CEANNAIGH NÓ COSTAS TÁIRGTHE A CHINNEADH

29. (1) Cinnfear praghas ceannaigh sócmhainne trí aon chaiteachais a ghabh lena fáil a chur leis an bpraghas a íocadh iarbhír agus trí aon ioncam a ghabh lena fáil a asbhaint as an bpraghas a íocadh iarbhír.
- (2) Cinnfear costas táirgthe sócmhainne trí mhéid na gcostas a thabhaigh an chuideachta, agus is inchurtha go díreach i leith tháirgeadh na sócmhainne sin, a chur le praghas ceannaigh na mbunábhar agus na n-earraí inchaite a úsáideadh.
- (3) Ina theannta sin, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh i gcostas táirgthe sócmhainne—

- (a) cion réasúnach de na costais a thabhaigh an chuideachta agus nach inchurtha ach go neamhdhíreach i leith táirgeadh na sócmhainne sin a mhéid amháin a bhaineann siad leis an tréimhse táirgthe, agus
 - (b) ús ar chaipiteal a fuarthas ar iasacht d'fhonn táirgeadh na sócmhainne sin a mhaoiniú, a mhéid a fhabhraíonn sé i leith na tréimhse táirgthe, ar choinníoll, áfach, i gcás a thagann faoi réim chlásal (b), go nochtfar i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais gur cuireadh an t-ús san áireamh le linn costas na sócmhainne sin a bheith á chinneadh, mar aon le méid an úis a cuireadh san áireamh amhlaidh.
- (4) Ní fhéadfar costais dáilte a áireamh i gcostais táirgthe.
30. (1) Faoi réir an agúis a luaitear i bhfomhír (2), féadfar praghas ceannaigh nó costas táirgthe—
- (a) aon sócmhainní a bheidh le háireamh faoi aon ítim a thaispeántar i gclár comhardaithe cuideachta faoin ítim ginearálta ‘stoic’, agus
 - (b) aon sócmhainní is sócmhainní idirmhalartacha (lena n-áirítear infheistíochtaí),
- a chinneadh trí aon cheann de na modhanna a luaitear i bhfomhír (3) a fheidhmiú i ndáil le haon sócmhainní den sórt sin ar den aicme chéanna iad.
- (2) Beidh an modh a roghnófar ina mhodh is dóigh leis na stiúrthóirí a bheith cuí ag féachaint d'imthosca na cuideachta.
- (3) Is iad seo a leanas na modhanna sin—
- (a) an modh ar a dtugtar ‘isteach i dtosach, amach i dtosach’ (ITAT),
 - (b) meánphraghas ualaithe, agus
 - (c) aon mhodh eile a léiríonn an dea-chleachtas a bhfuil glacadh coitianta leis.
- (4) Chun críoch na míre seo, measfar gur sócmhainní idirmhalartacha sócmhainní de thuirisc ar bith mura féidir, tríd is tríd, sócmhainní den tuairisc sin a idirdhealú óna chéile.

ALT C

RIALACHA CUNTASAÍOCHTA COMHROGHNACHA

Réamhráiteach

31. (1) Na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh a ghairtear ina dhiaidh seo sa Sceideal seo de na rialacha atá leagtha amach in Alt B.
- (2) Na rialacha díluachta a ghairtear ina dhiaidh seo sa Chuid seo de na rialacha sin, cé is moite de mhíreanna 20, 29 agus 30; agus aon tagairtí ina dhiaidh seo sa Sceideal seo do na rialacha cuntasaíochta um chostas

bunaidh ní fholaíonn siad na rialacha díluachta mar atá feidhm acu de bhua mhír 34.

32. Faoi réir mhíreanna 34 go 37, féadfar na méideanna a bheidh le háireamh maidir le sócmhainní d'aon tuairisc a luaitear i mír 33 a chinneadh ar aon bhonn a luaitear amhlaidh.

Rialacha cuntasaíochta comhroghnacha

33. (1) Féadfar sócmhainní dochta doláimhsithe, seachas cáilmheas, a áireamh de réir margadhluach arna chinneadh amhail mar a bhí ar an dáta is déanaí a luacháladh iad.
- (2) Féadfar sócmhainní dochta inláimhsithe a áireamh de réir margadhluach arna chinneadh amhail mar a bhí ar an dáta is déanaí a luacháladh iad.
- (3) Féadfar sócmhainní dochta airgeadais a áireamh—
- (a) de réir margadhluach arna chinneadh amhail mar a bhí ar an dáta is déanaí a luacháladh iad, nó
- (b) ar luach arna chinneadh ar aon bhonn is dóigh leis na stiúrthóirí a bheith cuí ag féachaint do dhálaí na cuideachta,
- ach ní foláir, sa chás deiridh sin, sonraí faoin modh luachála a úsáideadh agus faoi na cúiseanna ar ar úsáideadh é a nochtadh i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (4) Féadfar leasanna rannpháirtíochta i ngnóthas comhlachaithe a áireamh faoin modh cuntasaíochta cothromais.

Na rialacha díluachta a chur chun feidhme

34. (1) I gcás go ndéantar luach aon sócmhainne de chuid cuideachta a chinneadh ar aon bhonn a luaitear i mír 33, is é an luach sin an méid a bheidh le háireamh maidir leis an tsócmhainn sin i ráitis airgeadais na cuideachta, nó (de réir mar is gá) beidh an luach sin mar phointe tosaigh chun an méid sin a chinneadh, in ionad praghas ceannaigh nó chostas táirgthe na sócmhainne sin nó aon luach a cinneadh amhlaidh roimhe sin don tsócmhainn sin; agus beidh feidhm dá réir sin ag na rialacha díluachta i ndáil le haon sócmhainn den sórt sin ach tagairt don luach is déanaí a cinneadh don tsócmhainn sin ar aon bhonn a luaitear i mír 33 a chur in ionad aon tagairt dá praghas ceannaigh nó dá costas táirgthe.
- (2) An méid choigeartaithe a ghairtear ina dhiaidh seo sa mhír seo de mhéid aon choigeartaithe luacha le haghaidh díluachadh a cheanglaítear i gcás aon sócmhainn dhocht le mír 22 nó 23 mar atá feidhm aige de bhua fhomhír (1); agus méid an chostais bunaidh a ghairtear de mhéid aon choigeartaithe luacha a cheanglófaí leis an mír sin i gcás na sócmhainne sin de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh.

- (3) I gcás feidhm a bheith ag fomhír (1) i gcás aon sócmhainn dhocht, féadfaidh sé, maidir le méid aon choigeartaithe luacha le haghaidh díluachadh i leith na sócmhainne sin—
- (a) a bheidh ar áireamh in aon ítim a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair i leith méideanna arna ndíscríobh ó shócmhainní den tuairisc atá i gceist, nó
- (b) a bheidh curtha i gcuntas nuair a bheifear ag lua aon ítim arna taispeáint amhlaidh a cheanglaítear, le nóta (9) de na nótaí ar na foirmlí do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach i gCuid II, a lua tar éis aon choigeartuithe luacha is gá le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní atá ar áireamh fúithi a bheith curtha i gcuntas,

gurb é méid an chostais bunaidh é in ionad an mhéid choigeartaithe, ar choinníoll, más é atá i méid an choigeartaithe luacha le haghaidh díluachadh méid an chostais bunaidh, go ndéanfar méid aon difríochta idir an dá mhéid a thaispeáint ar leithligh sa chuntas sochair agus dochair nó i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Faisnéis bhreise i gcás imeacht ó na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh

35. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás go ndearnadh na méideanna atá le háireamh maidir le sócmhainní dochta a bheidh cuimsithe in aon ítimí a thaispeántar i ráitis airgeadais cuideachta a chinneadh ar aon bhonn a luaitear i mír 33.
- (2) Nochtfar, sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais ar na beartais chuntasaíochta arna nglacadh ag an gcuideachta mar a éilítear le halt 321, na hítimí a ndearnadh difear dóibh agus an bonn luachála a úsáideadh chun méideanna na sócmhainní atá i gceist i gcás gach ítime den sórt sin a chinneadh.
- (3) I gcás gach ítime sa chláir comhardaithe a ndearnadh difear di, déanfar na méideanna inchomórtais arna gcinneadh de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh a thaispeáint ar leithligh sa chláir comhardaithe nó i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (4) I bhfomhír (3), na tagairtí, i ndáil le haon ítim, do na méideanna inchomórtais arna gcinneadh mar a luaitear ansin is tagairtí iad—
- (a) don mhéid comhiomlán a cheanglófaí a thaispeáint maidir leis an ítim sin dá ndéanfaí na méideanna atá le háireamh maidir leis na sócmhainní go léir a bheidh cuimsithe san ítim sin a chinneadh de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh, agus
- (b) do mhéid comhiomlán na gchoigeartuithe luacha carnacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach a cheadófaí nó a cheanglófaí le linn na méideanna sin a bheith á gcinneadh de réir na rialacha sin.

Cúlchiste Athluachála

36. (1) Maidir le haon chinneadh a dhéanamh ar luach sócmhainne cuideachta ar aon bhonn a luaitear i mír 33(1) go (3), déanfar méid aon bhrabúis nó cailteanais a eascraíonn ón gcinneadh sin (tar éis lamháltas a dhéanamh, más cuí, d'aon choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach a rinneadh ar shlí seachas faoi threoir an luacha a cinneadh amhlaidh agus d'aon choigeartuithe ar aon choigeartuithe luacha den sórt sin a rinneadh ag féachaint don chinneadh sin) a chreidiúnú nó, de réir mar a bheidh, a fhéichiúnú do chúlchiste ar leithligh (dá ngairtear an 'cúlchiste athluachála' sa mhír seo).
- (2) Déanfar méid an chúlchiste athluachála a thaispeáint i gclár comhardaithe na cuideachta faoi fho-cheannteideal ar leithligh sa suíomh atá tugtha don ítim 'cúlchiste athluachála' faoi 'Caipiteal agus Cúlchistí' i bhFoirmle 1 nó 2 de na foirmle do chlár comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II.
- (3) Féadfar méid a aistriú—
- (a) ón gcúlchiste luachála—
- (i) chuig an gcuntas sochair agus dochair, más rud é gur muirearaíodh an méid ar an gcuntas sin roimhe sin, nó gurb ionann é agus brabús réadaithe, nó
- (ii) ar chaipitliú,
- nó
- (b) chuig an gcúlchiste athluachála, nó uaidh, i leith na cánach i ndáil le haon bhrabús nó cailteanas a creidiúnaíodh nó a fhéichiúnaíodh don chúlchiste, agus laghdófar an cúlchiste athluachála a mhéid nach gá a thuilleadh, chun críoch na modhanna luachála a bheidh in úsáid, leis na méideanna a bheidh aistrithe chuige.
- (4) I bhfómhír (3)(a)(ii), ciallaíonn 'caipitliú', i ndáil le méid a bheidh chun creidmheas an chúlchiste athluachála, é a chur chun feidhme i scaireanna neamheisithe láníochta nó páirtíochta sa chuideachta a bheidh le leithroinnt ar chomhaltaí de chuid na cuideachta mar scaireanna láníochta nó páirtíochta.
- (5) Ní laghdófar an cúlchiste athluachála ach amháin mar a luaitear sa mhír seo.
- (6) Déanfar an chaoi ar déileáladh, chun críoch cánachais, le méideanna a creidiúnaíodh nó a fhéichiúnaíodh don chúlchiste athluachála a nochtadh i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Cuntas a thabhairt i leith leasanna rannpháirtíochta áirithe i ráitis airgeadais eintitis

37. (1) Más rud é, de réir mhír 33(4), go ndéanfar leas cuideachta i ngnóthas comhlachaithe ina mbeidh leas rannpháirtíochta ar teachtadh, agus an méid brabúis nó cailleanais is inchurtha i leith an leasa sin, a áireamh sna ráitis airgeadais tríd an modh cuntasaíochta cothromais, déileálfar de réir mhíreanna 21 go 23 agus 25 le haon cháilmheas a eascróidh.
- (2) I gcás gur gnóthas sealbhaíochta an gnóthas ina mbeidh leas rannpháirtíochta ar teachtadh é féin, is iad glansócmhainní agus glanbhrabúis nó glanchaillteanais an ghnóthais sealbhaíochta agus a fhoghnóthas (tar éis aon choigeartuithe comhdhlúthaithe a dhéanamh) na glansócmhainní agus na glanbhrabúis nó na glanchaillteanais a bheidh le cur i gcuntas.
- (3) I gcás gur mó ná an méid carnach díbhinní a fuarthas nó is infhaighte an brabús carnach is inchurtha i leith an leasa rannpháirtíochta agus a bheidh aitheanta sa chuntas sochair agus dochair, cuirfear méid na difríochta i gcúlchiste ar leithligh, agus ní fhéadfar an cúlchiste sin a dháileadh ar scairshealbhóirí.

ALT D

RIALACHA CUNTASAÍOCHTA LUACHA CHÓIR

Ionstraimí airgeadais a áireamh ar luach cóir

38. (1) Maidir le hionstraimí airgeadais a bhféadfar, faoi CITAnna cuntas a thabhairt iontu i ráitis airgeadais ar luach cóir, féadfar cuntas a thabhairt iontu amhlaidh i ráitis airgeadais lena mbaineann forálacha an Sceidil seo, ar choinníoll go ndéanfar an nochtadh a cheanglaítear a dhéanamh le CITAnna.
- (2) Sa mhír seo, ciallaíonn ‘luach cóir’ luach cóir a chinnfear de réir CITAnna iomchuí.

Míreanna fálaithe

39. Féadfaidh cuideachta aon sócmhainní nó dliteanais, nó codanna sainaitheanta de na sócmhainní nó na dliteanais sin, a cháilíonn mar mhíreanna fálaithe faoi chóras cuntasaíochta fálaithe luacha chóir a áireamh de réir an mhéid is gá faoin gcóras sin.

Sócmhainní eile a fhéadfar a áireamh ar luach cóir

40. (1) Tá feidhm ag an mír seo—
- (a) maidir le maoin infheistíochta, agus
- (b) maidir le hainmhithe agus plandaí beo,
- a fhéadfar, faoi chaighdeáin idirnáisiúnta iomchuí um thuairisciú airgeadais, a áireamh i ráitis airgeadais ar luach cóir.

- (2) Féadfar maoin infheistíochta den sórt sin agus ainmhithe agus plandaí den sórt sin a áireamh ar luach cóir, ar choinníoll, go ndéanfar gach maoin infheistíochta den sórt sin nó, de réir mar a bheidh, gach ainmhithe agus planda beo den sórt sin a áireamh amhlaidh i gcás go bhféadfar a luach cóir a chinneadh go hiontaofa.
- (3) Sa mhír seo, ciallaíonn ‘luach cóir’ luach cóir arna chinneadh de réir CITAnna iomchuí.

Cuntas a thabhairt in athruithe ar luach cóir

41. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás go luachálfar ionstraim airgeadais ar luach cóir de réir mhír 38 nó 39 nó i gcás go luachálfar sócmhainn de réir mhír 40.
- (2) D’ainneoin mhír 14, déanfar athrú ar luach cóir maoin infheistíochta nó ainmhithe nó planda beo a áireamh sa chuntas sochair agus dochair.
- (3) D’ainneoin mhír 14, tabharfar cuntas in athrú ar luach cóir ionstraime airgeadais de réir CITAnna agus a mhéid nach dtagraítear don athrú ar luach cóir sa chuntas sochair agus dochair, déanfar méid an athraithe ar an luach a chreidiúnú nó (de réir mar a bheidh) a fhéichiúnú do chúlchiste ar leithligh ar a dtabharfar an ‘cúlchiste luacha chóir’ chun críoch an Sceidil seo.

An cúlchiste luacha chóir

42. Déanfar coigeartú ar an gcúlchiste luacha chóir nuair nach mbeidh gá a thuilleadh le méideanna a bheidh ann chun críocha mhír 41(3).

CUID IV

FAISNÉIS A CHEANGLÁITEAR A THABHAIRT I NÓTAÍ A BHEIDH AG GABHÁIL LE RÁITIS AIRGEADAIS

Réamhráiteach

43. (1) Aon fhaisnéis a cheanglaítear ar aon chuideachta a thabhairt leis na forálacha ina dhiaidh seo den Chuid seo, ní foláir í a thabhairt i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais na cuideachta (mura mbeidh sí tugtha sna ráitis airgeadais féin).
- (2) Tíolacfar na nótaí sin san ord ina ndéanfar, más iomchuí, na hítimí lena mbaineann siad a thíolacadh sa chlár comhardaithe agus sa chuntas sochair agus dochair.

Faisnéis is forlíonadh ar an gclár comhardaithe

44. Ceanglaítear, le míreanna 45 go 51, faisnéis a thabhairt a dhéanann forlíonadh ar an bhfaisnéis a thugtar maidir le haon ítimí áirithe a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó atá ábhartha thairis sin chun staid airgeadais na cuideachta a mheasúnú ag féachaint don fhaisnéis a thugtar amhlaidh.

Sócmhainní dochta

45. (1) Maidir le gach ítim a thaispeántar, nó a thaispeánfaí murach míreanna 2(2) agus 4(4)(b), faoin ítim ghinearálta ‘sócmhainní dochta’ i gclár comhardaithe na cuideachta, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) na méideanna cuí maidir leis an ítim sin amhail mar a bhí ar dháta thosach na bliana airgeadais agus ar an dáta deiridh bliana airgeadais, faoi seach;
 - (b) an éifeacht a bhí leis na nithe seo a leanas ar aon mhéid a thaispeántar sa chlár comhardaithe maidir leis an ítim sin, eadhon—
 - (i) aon athbhreithniú ar an méid maidir le haon sócmhainní atá ar áireamh faoin ítim sin ar athbhreithniú é a rinneadh le linn na bliana sin ar aon bhonn a luaitear i mír 33 nó faoi na rialacha cuntasaíochta luacha chóir,
 - (ii) aon sócmhainní a fuarthas le linn na bliana sin,
 - (iii) aon sócmhainní a diúscaíodh le linn na bliana sin, agus
 - (iv) aon sócmhainní de chuid na cuideachta a aistríodh chuig an ítim, nó ón ítim sin, le linn na bliana sin.
- (2) An tagairt i bhfomhír (1)(a) do na méideanna cuí maidir le haon ítim amhail mar a bhí ar aon dáta a luaitear ansin, is tagairt í do mhéideanna a fhreagraíonn do na méideanna comhiomlána arna gcinneadh, amhail ar an dáta sin, maidir le sócmhainní a bheidh le háireamh faoin ítim sin—
- (a) ar bhonn an phraghais ceannaigh nó an chostais táirgthe (arna gcinneadh de réir mhíreanna 29 agus 30),
 - (b) ar aon bhonn a luaitear i mír 33, nó
 - (c) faoi na rialacha cuntasaíochta luacha chóir,
- de réir mar a bheidh (ach gan aon choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach a chur i gcuntas i gceann ar bith de chlásail (a), (b) agus (c)).
- (3) Maidir le gach ítim a thagann faoi réir fhomhír (1), luafar freisin—
- (a) méid carnach na gchoigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní atá ar áireamh faoin ítim sin amhail mar a bhí ar gach dáta a luaitear i bhfomhír (1)(a),
 - (b) méid aon choigeartuithe luacha den sórt sin a rinneadh i leith na bliana airgeadais lena mbaineann,

- (c) méid aon athruithe a rinneadh i leith aon choigeartuithe luacha den sórt sin le linn na bliana sin de thoradh aon sócmhainní a dhiúscairt, agus
- (d) méid aon athruithe eile a rinneadh i leith aon choigeartuithe luacha den sórt sin le linn na bliana sin.

Faisnéis i dtaobh luacháil chóir sócmhainní agus dliteanas

46. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás go ndearnadh ionstraimí airgeadais nó sócmhainní seachas ionstraimí airgeadais a áireamh ar luach cóir de bhua mhíreanna 38, 39 nó 40.
- (2) Luafar—
- (a) na toimhdí suntasacha is bun leis na múnlaí agus na teicnící luachála i gcás gur cinneadh luachanna córa ar shlí seachas faoi threoir an mhargadhphraghais i margadh gníomhach,
 - (b) maidir le gach earnáil ionstraimí airgeadais nó sócmhainní seachas ionstraimí airgeadais, luach cóir na n-ionstraimí airgeadais nó na sócmhainní, seachas ionstraimí airgeadais, san earnáil sin agus na méideanna—
 - (i) a áireofar sa chuntas sochair agus dochair, agus
 - (ii) a dhéanfar a chreidiúnú nó a fhéichiúnú don chúlchiste luacha chóir,
 i leith ionstraimí airgeadais nó sócmhainní, seachas ionstraimí airgeadais, san earnáil sin,
 - (c) maidir le gach aicme ionstraime airgeadais díorthaí, méid agus cineál na n-ionstraimí lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha suntasacha a fhéadfaidh difear a dhéanamh do mhéid, uainiú agus cinnteacht sreafaí airgid sa todhchaí, agus
 - (d) tábla ina dtaispeánfar gluaiseachtaí sa chúlchiste luacha chóir le linn na bliana airgeadais.

Faisnéis i gcás go n-áireofar maoin infheistíochta nó ainmhithe agus plandaí beo ar luach cóir

47. (1) Tá feidhm ag an mír seo i gcás go ndearnadh na méideanna a bheidh le háireamh i ráitis airgeadais cuideachta i leith maoin infheistíochta nó ainmhithe agus plandaí beo a chinneadh de réir mhír 40.
- (2) Nochtfar, sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais ar na beartais chuntasaíochta arna nglacadh ag an gcuideachta mar a éilítear le halt 321, na hítimí sa chlár comhardaithe a ndearnadh difear dóibh agus

an bonn luachála a úsáideadh chun méideanna na sócmhainní atá i gceist i gcás gach ítime den sórt sin a chinneadh.

Cuntas sochair agus dochair a leithreasú

48. Taispeánfar i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, i gclár comhardaithe cuideachta nó sna nótaí a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais cuideachta do bhliain airgeadais—
- (a) méid comhiomlán na ndíbhinní a íocadh le linn na bliana airgeadais (seachas díbhinní a raibh dliteanas ann ina leith ar an dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin),
 - (b) méid comhiomlán na ndíbhinní a dhlífidh an chuideachta a íoc ar an dáta deiridh bliana airgeadais (seachas díbhinní a raibh dliteanas ann ina leith ar an dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin),
 - (c) ar leithligh, aon aistriú idir an cúlchiste cuntais sochair agus dochair agus cúlchistí eile,
 - (d) aon mhéadú nó laghdú eile ar iarmhéid an chúlchiste cuntais sochair agus dochair ón dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin,
 - (e) an brabús nó an cailteanas a tugadh anall i dtosach na bliana airgeadais, agus
 - (f) an brabús nó an cailteanas a thugtar anonn i ndeireadh na bliana airgeadais.
49. (1) I gcás go n-aistreofar aon mhéid a aistriú chuig aon chúlchistí athluachála nó uathu agus go dtaispeánfar, nó go dtaispeánfaí murach mír 2(2) nó 4(4) (b), na cúlchistí athluachála mar ítimí ar leithligh i gclár comhardaithe na cuideachta, tabharfar an fhaisnéis a luaitear i bhfomhír (2) maidir le gach cúlchiste den sórt sin.
- (2) Leagfar an fhaisnéis amach i bhfoirm tábla, agus is éard í an fhaisnéis sin—
- (a) méid na gcúlchistí amhail mar a bhí ar dháta thosach na bliana airgeadais agus amhail mar a bhí ar an dáta deiridh bliana airgeadais, faoi seach,
 - (b) aon mhéid a aistríodh chuig na cúlchistí, nó uathu, le linn na bliana sin, agus
 - (c) foinse agus feidhm, faoi seach, aon mhéideanna a aistríodh amhlaidh.

Mionsonraí i dtaobh féichiúnais

50. (1) Maidir le gach ítim a thaispeántar faoi ‘creidiúnaithe’ i gclár comhardaithe na cuideachta, luafar méid comhiomlán aon fhiach atá ar áireamh faoin

ítim sin agus a bheidh le híoc nó le haisíoc tar éis dheireadh na tréimhse 5 bliana dar tosach an lá díreach i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais.

- (2) Maidir le gach ítim a thaispeántar faoi ‘creidiúnaithe’ i gclár comhardaithe na cuideachta, luafar—
- (a) méid comhiomlán aon fhiach atá ar áireamh faoin ítim sin agus a mbeidh aon urrús tugtha ina leith, agus
- (b) léiriú ar chineál na n-urrús a tugadh amhlaidh.
- (3) Aon tagairtí i bhfomhír (1) d’ítim a thaispeántar faoi ‘creidiúnaithe’ i gclár comhardaithe na cuideachta folaíonn siad, i gcás ina ndéantar idirdhealú sa chlár comhardaithe idir méideanna a bheidh le híoc le creidiúnaithe laistigh de bhliain amháin agus tar éis breis agus bliain amháin—
- (a) in aon chás a thagann faoi réim fhomhír (1), tagairtí d’ítim a thaispeántar faoin dara hearnáil díobh sin, agus
- (b) in aon chás a thagann faoi réim fhomhír (2), tagairtí d’ítim a thaispeántar faoi cheachtar de na hearnálacha sin,
- agus folaíonn tagairtí d’ítimí a thaispeántar faoi ‘creidiúnaithe’ tagairtí d’ítimí a thaispeánfaí faoin gceannteideal sin murach mír 2(2) nó 4(4)(b).

Ráthaíochtaí agus oibleagáidí airgeadais eile

51. (1) Tabharfar sonraí faoi aon mhuirear ar shócmhainní na cuideachta chun dliteanais aon duine eile a urrú, lena n-áirítear, más indéanta é, an méid a urraíodh.
- (2) Tabharfar sonraí agus an méid iomlán nó an méid iomlán measta maidir le haon oibleagáid, ráthaíocht nó teagmhas airgeadais eile nár soláthraíodh di nó dó sa chlár comhardaithe.
- (3) Tabharfar sna ráitis airgeadais léiriú ar chineál agus ar fhoirm aon urrúis luachmhar a thabharfaidh an chuideachta i dtaca leis na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais dá dtagraítear i bhfomhír (2).
- (4) Déanfar méid iomlán aon oibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír (2) i dtaca le sochair scoir a nochtadh ar leithligh.
- (5) Tabharfar sonraí, lena n-áirítear mionsonraí i dtaobh toimhdí suntasacha is bun leis na múnlaí luachála, i dtaobh oibleagáidí sochair scoir a bheidh ar áireamh sa chlár comhardaithe.
- (6) I gcás go mbaineann aon oibleagáid dá dtagraítear i bhfomhír (4) nó (5) go hiomlán nó go páirteach le sochair scoir is iníoctha le hiarstiúrthóirí de chuid na cuideachta, tabharfar sonraí ar leith i dtaobh na hoibleagáide sin.

(7) Déanfar méid comhiomlán aon oibleagáidí, ráthaíochtaí nó teagmhas dá dtagraítear i bhfomhír (2) agus a ghabhfar de lámh thar ceann nó chun tairbhe aon cheann díobh seo a leanas—

(a) aon ghnóthas sealbhaíochta nó comh-fhoghnóthas den chuideachta,

(b) aon fhoghnóthas den chuideachta, nó

(c) aon ghnóthas ina mbeidh leas rannpháirtíochta ag an gcuideachta,

a lua ar leithligh agus déanfar freisin na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais a thagann faoi réim gach ceann de chlásail (a), (b) agus (c) a lua ar leithligh ó na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais a thagann faoi réim aon cheann eile de na clásail sin.

Faisnéis is forlíonadh ar an gcuntas sochair agus dochair

52. Ceanglaítear, le mír 53, faisnéis a thabhairt a dhéanann forlíonadh ar an bhfaisnéis a thugtar maidir le haon ítimí áirithe a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair nó a thugann sonraí thairis sin faoi ioncam nó caiteachas na cuideachta nó faoi imthosca a dhéanann difear do na hítimí a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair.

Ítimí eisceachtúla

53. Nochtfar sa chuntas sochair agus dochair nó sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais faisnéis maidir le cineál, méid agus éifeacht ítimí leithleacha ioncaim agus caiteachais is ítimí eisceachtúla ó thaobh méide nó tarlachtainte.

Faisnéis ghinearálta

54. Ceanglaítear le míreanna 55 agus 56 faisnéis eile a thabhairt sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Idirbhearta páirtithe gaolmhara

55. (1) Faoi réir fhomhíreanna (3) agus (4), tabharfar sonraí sna nótaí a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais cuideachta maidir le hidirbhearta a rinne an chuideachta le páirtithe gaolmhara más rud é gur idirbhearta ábhartha iad na hidirbhearta sin agus nach mbeidh siad curtha i gcrích faoi ghnáthdhálaí margaidh agus áireofar sna sonraí méid na n-idirbheart sin, cineál an chaidrimh leis an bpáirtí gaolmhar agus faisnéis eile maidir leis na hidirbhearta is gá chun staid airgeadais na cuideachta a thuiscint.

(2) Féadfar soláthar sonraí agus faisnéise eile i dtaobh idirbhearta aonair a chomhiomlánú de réir a gcineáil, ach amháin i gcás gur gá faisnéis ar leithligh chun na héifeachtaí atá ag idirbhearta páirtithe gaolmhara ar staid airgeadais na cuideachta a thuiscint.

- (3) Ní bheidh feidhm ag fomhír (1) maidir le hidirbhearta a dhéanfaidh 2 chomhalta nó níos mó de ghrúpa más foghnóthas faoi lánúinéireacht ag comhalta den sórt sin aon fhoghnóthas is páirtí san idirbheart.
- (4) Níl feidhm ag fomhír (1) ach amháin maidir le páirtithe gaolmhara—
- (a) is sealbhóirí ar leasanna rannpháirtíochta sa chuideachta,
 - (b) is gnóthais a sealbhaíonn an chuideachta leas rannpháirtíochta iontu, agus
 - (c) is stiúirthóirí ar an gcuideachta nó ar chuideachta sealbhaíochta de chuid na cuideachta.
- (5) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa mhír seo agus a úsáidtear freisin in CITAnna, an bhrí chéanna sa mhír seo atá leis nó léi in CITAnna.

Teagmhais tar éis dheireadh na bliana airgeadais

56. Is sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais a thabharfar na sonraí i dtaobh teagmhais ábhartha a tharla tar éis dheireadh na bliana airgeadais agus tionchar airgeadais na dteagmhas sin.

CUID V

FORÁLACHA SPEISIALTA I GCÁS GUR CUIDEACHTA SEALBHAÍOCHTA NÓ FOGHNÓTHAS CUIDEACHTA

Déileálacha le grúpghnóthais nó leasanna sa chéanna

57. Tá feidhm ag an gCuid seo i gcás gur cuideachta sealbhaíochta an chuideachta, cibé acu is foghnóthas í féin nó nach ea.

Gnóthas sealbhaíochta an ghrúpa is lú d'ullmhú ráitis airgeadais grúpa

58. (1) I gcás gur foghnóthas cuideachta, luafar an fhaisnéis a shonraítear i bhfomhíreanna (2) agus (3) maidir le gnóthas sealbhaíochta an ghrúpa gnóthas is lú a bhfuil ráitis airgeadais grúpa tarraingthe suas dó agus a bhfuil an chuideachta ina comhalta de.
- (2) Luafar ainm an ghnóthais sealbhaíochta.
 - (3) Luafar—
 - (a) i gcás go bhfuil an gnóthas sealbhaíochta corpraithe, seoladh oifig chláraithe an ghnóthais sealbhaíochta nó, i gcás go bhfuil an gnóthas sealbhaíochta corpraithe lasmuigh den Stát, oifig chláraithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an ghnóthais sealbhaíochta sa tír ina bhfuil sé corpraithe, nó
 - (b) i gcás go bhfuil sé neamhchorpraithe, seoladh a phríomháite gnó.

CUID VI

LÉIRIÚ AR ABAIRTÍ ÁIRITHE SA SCEIDEAL

Sócmhainní Dochta nó Reatha

59. Chun críocha an Sceidil seo, measfar gur sócmhainní dochta sócmhainní cuideachta má bheartaítear iad a úsáid ar bhonn leanúnach i ngníomhaíochtaí na cuideachta, agus measfar gur sócmhainní reatha aon sócmhainní nach mbeartaítear a úsáid amhlaidh.

Caipitliú

60. Aon tagairtí sa Sceideal seo d'aon obair nó costais a chaipitliú is tagairtí iad do dhéileáil leis an obair sin nó leis na costais sin mar shócmhainn dhocht.

Maoin infheistíochta

61. Sa Sceideal seo, ciallaíonn 'maoin infheistíochta' talamh nó foirgnimh (nó iad araon) a bheidh ar seilbh chun cíosanna a thuilleamh nó i gcomhair luachmhéadú caipitil (nó iad araon).

Iasachtaí

62. Chun críocha an Sceidil seo, measfar go ndlífear iasacht a íoc, agus measfar go ndlífear tráthchuid d'iasacht a íoc, ar an dáta is luaithe ar a bhféadfadh an t-iasachtóir aisiocaíocht nó (de réir mar a bheidh) íocaíocht a éileamh dá bhfeidhmeodh an t-iasachtóir na roghanna agus na cearta go léir atá ar fáil dó nó di.

Ábharthacht

63. Sa Sceideal seo, ciallaíonn 'ábhartha' an stádas faisnéise a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún, dá bhfágfaí an fhaisnéis ar lár nó dá ndéanfaí míráiteas ina leith, go mbeadh tionchar aige sin ar bhreitheanna a thugann úsáideoirí ar bhonn ráitis airgeadais an ghnóthais; agus déanfar measúnú ar ábharthacht ítimí leithleacha i gcomhthéacs ítimí den tsamhail chéanna.

Coigeartuithe luacha

64. (1) Aon tagairtí sa Sceideal seo do choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní is tagairtí iad d'aon mhéid a dhíscríobhtar chun soláthar do dhíluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní.
- (2) Sna foirmlí do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach i gCuid II, aon tagairt do dhíluachadh sócmhainní d'aon tuairisc, nó do mhéideanna a dhíscríobhtar uathu, is tagairt í don ghluaiseacht in aon choigeartú luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní den tuairisc sin.

Soláthairtí

65. Aon tagairtí sa Sceideal seo do sholáthairtí le haghaidh dliteanas is tagairtí iad d'aon mhéid a choinnítear mar mhéid is gá le réasún chun soláthar d'aon dliteanas a bhfuil a chineál mínithe go soiléir agus atá ann ar an dáta deiridh bliana airgeadais ach a bhfuil éiginnteacht ann maidir lena mhéid nó maidir leis an dáta a shocrófar é.

Praghas ceannaigh

66. Aon tagairtí sa Sceideal seo (cibé caoi a sainítear iad) do phraghas ceannaigh sócmhainne cuideachta nó aon bhunábhar nó earraí inchaite a úsáidtear ag táirgeadh aon sócmhainn den sórt sin, léifear iad mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d'aon chomaoin (cibé acu in airgead tirim nó ar shlí eile) a thug an chuideachta i leith na sócmhainne sin nó i leith na n-ábhar nó na n-earraí inchaite sin (de réir mar is gá sa chás).”.

SCEIDEAL 3

“SCEIDEAL 3B

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA, FOIRM AGUS ÁBHAR RÁITEAS AIRGEADAIS CUIDEACHTA A CHÁILÍONN
LE HAGHAIDH CHÓRAS NA MICREACHUIDEACHTAÍ

CUID I

TAGAIRTÍ D’FHORÁLACHA AN SCEIDIL A FHORLÉIRIÚ

1. (1) Gan dochar do ghinearáltacht alt 9 den Acht Léiriúcháin, 2005 ná dá fheidhm maidir le corp an Achta seo agus maidir le Sceidil 1, 2 agus 5 go 18—
 - (a) aon tagairt sa Sceideal seo do mhír nó do Chuid, is tagairt í do mhír nó do Chuid den Sceideal seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
 - (b) aon tagairt sa Sceideal seo d’alt, is tagairt í don alt den Chuid ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe, agus
 - (c) aon tagairt sa Sceideal seo d’fhomhír nó do chlásal, is tagairt í don fhomhír nó don chlásal den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.
- (2) Tá forálacha lena bhforáiltear maidir le léiriú abairtí áirithe atá sa Sceideal seo i gCuid V.

CUID II

RIALACHA GINEARÁLTA AGUS FOIRMLÍ

ALT A

RIALACHA GINEARÁLTA

2. (1) Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo—
 - (a) ní mór do gach clár comhardaithe de chuid cuideachta na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chláir comhardaithe atá leagtha amach in Alt B a thaispeáint, agus
 - (b) ní mór do gach cuntas sochair agus dochair de chuid cuideachta na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach amhlaidh a thaispeáint,

agus, i gceachtar cás, beidh na hítimí sin san ord, agus faoi na ceannteidil, atá san fhoirmle atá á húsáid.

- (2) Ní léifear fomhír (1) mar fhomhír a cheanglaíonn an ceannuideal d'aon ítim i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith sonraithe le haon litir nó uimhir atá sannta don ítim sin sna foirmlí atá leagtha amach in Alt B.
3. (1) Más rud é, de réir mhír 2(1)(a), go mbeidh clár comhardaithe cuideachta d'aon bhliain airgeadais ullmhaithe faoi threoir ceann de na foirmlí atá leagtha amach in Alt B, úsáidfidh stiúrthóirí na cuideachta an fhoirmle chéanna le linn dóibh a bheith ag ullmhú na ráiteas airgeadais do bhlianta airgeadais dá éis sin mura mbeidh, dar leo, cúiseanna speisialta ann chun iad a athrú.
- (2) I gcás go ndéantar aon athrú ar an bhfoirmle a úsáidtear le linn clár comhardaithe cuideachta a bheith á ullmhú, tabharfar na cúiseanna a bhí leis an athrú, mar aon le sonraí iomlána i dtaobh an athraithe, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais ina n-úsáidtear an fhoirmle nua den chéad uair.
4. (1) Aon ítim a cheanglaítear a thaispeáint, de réir mhír 2, i gclár comhardaithe cuideachta nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta féadfar sonraí níos mine a thabhairt ina leith ná mar a cheanglaítear leis an bhfoirmle a úsáidtear.
- (2) Féadfar a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, ítim a fhreagraíonn do mhéid, nó a chuimsíonn méid, aon sócmhainne nó dliteanas nó ioncaim nó caiteachais nach bhfuil cuimsithe thairis sin in aon cheann de na hítimí atá liostaithe san fhoirmle atá á húsáid, ach ní dhéileálfar leis na nithe seo a leanas mar shócmhainní i gclár comhardaithe cuideachta—
- (a) réamhchaiteachais,
- (b) caiteachais maidir le haon scaireanna nó bintiúir a eisiúint agus coimisiún ar an eisiúint sin, agus
- (c) costais taighde.
- (3) Féadfar fo-iomláin a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, i gcás go n-éascófaí staid airgeadais nó brabús nó cailteanas na cuideachta don bhliain airgeadais lena mbaineann a mheasúnú de bharr iad a áireamh.
- (4) I gcás go mbaineann sócmhainn nó dliteanas le níos mó ná ceann amháin de na hítimí atá liostaithe i gceachtar de na foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach in Alt B, déanfar an gaol atá aici nó aige le hítimí eile a nochtadh faoin ítim ina dtaispeántar í nó é sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (5) Beidh an clár comhardaithe tosaigh do gach bliain airgeadais ar comhréir leis an gclár comhardaithe deiridh don bhliain airgeadais roimhe sin.
5. Maidir le gach ítim a thaispeántar i gclár comhardaithe cuideachta, nó i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, nó sna nótaí a ghabhann leo, taispeánfar freisin an méid comhréire don bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas

sochair agus dochair agus, mura bhfuil an méid comhréire sin inchomórtais leis an méid atá le taispeáint i leith na hítim atá i gceist maidir leis an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair, féadfar an méid comhréire sin a choigeartú, agus tabharfar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, sonraí i dtaobh an choigeartaithe agus na cúiseanna a bhí leis.

6. (1) Faoi réir fhomhír (2), aon cheannteideal a fhreagraíonn d'ítim atá liostaithe san fhoirmle a úsáidtear le linn clár comhardaithe cuideachta, nó cuntas sochair agus dochair cuideachta, a bheith á ullmhú, ní áireofar é sa chlár comhardaithe nó sa chuntas sochair agus dochair, de réir mar a bheidh, mura bhfuil aon mhéid le taispeáint i leith na hítim sin maidir leis an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair.
- (2) Ní bheidh feidhm ag fómhír (1) in aon chás inar féidir méid a thaispeáint i leith na hítim atá i gceist maidir leis an mbliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann an clár comhardaithe nó an cuntas sochair agus dochair, agus taispeánfar an méid sin faoin gceannteideal a cheanglaítear leis an bhfoirmle atá á húsáid mar a dúradh.
7. (1) Faoi réir fhomhír (2), ní cead méideanna i leith ítimí a fhreagraíonn do shócmhainní nó d'ioncam a fhritháireamh i ráitis airgeadais cuideachta in aghaidh méideanna i leith ítimí a fhreagraíonn do dhliteanais nó do chaiteachas, de réir mar a bheidh, ná *vice versa*.
- (2) Ní bheidh feidhm ag fómhír (1) in aon chás ina mbeidh an fritháireamh sin de réir caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, ar choinníoll go nochtfar na hollmhéideanna i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

ALT B

NA FOIRMLÍ RIACHTANACHA DO RÁITIS AIRGEADAIS

Réamhráiteach

8. Aon tagairtí sa Chuid seo do na hítimí atá liostaithe in aon cheann de na foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo is tagairtí iad do na hítimí sin arna léamh i dteannta aon nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí a bhaineann le haon cheann de na hítimí sin.
9. Aon uimhir idir lúibíní i ndiaidh aon ítim in aon cheann de na foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo, nó i ndiaidh aon cheannteideal in aon cheann de na foirmlí sin, is tagairt í don nóta lena bhfuil an uimhir sin sna nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí.
10. Sna nótaí i ndiaidh na bhfoirmlí—
 - (a) tugann ceannteideal gach nóta an ceannteideal nach foláir a úsáid maidir leis an ítim lena mbaineann sé mar aon le tagairt d'aon litreacha agus uimhreacha a shanntar don ítim sin sna foirmlí atá leagtha amach sa Chuid seo, agus

- (b) aon tagairtí d'fhoirmle lena ngabhann uimhir is tagairtí iad don fhoirmle do chlár comhardaithe lena ngabhann an uimhir sin mar atá leagtha amach sa Chuid seo.

FOIRMLÍ DO CHLÁR COMHARDAITHE

Foirmle 1

- A. Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íochta
- B. Sócmhainní dochta
- C. Sócmhainní reatha
- D. Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe
- E. Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin
- F. Glansócmhainní reatha (dliteanais)
- G. Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha
- H. Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis breis agus bliain amháin
- I. Soláthairtí le haghaidh dliteanas
- J. Méideanna fabhraithe agus ioncam iarchurtha
- K. Caipiteal agus cúlchistí

Foirmle 2

SÓCMHAINNÍ

- A. Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íochta
- B. Sócmhainní dochta
- C. Sócmhainní reatha
- D. Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe

CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS

- A. Caipiteal agus cúlchistí
- B. Soláthairtí le haghaidh dliteanas
- C. Creidiúnaithe (1)
- D. Méideanna fabhraithe agus ioncam iarchurtha

NÓTA MAIDIR LEIS NA FOIRMLÍ DO CHLÁR COMHARDAITHE

- (1) Creidiúnaithe

(*Foirmle 2, 'CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS', ítim C*)

Déanfar méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin a thaispeáint ar leithligh ó na méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin.

FOIRMLE DO CHUNTAS SOCHAIR AGUS DOCHAIR

1. Láimhdeachas
2. Ioncam eile
3. Costas bunábhar agus earraí inchaite
4. Costais foirne
5. Coigeartuithe luacha agus méideanna eile arna ndíscríobh ó shócmhainní
6. Caiteachais eile
7. Cáin
8. Brabús nó cailteanas

CUID III

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA AGUS RIALACHA LUACHÁLA

ALT A

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA

Réamhráiteach

11. Faoi réir mhír 18, déanfar na méideanna a bheidh le háireamh i ráitis airgeadais cuideachta i leith na n-ítimí a thaispeántar a chinneadh de réir na bprionsabal a leagtar amach i míreanna 12 go 17.

Prionsabail Chuntasaíochta

12. Toimhdeofar go bhfuil an chuideachta ag seoladh gnó mar ghnóthas leantach.
13. Cuirfear beartais chuntasaíochta agus boinn tomhais i bhfeidhm go seasta ó bhliain airgeadais go chéile.
14. Déanfar méid aon ítime sna ráitis airgeadais a chinneadh ar bhonn críonna agus go háirithe—
 - (a) ní dhéanfar ach brabúis a bheidh réadaithe ar an dáta deiridh bliana airgeadais a áireamh sa chuntas sochair agus dochair,
 - (b) déanfar gach dliteanas a d'éirigh i gcaitheamh na bliana airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais, nó i gcaitheamh bliain airgeadais roimhe sin, a chur i gcuntas, fiú amháin mura dtagann na dliteanas sin chun suntais go dtí dáta idir an dáta deiridh bliana airgeadais agus an dáta ar a sínítear na ráitis airgeadais faoi alt 324, agus

- (c) aithneofar gach coigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach, cibé acu is brabús nó caillteanas an toradh don bhliain airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais.
15. Déanfar an t-ioncam agus na caiteachais go léir a bhaineann leis an mbliain airgeadais lena mbaineann na ráitis airgeadais a chur i gcuntas gan féachaint do dháta na fála nó na híocaíochta.
16. Le linn méid comhiomlán aon ítime a bheith á chinneadh, déanfar méid gach sócmhainne nó gach dliteanais a bheidh le cur i gcuntas a chinneadh ar leithligh.
17. Déanfar ítimí sa chuntas sochair agus dochair agus sa chlár comhardaithe a chur i gcuntas agus a thíolacadh ag féachaint do shubstaint an idirbhirt nó na comhshocraíochta tuairiscithe de réir caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme.
18. Ní gá forálacha an Sceidil seo a chomhlíonadh i gcás nach bhfuil na méideanna atá i gceist ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.

Imeacht ó na prionsabail chuntasaíochta

19. Má dhealraíonn sé do stiúrthóirí cuideachta go bhfuil cúiseanna speisialta ann le himeacht ó aon cheann de na prionsabail a luaitear thuas le linn ráitis airgeadais na cuideachta a bheith á n-ullmhú in aon bhliain áirithe, féadfaidh siad imeacht amhlaidh uaidh, ach luafar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, sonraí faoi na cásanna inar imíodh uaidh, na cúiseanna a bhí leis agus an éifeacht a bhí leis an imeacht sin ar chlár comhardaithe na cuideachta agus ar chuntas sochair agus dochair na cuideachta.

ALT B

RIALACHA CUNTASAÍOCHTA UM CHOSTAS BUNOIDH

Réamhráiteach

20. Déanfar na méideanna a bheidh le háireamh maidir leis na hítimí go léir a thaispeántar i ráitis airgeadais cuideachta a chinneadh de réir na rialacha atá leagtha amach i míreanna 21 go 30.

SÓCMHAINNÍ DOCHTA

Rialacha ginearálta

21. Faoi réir aon choigeartú luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach arna dhéanamh de réir mhír 22 nó 23, is é méid a bheidh le háireamh maidir le haon sócmhainn dhocht a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe.

Rialacha le haghaidh díluachadh agus laghdú ar luach

22. I gcás aon sócmhainn dhocht a bhfuil teorainn lena saol eacnamúil úsáideach, déanfar—
- (a) méid a praghais ceannaigh nó a costais táirgthe, nó

- (b) i gcás go meastar go mbeidh iarmharluach ag aon sócmhainn den sórt sin an tráth a bheidh deireadh lena saol eacnamúil úsáideach, méid a praghais ceannaigh nó a costais táirgthe, lúide an t-iarmharluach measta sin,

a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d'fhonn an méid sin a dhíscríobh go rianúil thar thréimhse shaol eacnamúil úsáideach na sócmhainne.

23. (1) I gcás go mbeidh laghdú tagtha ar luach sócmhainne airgeadais is de thuirisc atá le háireamh faoi ítim A.III i gceachtar de na foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II, féadfar coigeartuithe luacha a dhéanamh do laghdú ar luach maidir léi agus féadfar an méid atá le háireamh maidir léi a laghdú dá réir sin; agus déanfar aon choigeartuithe luacha den sórt sin nach dtaispeántar ar leithligh sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (2) Déanfar coigeartuithe luacha le haghaidh laghdú ar luach maidir le haon sócmhainn dhocht ar tháinig laghdú ar a luach más dócha gur buanlaghdú a bheidh sa laghdú sin ar a luach (bíodh nó ná bíodh teorainn lena saol eacnamúil úsáideach) agus déanfar an méid atá le háireamh maidir léi a laghdú dá réir sin; agus déanfar aon choigeartuithe luacha den sórt sin nach dtaispeántar ar leithligh sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.
- (3) I gcás na cúiseanna ar a ndearnadh aon choigeartú luacha de réir fhomhír (1) nó (2) a bheith scortha d'fheidhm a bheith acu go feadh méid ar bith, déanfar an choigeartú luacha sin a chúlscríobh a mhéid nach gá a thuilleadh é; agus déanfar aon mhéideanna a bheidh cúlscríofa de réir na fomhíre seo agus nach dtaispeántar sa chuntas sochair agus dochair a nochtadh (ar leithligh nó san iomlán) i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Rialacha chun ítimí áirithe de shócmhainní dochta a chinneadh

24. (1) D'ainneoin ítim maidir le 'costais forbraíochta' a bheith ar áireamh faoi 'sócmhainní dochta' sna foirmlí do chlár comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II, ní fhéadfar méid a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta maidir leis an ítim sin ach amháin in imthosca speisialta.
- (2) Má bhíonn méid ar áireamh i gclár comhardaithe cuideachta maidir le costais forbraíochta, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais—
- (a) an tréimhse ar thairsti atá méid na gcostas sin, mar a caipitlíodh i dtosach iad, á dhíscríobh nó le díscríobh, agus
- (b) na cúiseanna ar ar caipitlíodh na costais atá i gceist.

25. (1) Is faoi réir na bhforálacha seo a leanas den mhír seo a bheidh feidhm ag míreanna 21 go 23 i ndáil le cáilmheas agus costais forbraíochta (in aon chás ina n-áirítear cáilmheas nó costais forbraíochta mar shócmhainní) agus sócmhainní doláimhsithe eile.
- (2) Faoi réir fhomhír (3), déanfar—
- (a) méid na comaoine i leith aon cháilmheas a fuair cuideachta,
- (b) méid na gcostas forbraíochta a caipitlíodh, nó
- (c) méid na sócmhainní doláimhsithe eile a aithníodh,
- a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d'fhonn an méid sin a dhíscríobh go rianúil thar shaol eacnamúil úsáideach an cháilmheasa, na gcostas forbraíochta nó na sócmhainní doláimhsithe eile.
- (3) Más rud é, in imthosca eisceachtúla, nach féidir saol úsáideach an cháilmheasa a fuair cuideachta nó costais forbraíochta nó sócmhainní doláimhsithe eile a caipitlíodh a mheas go hiontaofa, déanfar na méideanna dá dtagraítear i bhfomhír (2)(a), (b) agus (c) a laghdú de choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh arna ríomh d'fhonn na méideanna sin a dhíscríobh go rianúil thar thréimhse nach faide ná 10 mbliana.
- (4) In aon chás ina ndéantar aon cháilmheas a fuair cuideachta a thaispeáint nó a áireamh mar shócmhainn i gclár comhardaithe na cuideachta, nochtfar, i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais, an tréimhse a roghnaíodh chun an chomaoin i leith an cháilmheasa sin a dhíscríobh agus na cúiseanna ar ar roghnaíodh an tréimhse sin.
- (5) Más rud é, de réir mhír 23(2), go mbeifear tar éis coigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach a aithint le haghaidh cáilmheasa, fiú má mheastar nach ann a thuilleadh don chúis leis an laghdú ar luach, ní fhreaschuirfear an coigeartú luacha mar a éilítear le mír 23(3).

SÓCMHAINNÍ REATHA

26. Faoi réir mhír 27, is é méid a bheidh le háireamh maidir le haon sócmhainn reatha a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe.
27. (1) Más lú glanluach inréadaithe aon sócmhainne reatha ná a praghas ceannaigh nó a costas táirgthe, is é méid a bheidh le háireamh maidir leis an tsócmhainn sin an glanluach inréadaithe.
- (2) I gcás na cúiseanna ar a ndearnadh aon choigeartú luacha le haghaidh laghdú ar luach faoi fhomhír (1) a bheith scortha d'fheidhm a bheith acu go feadh méid ar bith, déanfar an coigeartú luacha sin a chúlscriobh a mhéid nach gá a thuilleadh é.

ILGHNÉITHEACH

An bhreis atá ag airgead dlite thar luach a fuarthas a bheith ina hítim sócmhainne

28. (1) I gcás gur mó an méid is inaisíoctha ar aon fhiach atá dlite de chuideachta ná luach na comaoine a fuarthas san idirbheart ba bhun leis an bhfiach, féadfar méid na difríochta a áireamh mar shócmhainn.
- (2) I gcás aon mhéid den sórt sin a bheith ann—
- (a) déanfar é a dhíscríobh de mhéideanna réasúnta gach bliain agus beidh sé díscríofa go hiomlán sula n-aisíocfar an fiach, agus
- (b) mura ndéantar an méid nach bhfuil díscríofa a thaispeáint mar ítim ar leithligh i gclár comhardaithe na cuideachta, nochtfar é i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

PRAGHAS CEANNAIGH NÓ COSTAS TÁIRGTHE A CHINNEADH

29. (1) Cinnfear praghas ceannaigh sócmhainne trí aon chaiteachais a ghabh lena fáil a chur leis an bpraghas a íocadh iarbhír agus trí aon ioncam a ghabh lena fáil a asbhaint as an bpraghas a íocadh iarbhír.
- (2) Cinnfear costas táirgthe sócmhainne trí mhéid na gcostas a thabhaigh an chuideachta, agus is inchurtha go díreach i leith tháirgeadh na sócmhainne sin, a chur le praghas ceannaigh na mbunábhar agus na n-earraí inchaite a úsáideadh.
- (3) Ina theannta sin, féadfar na nithe seo a leanas a áireamh i gcostas táirgthe sócmhainne—
- (a) cion réasúnach de na costais a thabhaigh an chuideachta agus nach inchurtha ach go neamhdhíreach i leith tháirgeadh na sócmhainne sin a mhéid amháin a bhaineann siad leis an tréimhse tháirgthe, agus
- (b) ús ar chaipiteal a fuarthas ar iasacht d'fhonn táirgeadh na sócmhainne sin a mhaoiniú, a mhéid a fhabhraíonn sé i leith na tréimhse táirgthe, ar choinníoll, áfach, i gcás a thagann faoi réim chlásal (b), go nochtfar i nóta a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais gur cuireadh an t-ús san áireamh le linn costas na sócmhainne sin a bheith á chinneadh, mar aon le méid an úis a cuireadh san áireamh amhlaidh.
- (4) Ní fhéadfar costais dáilte a áireamh i gcostais táirgthe.
30. (1) Faoi réir an agúis a luaitear i bhfomhír (2), féadfar praghas ceannaigh nó costas táirgthe—
- (a) aon sócmhainní a bheidh le háireamh faoin ítim ghinearálta 'stoic' a thaispeántar i gclár comhardaithe cuideachta, agus

(b) aon sócmhainní is sócmhainní idirmhalartacha (lena n-áirítear infheistíochtaí),

a chinneadh trí aon cheann de na modhanna a luaitear i bhfomhír (3) a fheidhmiú i ndáil le haon sócmhainní den sórt sin ar den aicme chéanna iad.

- (2) Ní foláir modh a roghnú is dóigh leis na stiúrtóirí a bheith cuí ag féachaint do dhálaí na cuideachta.
- (3) Is iad seo a leanas na modhanna sin—
 - (a) an modh ar a dtugtar ‘isteach i dtosach, amach i dtosach’ (ITAT),
 - (b) meánphraghas ualaithe, agus
 - (c) aon mhodh eile a léiríonn an dea-chleachtas a bhfuil glacadh coitianta leis.
- (4) Chun críoch na míre seo, measfar gur sócmhainní idirmhalartacha sócmhainní de thairisc ar bith mura féidir, tríd is tríd, sócmhainní den tairisc sin a idirdhealú óna chéile.

CUID IV

FAISNÉIS A CHEANGLÁITEAR A THABHAIRT I NÓTAÍ A BHEIDH AG GABHÁIL LE RÁITIS AIRGEADAIS

Réamhráiteach

31. (1) Aon fhaisnéis a cheanglaítear ar aon chuideachta a thabhairt leis na forálacha ina dhiaidh seo den Chuid seo, ní foláir í a thabhairt i nóta a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais na cuideachta (mura mbeidh sí tugtha sna ráitis airgeadais féin).
- (2) Tíolacfar na nótaí sin san ord ina ndéanfar, más iomchuí, na hítimí lena mbaineann siad a thíolacadh sa chlár comhardaithe agus sa chuntas sochair agus dochair.

Faisnéis is forlíonadh ar an gclár comhardaithe

32. Ceanglaítear, le míreanna 33 go 35, faisnéis a thabhairt a dhéanann forlíonadh ar an bhfaisnéis a thugtar maidir le haon ítimí áirithe a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó atá ábhartha thairis sin chun staid airgeadais na cuideachta a mheasúnú ag féachaint don fhaisnéis a thugtar amhlaidh.

Cuntas sochair agus dochair a leithreasú

33. Taispeánfar i gcuntas sochair agus dochair cuideachta, i gclár comhardaithe cuideachta nó sna nótaí a bheidh ag gabháil le ráitis airgeadais cuideachta do bhliain airgeadais—

- (a) méid comhiomlán na ndíbhinní a íocadh le linn na bliana airgeadais (seachas díbhinní a raibh dliteanas ann ina leith ar an dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin),
- (b) méid comhiomlán na ndíbhinní a dhlífidh an chuideachta a íoc ar an dáta deiridh bliana airgeadais (seachas díbhinní a raibh dliteanas ann ina leith ar an dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin),
- (c) ar leithligh, aon aistriú idir an cuntas sochair agus dochair agus cúlchistí eile,
- (d) aon mhéadú nó laghdú eile ar iarmhéid an chuntais sochair agus dochair ón dáta deiridh bliana airgeadais díreach roimhe sin,
- (e) an brabús nó an cailteanas a tugadh anall i dtosach na bliana airgeadais, agus
- (f) an brabús nó an cailteanas a thugtar anonn i ndeireadh na bliana airgeadais.

Sonraí i dtaobh féichiúnais

34. Maidir le ‘creidiúnaithe’ i gclár comhardaithe na cuideachta, luafar—

- (a) méid comhiomlán aon fhiach atá ar áireamh faoin ítim sin agus a mbeidh aon urrús tugtha ina leith, agus
- (b) léiriú ar chineál na n-urrús a tugadh amhlaidh.

Ráthaíochtaí agus oibleagáidí airgeadais eile

35. (1) Tabharfar sonraí faoi aon mhuirear ar shócmhainní na cuideachta chun dliteanais aon duine eile a urrú, lena n-áirítear, más indéanta é, an méid a urraíodh.
- (2) Tabharfar sonraí agus an méid iomlán nó an méid iomlán measta maidir le haon oibleagáidí, ráthaíochtaí nó teagmhais airgeadais eile nár soláthraíodh dóibh sa chlár comhardaithe.
- (3) Tabharfar sna ráitis airgeadais léiriú ar chineál agus ar fhoirm aon urrúis luachmhair a thabharfaidh an chuideachta i dtaca leis na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais dá dtagraítear i bhfomhír (2).
- (4) Déanfar méid iomlán aon oibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír (2) i dtaca le sochair scoir a nochtadh ar leithligh.
- (5) Tabharfar sonraí i dtaobh oibleagáidí sochair scoir a bheidh ar áireamh sa chlár comhardaithe.

(6) Déanfar méid comhiomlán aon oibleagáidí, ráthaíochtaí nó teagmhas dá dtagraítear i bhfomhír (2) agus a ghabhfar de lámh thar ceann nó chun tairbhe aon cheann díobh seo a leanas—

(a) aon ghnóthas sealbhaíochta nó comh-fhoghnóthas den chuideachta,

(b) aon fhoghnóthas den chuideachta, nó

(c) aon ghnóthas ina mbeidh leas rannpháirtíochta ag an gcuideachta,

a lua ar leithligh agus déanfar freisin na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais a thagann faoi réim gach ceann de chlásail (a), (b) agus (c) a lua ar leithligh ó na hoibleagáidí, na ráthaíochtaí nó na teagmhais a thagann faoi réim aon cheann eile de na clásail sin.

CUID V

LÉIRIÚ AR ABAIRTÍ ÁIRITHE SA SCEIDEAL

Sócmhainní dochta nó reatha

36. Chun críocha an Sceidil seo, measfar gur sócmhainní dochta sócmhainní cuideachta má bheartaítear iad a úsáid ar bhonn leanúnach i ngníomhaíochtaí na cuideachta, agus measfar gur sócmhainní reatha aon sócmhainní nach mbeartaítear a úsáid amhlaidh.

Ábharthacht

37. Sa Sceideal seo, ciallaíonn ‘ábhartha’ an stádas faisnéise a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún, dá bhfágfaí an fhaisnéis ar lár nó dá ndéanfaí míráiteas ina leith, go mbeadh tionchar aige sin ar bhreitheanna a thugann úsáideoirí ar bhonn ráitis airgeadais an ghnóthais. Déanfar measúnú ar ábharthacht ítimí leithleacha i gcomhthéacs ítimí den tsamhail chéanna.

Coigeartuithe luacha

38. (1) Aon tagairtí sa Sceideal seo do choigeartuithe luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní is tagairtí iad d’aon mhéid a dhíscríobhtar chun soláthar do dhíluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní.

(2) San fhoirmle do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach i gCuid II, aon tagairt do mhéideanna arna ndíscríobh ó shócmhainní, is tagairt í don ghluaiseacht in aon choigeartú luacha le haghaidh díluachadh nó laghdú ar luach sócmhainní den tuairisc sin.

Soláthairtí

39. Aon tagairtí sa Sceideal seo do sholáthairtí is tagairtí iad d’aon mhéid a choinnítear mar mhéid is gá le réasún chun soláthar d’aon dliteanas a bhfuil a chineál mínithe go soiléir agus atá ann ar an dáta deiridh bliana airgeadais

ach a bhfuil éiginnteacht ann maidir lena mhéid nó maidir leis an dáta a shocrófar é.

Praghas ceannaigh

40. Aon tagairtí sa Sceideal seo (cibé caoi a sainítear iad) do phraghas ceannaigh sócmhainne cuideachta nó aon bhunábhar nó earraí inchaite a úsáidtear ag táirgeadh aon sócmhainn den sórt sin, léifear iad mar thagairtí a fholáionn tagairtí d'aon chomaoin (cibé acu in airgead tirim nó ar shlí eile) a thug an chuideachta i leith na sócmhainne sin nó i leith na n-ábhar nó na n-earraí inchaite sin (de réir mar is gá sa chás).”.

SCEIDEAL 4

“SCEIDEAL 4

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA, FOIRM AGUS ÁBHAR RÁITEAS AIRGEADAIS GRÚPA

CUID I

TAGAIRTÍ D’FHORÁLACHA AN SCEIDIL A FHORLÉIRIÚ

1. Gan dochar do ghinearáltacht alt 9 den Acht Léiriúcháin, 2005 ná dá fheidhm maidir le corp an Achta seo agus maidir le Sceidil 1, 2 agus 5 go 18—
 - (a) aon tagairt sa Sceideal seo do mhír nó do Chuid, is tagairt í do mhír nó do Chuid den Sceideal seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe, agus
 - (b) aon tagairt sa Sceideal seo d’fhómhír nó do chlásal, is tagairt í don fhómhír nó don chlásal den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.

CUID II

RIALACHA GINEARÁLTA AGUS FOIRMLÍ

RIALACHA GINEARÁLTA

2. (1) Déanfar le ráitis airgeadais grúpa, seachas aon mhodhnuithe is gá chun difríochtaí idir ráitis airgeadais grúpa agus ráitis airgeadais eintitis a chur i gcuntas, forálacha Sceideal 3 a chomhlíonadh amhail is dá mba chuideachta aonair na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú (an ‘grúpa’).
- (2) Go háirithe, chun críocha mhír 68 de Sceideal 3 mar atá feidhm aici maidir le ráitis airgeadais grúpa—
 - (a) déileálfar le haon fhoghnóthais de chuid na cuideachta sealbhaíochta nach ndéileáiltear leo sna ráitis airgeadais grúpa mar fhoghnóthas de chuid an ghrúpa, agus
 - (b) más foghnóthas an chuideachta sealbhaíochta féin, déileálfar leis an ngrúpa mar fhoghnóthas de chuid aon ghnóthas sealbhaíochta de chuid na cuideachta sealbhaíochta, agus léifear an tagairt do chomh-fhoghnóthais dá réir sin.
3. (1) Déanfar leis an gclár comhardaithe grúpa agus leis an gcuntas sochair agus dochair grúpa an fhaisnéis atá sna cláir comhardaithe agus sna cuntais sochair agus dochair ar leithligh de chuid na cuideachta sealbhaíochta agus de chuid na bhfoghnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú, a chomhdhlúthú ina hiomláine, faoi réir na gcoigeartuithe a éilítear nó

a cheadaítear leis na forálacha seo a leanas den Sceideal seo agus cibé coigeartuithe eile (más ann) is cuí de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

- (2) Más tá difríocht idir bliain airgeadais foghnóthais a ndéileáiltear léi sna ráitis airgeadais grúpa agus bliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta, tarraingeofar na ráitis airgeadais grúpa suas—
- (a) ó ráitis airgeadais eintitis an fhoghnóthais don bhliain airgeadais deiridh dá chuid dar críoch roimh dheireadh bhliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta ar choinníoll gur críochnaíodh an bhliain airgeadais tráth nach faide ná 3 mhí roimh bhliain airgeadais an ghnóthais sealbhaíochta agus go gcomhlíontar fómhír (3), nó
- (b) ó ráitis airgeadais eatramhacha arna dtarraingt suas ag an bhfoghnóthas amhail ag deireadh bhliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta.
- (3) I gcás go ndéantar na ráitis airgeadais grúpa a tharraingt suas ó ráitis airgeadais eintitis de chuid foghnóthais dá dtagraítear i bhfómhír (2) (a), cuirfear i gcuntas agus, más cuí, nochtfar teagmhais thábhachtacha a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailleanas an fhoghnóthais idir dáta deiridh bliana airgeadais an fhoghnóthais agus dáta deiridh bliana airgeadais na cuideachta sealbhaíochta.

LEASUITHE AR FHOIRMLÍ I SCEIDEAL 3

Leasanna neamhurlámhais

4. (1) I bhfeidhmiú Fhoirmlí 1 agus 2 de na Foirmlí do Chlár Comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II de Sceideal 3 a ghabhann le ráitis airgeadais grúpa, taispeánfar ítim ar leithligh faoin gceannteideal ‘Leasanna Neamhurlámhais’—
- (a) i bhFoirmle 1 i ndiaidh ítim H, agus
- (b) i bhFoirmle 2 faoin gceannteideal ginearálta ‘CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS’, idir ítimí A agus B.
- (2) Is é an méid atá le taispeáint faoin gceannteideal ‘Leasanna Neamhurlámhais’ dá dtagraítear i bhfómhír (1) an méid scairchaipitil agus cúlchistí is inchurtha i leith scaireanna i bhfoghnóthais atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa a shealbhóidh daoine seachas an chuideachta sealbhaíochta agus a cuid foghnóthas nó a shealbhófar thar ceann na ndaoine sin .
5. (1) I bhfeidhmiú Fhoirmlí 1 agus 2 de na Foirmlí do Chuntas Sochair agus Dochair atá leagtha amach i gCuid II de Sceideal 3 a ghabhann le

ráitis airgeadais grúpa, déanfar an sochar agus an dochar don bhliain a thaispeántar—

(a) i bhFoirmle 1, mar ítim 16, agus

(b) i bhFoirmle 2, mar ítim 18,

a chur síos idir méideanna a bheidh dlite do ‘Leasanna Neamhurlámhais’ agus do shealbhóirí cothromais de chuid na cuideachta sealbhaíochta.

- (2) Is é an méid a bheidh le taispeáint faoin gceannteideal ‘Leasanna Neamhurlámhais’ de réir fhomhír (1) méid aon bhrabúis nó caillteanais don bhliain is inchurtha i leith scaireanna i bhfoghnóthais atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa a shealbhóidh daoine seachas an cuideachta sealbhaíochta agus a cuid foghnóthas nó a shealbhófar thar ceann na ndaoine sin.

Athruithe eile

6. (1) Beidh éifeacht leis na foirmlí atá leagtha amach i gCuid II de Sceideal 3 i ndáil le ráitis airgeadais grúpa fairis na modhnuithe seo a leanas.
- (2) Sna Foirmlí do Chlár Comhardaithe, in ionad na n-ítimí dar ceannteideal ‘Leasanna rannpháirtíochta’, is é sin—
- (a) i bhFoirmle 1, ítim A.III.3, agus
- (b) i bhFoirmle 2, ítim A.III.3 faoin gceannteideal ‘SÓCMHAINNÍ’, cuirfear 2 ítim, ‘Leasanna i ngnóthais chomhlachaithe’ agus ‘Leasanna rannpháirtíochta eile’.
- (3) Sna Foirmlí do Chuntas Sochair agus Dochair, in ionad na n-ítimí dar ceannteideal ‘Ioncam ó leasanna rannpháirtíochta’, is é sin—
- (a) i bhFoirmle 1, ítim 8, agus
- (b) i bhFoirmle 2, ítim 10,
- curfear 2 ítim, ‘Ioncam ó leasanna i ngnóthais chomhlachaithe’ agus ‘Ioncam ó leasanna rannpháirtíochta eile’.

CUID III

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA AGUS RIALACHA LUACHÁLA

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA

Ginearálta

7. Le linn na méideanna a chinneadh a bheidh le háireamh sna ráitis airgeadais grúpa, beidh feidhm ag na prionsabail chuntasaíochta atá i gCuid III de Sceideal 3 agus cuirfear chun feidhme iad go seasta laistigh de na ráitis airgeadais grúpa sin.

8. (1) Faoi réir fhomhír (2), le linn do chuideachta sealbhaíochta a ráitis airgeadais grúpa a tharraingt suas, cuirfidh sí chun feidhme na modhanna luachála céanna a chuireann sí chun feidhme le linn di a ráitis airgeadais eintitis a tharraingt suas mura faoi chaighdeáin chuntasaíochta éagsúla a tharraingítear suas na ráitis airgeadais grúpa agus na ráitis airgeadais eintitis; agus más ea, déanfar na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa agus na ráitis airgeadais eintitis agus tabharfar na cúiseanna.
- (2) Ní bheidh feidhm ag fomhír (1) i gcás, i dtuairim na stiúrthóirí, gur gá imeacht ón mír sin chun léargas fíorcheart a thabhairt.
- (3) I gcás aon fheidhm a bheith ag fomhír (2), nochtfar sonraí an imeachta agus na cúiseanna atá leis sin sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa.
9. (1) I gcás go mbeidh na sócmhainní agus na dliteanais a bheidh le háireamh sna ráitis airgeadais grúpa arna luacháil nó arna gcinneadh ar shlí eile ag gnóthais a bhí ar áireamh sa chomhdhlúthú de réir rialacha cuntasaíochta a bhí éagsúil ó na rialacha a úsáideadh sna ráitis airgeadais grúpa, déanfar na luachanna nó na méideanna a choigeartú chun go mbeidh siad de réir na rialacha a úsáidtear le haghaidh na ráiteas airgeadais grúpa.
- (2) Ní gá na coigeartuithe dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh mura bhfuil siad ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.
- (3) Más rud é, i dtuairim stiúrthóirí na cuideachta sealbhaíochta, go bhfuil cúiseanna speisialta ann le himeacht ó fhomhír (1), féadfaidh siad déanamh amhlaidh ach déanfar sonraí aon imeachta den sórt sin, na cúiseanna atá leis agus an éifeacht a bheidh leis a lua sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa.

An comhdhlúthú a ullmhú

10. (1) Taispeánfar i ráitis airgeadais grúpa, maidir leis an gcuideachta sealbhaíochta agus na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú, a sócmhainní, a ndliteanais agus a staid airgeadais amhail i ndeireadh na bliana airgeadais agus an brabús nó an caillteanas don bhliain airgeadais amhail is dá mba ghnóthas aonair iad.
- (2) Go háirithe—
- (a) déanfar fiacha agus éilimh idir na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú a chur as an áireamh le linn na ráitis airgeadais grúpa a ullmhú,
- (b) déanfar ioncam agus caiteachas a bhaineann le hidirbhearta idir na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú a chur as an áireamh le linn na ráitis airgeadais grúpa a ullmhú, agus

(c) i gcás go ndéanfar brabúis agus cailíteanais a thig ó idirbhearta idir na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú a áireamh i leabharluachanna sócmhainní, cuirfear as an áireamh iad le linn na ráitis airgeadais grúpa a ullmhú,

ach ní gá clásail (a) go (c) a chomhlíonadh i gcás nach bhfuil na méideanna atá i gceist ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.

11. (1) Cuirfear na modhanna comhdhlúthaithe chun feidhme go seasta ó bhliain airgeadais go chéile.
- (2) Más rud é, i dtuairim stiúthóirí na cuideachta sealbhaíochta, go bhfuil cúiseanna speisialta ann le himeacht ó fhomhír (1), féadfaidh siad déanamh amhlaidh ach déanfar sonraí aon imeachta den sórt sin, na cúiseanna atá leis agus an éifeacht a bheidh leis a lua sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa.

Cuntas a thabhairt i leith fála

12. (1) Tá feidhm ag míreanna 13 go 16 i gcás go dtiocfaidh gnóthas chun bheith ina fhognóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta.
- (2) Gairtear ‘fáil’ den teagmhas sin sna forálacha sin agus déanfar tagairtí don ghnóthas a fuarthas nó don ghnóthas faighte a léamh dá réir sin.
13. Is ar an modh cuntasaíochta fála a thabharfar cuntas i leith fála mura gcomhlíonfar na coinníollacha chun cuntas a thabhairt ina leith mar chumasc mar atá leagtha amach i mír 15 agus mura nglacfar an modh cuntasaíochta cumaisc.
14. (1) Is mar a thuairiscítear i bhfomhíreanna (2) go (6) atá an modh cuntasaíochta fála.
- (2) Déanfar sócmhainní agus dliteanais inaitheanta an ghnóthais a fuarthas a áireamh sa chlár comhardaithe comhdhlúite de réir a luachanna córa amhail ar dháta na fála.
- (3) Ní dhéanfar ioncam agus caiteachas an ghnóthais a fuarthas a thabhairt isteach sna ráitis airgeadais grúpa ach amháin amhail ó dháta na fála.
- (4) Ríomhfar an difear idir costas fála an leasa i scaireanna an ghnóthais fhaighte a thabhaigh na gnóthais a áirítear sna ráitis airgeadais grúpa agus leas na ngnóthas a áirítear sna ráitis airgeadais grúpa i gcaipiteal agus cúlchistí coigeartaithe an ghnóthais a fuarthas.
- (5) Chun na críche sin roimhe seo—
ciallaíonn ‘costas fála’ méid aon chomaoine airgid agus luach cóir aon chomaoine eile, mar aon le cibé méideanna (más ann) i leith táillí agus caiteachais eile de chuid na fála a chinnfidh an chuideachta sealbhaíochta a tabhaíodh i ndáil leis an bhfáil;

ciallaíonn ‘caipiteal agus cúlchistí coigeartaithe an ghnóthais a fuarthas’ caipiteal agus cúlchistí an ghnóthais sin ar dháta na fála tar éis sócmhainní agus dliteanais inaitheanta an ghnóthais a choigeartú go luachanna córa amhail ar an dáta sin.

(6) Maidir leis an méid is toradh air sin—

- (a) más deimhneach, déileálfar leis mar cháilmheas agus beidh feidhm ag na forálacha de Sceideal 3 i ndáil le cáilmheas, agus
- (b) más diúltach, déileálfar leis mar cháilmheas diúltach agus féadfar é a aistriú chuig an gcuntas sochair agus dochair de réir na bprionsabal cuntasáochta i gCuid III de Sceideal 3.

15. Is iad seo a leanas na coinníollacha chun cuntas a thabhairt i leith fála mar chumasc—

- (a) go mbeidh na heintitis go léir atá bainteach leis an gcomhcheangal gnó faoi rialú deiridh an pháirtí chéanna roimh an gcomhcheangal gnó agus dá éis,
- (b) nach rialú sealadach an rialú sin, agus
- (c) go bhfuil glacadh an mhodha cumaisc de réir prionsabail nó cleachtais chuntasáochta a bhfuil glacadh coitianta leo.

16. (1) Is mar a leagtar amach é i bhfomhíreanna (2) go (6) atá an modh cuntasáochta cumaisc.

- (2) Déanfar sócmhainní agus dliteanais an ghnóthais a fuarthas a thabhairt isteach sna ráitis airgeadais grúpa de réir an mhéid ag a seasann siad i ráitis airgeadais an ghnóthais fhaighte, faoi réir aon choigeartú a údaraítear nó a éilítear leis an gCuid seo.
- (3) Déanfar ioncam agus caiteachas an ghnóthais fhaighte a áireamh sna ráitis airgeadais grúpa don bhliain airgeadais iomlán, lena n-áirítear an tréimhse roimh an bhfáil.
- (4) Taispeánfar sna ráitis airgeadais grúpa méideanna comhréire i ndáil leis an mbliain airgeadais roimhe sin amhail is dá ndéanfaí an gnóthas a áireamh sa chomhdhlúthú ar feadh na bliana sin.
- (5) Fritháireofar in aghaidh chomhiomlán na méideanna seo a leanas—
 - (a) an méid cuí i leith aon scaireanna arna n-eisiúint ag an gcuideachta fála i gcomaoin scaireanna a fháil sa ghnóthas faighte, agus
 - (b) luach cóir aon chomaoine eile i leith scaireanna a fháil sa ghnóthas faighte, arna chinneadh amhail mar a bhí ar an dáta a fuarthas na scaireanna sin,

luach ainmniúil scairchaipiteal eisithe an ghnóthais fhaighte a shealbhaíonn na gnóthais atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa.

- (6) Is mar choigeartú ar na cúlchistí comhdhlúite a thaispeánfar an méid is toradh air sin.
 - (7) I bhfomhír (5)(a), déanfar an ‘méid cuí’ i leith na scaireanna arna n-eisiúint a chinneadh de réir cheanglais ailt 71 go 75.
17. I gcás gur tharla fáil sa bhliain airgeadais agus gur glacadh an modh cuntasaíochta cumaisc, nochtfar sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais—
- (a) seoladh oifig chlárarithe an ghnóthais fhaighte nó, i gcás gur lasmuigh den Stát atá an gnóthas faighte corpraithe, oifig chlárarithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an ghnóthais fhaighte sa tír ina bhfuil sé corpraithe,
 - (b) ainm an pháirtí rialaithe deiridh dá dtagraítear i mír 15(a),
 - (c) seoladh oifig chlárarithe an pháirtí rialaithe sin nó, i gcás gur lasmuigh den Stát atá an páirtí rialaithe corpraithe, oifig chlárarithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an pháirtí rialaithe sa tír ina bhfuil sé corpraithe, agus
 - (d) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 16(6).
18. (1) I gcás go bhfaighfear grúpa, beidh feidhm ag míreanna 12 go 17 fairis na hoiriúnuithe seo a leanas.
- (2) Déanfar tagairtí do scaireanna de chuid an ghnóthais fhaighte a léamh mar thagairtí do scaireanna de chuid gnóthas sealbhaíochta an ghrúpa a fuarthas.
 - (3) Léifear tagairtí eile don ghnóthas faighte mar thagairtí don ghrúpa a fuarthas; agus léifear tagairtí do shócmhainní agus dliteanais, d’ioncam agus caiteachas agus do chaipiteal agus cúlchistí an ghnóthais fhaighte mar thagairtí do shócmhainní agus dliteanais, d’ioncam agus caiteachas agus do chaipiteal agus cúlchistí an ghrúpa tar éis na fritháirimh agus na coigeartuithe eile a dhéanamh a éilítear leis an gCuid seo i gcás ráitis airgeadais grúpa.

Athruithe ar chomhdhéanamh an ghrúpa

19. Má tháinig athrú suntasach i gcúrsa bliain airgeadais ar chomhdhéanamh na ngnóthas atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa, beidh faisnéis ar áireamh sna ráitis airgeadais grúpa a fhágfaidh go bhfuil éifeacht le comparáid a dhéanamh idir sraitheanna leanúnacha de ráitis airgeadais grúpa.

CUNTAS A THABHAIRT I gCOMHFHIONTAIR AGUS I gCOMHLAIGH I RÁITIS
AIRGEADAIS GRÚPA

Comhfhiontair

20. (1) I gcás go ndéanfaidh cuideachta sealbhaíochta nó ceann dá foghnóthais atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa gnóthas eile a bhainistiú i gcomhpháirt le gnóthas amháin nó níos mó nach bhfuil comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa, féadfar an gnóthas eile sin (an ‘comhfhiontar’), mura foghnóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta é, a chomhdhlúthú go comhréireach sna ráitis airgeadais grúpa i gcomhréir leis na cearta ina chaipiteal atá ar seilbh ag an gcuideachta sealbhaíochta nó ag na foghnóthais atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa, de réir mar a bheidh.
- (2) Na forálacha den Sceideal seo a bhaineann leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú, beidh feidhm acu, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le comhfhiontair a áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite trí chomhdhlúthú comhréireach de réir fhomhír (1).

Gnóthais chomhlachaithe

21. (1) I mír 22, ciallaíonn ‘gnóthas comhlachaithe’ gnóthas ina bhfuil leas rannpháirtíochta ag gnóthas atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa agus a fheidhmíonn tionchar suntasach ar bheartas oibríochta agus airgeadais an ghnóthais sin agus nach bhfuil—
- (a) ina fhoghnóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta, nó
- (b) ina chomhfhiontar atá comhdhlúite go comhréireach de réir mhír 20.
- (2) I gcás go sealbhóidh gnóthas 20 faoin gcéad nó níos mó de na cearta vótála i ngnóthas eile, toimhdeofar go bhfeidhmíonn sé tionchar den sórt sin ar an ngnóthas mura suífear a mhalairt.
- (3) Ciallaíonn na cearta vótála i ngnóthas na cearta a thugtar do scairsealbhóirí i leith a scaireanna nó, i gcás gnóthas nach bhfuil scairchaipiteal aige, do chomhaltaí, chun vótáil ag cruinnithe ginearálta an ghnóthais ar gach ní nó ar gach ní nach mór.
- (4) Na forálacha d’alt 7(5) agus (6) i dtaca lena chinneadh an sealbhaítear scaireanna i gcomhlacht corpraithe agus i dtaca le méid na gceart vótála a shealbhaítear a ríomh, tá feidhm acu, fara aon mhodhnuithe is gá, le linn a chinneadh, chun críoch na míre seo, an sealbhaíonn an gnóthas 20 faoin gcéad nó níos mó de na cearta vótála i ngnóthas eile.
22. (1) Déanfar leas gnóthais a bheidh comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa i ngnóthas comhlachaithe, agus méid an bhrabúis nó an chaillteanais is inchurtha síos do leas den sórt sin, a thaispeáint sna ráitis airgeadais grúpa tríd an modh cuntasaíochta cothromais lena n-áirítear déileáil le haon cháilmheas a eascróidh de réir mhíreanna 21 go 23 agus 25 de Sceideal 3.

- (2) I gcás gur gnóthas sealbhaíochta an gnóthas comhlachaithe féin, is iad glansócmhainní agus glanbhrabúis nó glanchaillteanais an ghnóthais sealbhaíochta agus na bhfoghnóthas dá chuid (tar éis aon choigeartuithe comhdhlúthaithe a dhéanamh) na glansócmhainní agus na glanbhrabúis nó na glanchaillteanais atá le cur i gcuntas.
- (3) Ní gá an modh cuntasaíochta cothromais a chur chun feidhme mura bhfuil na méideanna atá i gceist ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.

Leas rannpháirtíochta

23. (1) Faoi réir fhomhír (5), i mír 21 agus sa mhír seo, ciallaíonn ‘leas rannpháirtíochta’ leas a shealbhaíonn gnóthas amháin i scaireanna cothromais gnóthais eile, is leas a shealbhaíonn sé ar bhonn fadtéarma chun ranníoc i leith ghníomhaíochtaí an ghnóthais sin a áirithiú trí rialú nó tionchar a eascraíonn as an leas sin nó a bhaineann leis a fheidhmiú.
- (2) Folaíonn an tagairt i bhfomhír (1) do leas i scaireanna cothromais—
- (a) leas atá inchomhshóite ina leas i scaireanna cothromais, agus
- (b) rogha scaireanna cothromais nó aon leas den sórt sin a fháil,
- agus tagann leas nó rogha faoi réim chlásal (a) nó (b) d’ainneoin go bhfuil na scaireanna cothromais lena mbaineann sé nó sí, go dtí go ndéanfar an comhshó nó go bhfeidhmeofar an rogha, gan eisiúint.
- (3) I gcás go sealbhaíonn gnóthas leas i scaireanna cothromais agus go mbeidh leas den sórt sin in ionannas do 20 faoin gcéad nó níos mó de na leasanna uile den sórt sin sa ghnóthas eile, toimhdeofar go sealbhaíonn sé an leas sin ar an mbonn agus chun na críche a luaitear i bhfomhír (1) mura suífead a mhalairt.
- (4) Chun críoch na míre seo, déileálfar le leas a shealbhaítear thar ceann gnóthais mar leas a shealbhaíonn sé.
- (5) Sna foirmlí do chláir comhardaithe agus do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach i gCuid II de Sceideal 3, ní fholáíonn ‘leas rannpháirtíochta’ leas i ngrúpghnóthas.

CUID IV

FAISNÉIS A CHEANGLAÍTEAR A THABHAIRT I NÓTAÍ A BHEIDH AG GABHÁIL LE
RÁITIS AIRGEADAIS GRÚPA

24. Gan dochar do mhír 2, déanfar sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa, i dteannta an fhaisnéis a éilítear le Sceideal 3 a sholáthar, an fhaisnéis a éilítear le míreanna 25 go 31 a lua freisin.
25. I gcás aon suimeanna a ainmníodh i dtosach in airgeadraí, seachas an t-airgeadra ina dtíolactar na ráitis airgeadais grúpa, a bheith curtha i gcuntas

faoi aon ítimí a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó sa chuntas sochair agus dochair, luafar an bonn ar ar aistríodh na suimeanna sin go dtí an t-airgeadra ina dtíolactar na ráitis airgeadais grúpa.

26. Déanfar, i leith chomhiomlán na méideanna a thaispeántar sa chlár comhardaithe grúpa faoin gceannteideal ‘creidiúnaithe’, an fhaisnéis a éilítear le mír 56 de Sceideal 3 a lua amhail is dá mba thagairtí don chuideachta agus do na foghnóthais dá cuid arna nglacadh ina n-iomláine tagairtí sa mhír sin do chuideachta.
27. I ndáil le gach comhfhiontar a bheidh comhdhlúite go comhréireach, luafar cineál na comshocraíochta bainistíochta.
28. Le linn an fhaisnéis i ndáil le sonraí i dtaobh foirne a éilítear le halt 317 a nochtadh, taispeánfar ar leithligh an meánlíon daoine atá ar fostú ag gnóthais atá comhdhlúite go comhréireach.
29. I ndáil le fáil a tharlóidh sa bhliain airgeadais, luafar sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa—
 - (a) ainm agus oifig chláraithe an ghnóthais fhaighte nó, i gcás gur lasmuigh den Stát atá an gnóthas faighte corpraithe, oifig chláraithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an ghnóthais fhaighte sa tír ina bhfuil sé corpraithe, nó
 - (b) i gcás go bhfuarthas grúpa, ainm agus oifig chláraithe ghnóthas sealbhaíochta an ghrúpa sin nó, i gcás gur lasmuigh den Stát atá an gnóthas sealbhaíochta corpraithe, oifig chláraithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an ghnóthais sealbhaíochta sa tír ina bhfuil sé corpraithe, agus
 - (c) an tríd an modh cuntasaíochta fála nó tríd an modh cuntasaíochta cumaisc a tugadh cuntas i leith na fála.
30. (1) I gcás go n-ullmhaíonn cuideachta sealbhaíochta ráitis airgeadais grúpa, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach gnóthas is foghnóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta i ndeireadh na bliana airgeadais:
 - (a) an bhfuil an foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú agus, mura bhfuil, na cúiseanna lena eisiamh ón gcomhdhlúthú;
 - (b) ráiteas ina sainiúitear cé acu de na coinníollacha a shonraítear in alt 7(2) ar foghnóthas dá neasghnóthas sealbhaíochta an gnóthas faoi.
- (2) Ní gá mír (1)(b) a chur chun feidhme más rud é gur foghnóthas de réir tuairisc alt 7(2)(a)(iii) nó (iv) an foghnóthas agus go sealbhaíonn an neasghnóthas sealbhaíochta an chomhréir chéanna de scaireanna sa ghnóthas leis an gcomhréir de chearta vótála a shealbhaíonn sé.

31. Beidh feidhm ag mír 65 de Sceideal 3, i gcás ráitis airgeadais grúpa, maidir le gach idirbheart arna dhéanamh ag an gcuideachta sealbhaíochta, nó ag aon fhoghnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú, le páirtithe gaolmhara, is idirbhearta den chineál dá dtagraítear sa mhír sin ach nach idirbhearta laistigh den ghrúpa iad.

CUID V

NÍTHE ILGHNÉITHEACHA

Cáin iarchurtha

32. Aithneofar iarmhéideanna cánach iarchurtha ar chomhdhlúthú i gcás gur dócha go n-eascróidh muirear i leith cánach nó laghdú ar cháin is iníoctha sa todhchaí is intuartha maidir le ceann de na gnóthais a áirítear sa chomhdhlúthú.”.

SCEIDEAL 5

“SCEIDEAL 4A

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA, FOIRM AGUS ÁBHAR RÁITEAS AIRGEADAIS GRÚPA LE HAGHAIDH
CUIDEACHTAÍ ATÁ FAOI RÉIR CHÓRAS NA gCUIDEACHTAÍ BEAGA

CUID 1

TAGAIRTÍ D’FHORÁLACHA AN SCEIDIL A FHORLÉIRIÚ

1. Gan dochar do ghinearáltacht alt 9 den Acht Léiriúcháin, 2005 ná dá fheidhm maidir le corp an Achta seo agus maidir le Sceidil 1, 2 agus 5 go 18—
 - (a) aon tagairt sa Sceideal seo do mhír nó do Chuid, is tagairt í do mhír nó do Chuid den Sceideal seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe, agus
 - (b) aon tagairt sa Sceideal seo d’fhomhír nó do chlásal, is tagairt í don fhomhír nó don chlásal den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.

CUID II

RIALACHA GINEARÁLTA AGUS FOIRMLÍ

RIALACHA GINEARÁLTA

2. (1) Déanfar le ráitis airgeadais grúpa, seachas aon mhodhnuithe is gá chun difríochtaí idir ráitis airgeadais grúpa agus ráitis airgeadais eintitis a chur i gcuntas, forálacha Sceideal 3A a chomhlíonadh amhail is dá mba chuideachta aonair na gnóthais a áirítear sa chomhdhlúthú (an ‘grúpa’).
- (2) Go háirithe, chun críocha mhír 57 de Sceideal 3A mar atá feidhm aici maidir le ráitis airgeadais grúpa—
 - (a) déileálfar le haon fhoghnóthais de chuid na cuideachta sealbhaíochta nach ndéileáiltear leo sna ráitis airgeadais grúpa mar fhoghnóthas de chuid an ghrúpa, agus
 - (b) más foghnóthas an chuideachta sealbhaíochta féin, déileálfar leis an ngrúpa mar fhoghnóthas d’aon ghnóthas sealbhaíochta de chuid na cuideachta sealbhaíochta, agus léifear an tagairt do chomh-fhoghnóthais dá réir sin.
3. (1) Déanfar leis an gclár comhardaithe grúpa agus leis an gcuntas sochair agus dochair grúpa an fhaisnéis atá sna cláir chomhardaithe agus sna cuntais sochair agus dochair ar leithligh de chuid na cuideachta sealbhaíochta agus de chuid na bhfoghnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú,

a chomhdhlúthú ina hiomláine, faoi réir na gcoigeartuithe a éilítear nó a cheadaítear leis na forálacha seo a leanas den Sceideal seo agus cibé coigeartuithe eile (más ann) is cuí de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

- (2) Más tá difríocht idir bliain airgeadais foghnóthais a ndéileáiltear léi sna ráitis airgeadais grúpa agus bliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta, tarraingear na ráitis airgeadais grúpa suas—
 - (a) ó ráitis airgeadais eintitis an fhoghnóthais don bhliain airgeadais deiridh dá chuid dar críoch roimh dheireadh bhliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta ar choinníoll gur críochnaíodh an bhliain airgeadais tráth nach faide ná 3 mhí roimh bhliain airgeadais an ghnóthais sealbhaíochta agus go gcomhlíontar fomhír (3), nó
 - (b) ó ráitis airgeadais eatramhacha arna dtarraingt suas ag an bhfoghnóthas amhail ag deireadh bhliain airgeadais na cuideachta sealbhaíochta.
- (3) I gcás go ndéantar na ráitis airgeadais grúpa a tharraingt suas ó ráitis airgeadais eintitis de chuid foghnóthais dá dtagraítear i bhfomhír (2)
 - (a), cuirfear i gcuntas agus, más cuí, nochtfar teagmhais thábhachtacha a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas an fhoghnóthais idir dáta deiridh bliana airgeadais an fhoghnóthais agus dáta deiridh bliana airgeadais na cuideachta sealbhaíochta.

LEASUITHE AR FHOIRMLÍ I SCEIDEAL 3A

Leasanna neamhurlámhais

4. (1) I bhfeidhmiú Fhoirmlí 1 agus 2 de na Foirmlí do Chlár Comhardaithe atá leagtha amach i gCuid II de Sceideal 3A a ghabhann le ráitis airgeadais grúpa, taispeánfar ítim ar leithligh faoin gceannteideal ‘Leasanna Neamhurlámhais’—
 - (a) i bhFoirmle 1 i ndiaidh ítim H, agus
 - (b) i bhFoirmle 2 faoin gceannteideal ginearálta ‘CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAIS’, idir ítimí A agus B.
- (2) Is é méid an scairchaipitil agus na gcúlchistí is inchurtha síos do scaireanna i bhfoghnóthais a chomhdhlúthaítear sna ráitis airgeadais grúpa a shealbhaíonn, nó a shealbhaítear thar ceann, daoine seachas an chuideachta sealbhaíochta agus a foghnóthais an méid a bheidh le taispeáint faoin gceannteideal ‘Leasanna Neamhurlámhais’ dá dtagraítear i bhfomhír (1).

5. (1) I bhfeidhmiú Fhoirmlí 1 agus 2 de na Foirmlí do Chuntas Sochair agus Dochair atá leagtha amach i gCuid II de Sceideal 3A a ghabhann le ráitis airgeadais grúpa, déanfar an sochar agus an dochar don bhliain a thaispeántar—
- (a) i bhFoirmle 1, ítim 16, agus
- (b) i bhFoirmle 2, ítim 18,
- a chur síos idir méideanna a bheidh dlite do ‘Leasanna Neamhurlámhais’ agus do shealbhóirí cothromais de chuid na cuideachta sealbhaíochta.
- (2) Is é méid aon bhrabúis nó cailteanais don bhliain is inchurtha síos do scaireanna i bhfoghnóthais a chomhdhlúthaítear sna ráitis airgeadais grúpa a shealbhaíonn, nó a shealbhaítear thar ceann, daoine seachas an chuideachta sealbhaíochta agus a foghnóthais an méid a bheidh le taispeáint faoin gceannteideal ‘Leasanna Neamhurlámhais’ de réir fhomhír (1).

Athruithe eile

6. (1) Beidh éifeacht leis na foirmlí a leagtar amach i gCuid II de Sceideal 3A i ndáil le ráitis airgeadais grúpa fairis na modhnuithe seo a leanas.
- (2) Sna Foirmlí do Chlár Comhardaithe, in ionad na n-ítimí dar ceannteideal ‘Leasanna rannpháirtíochta’, is é sin—
- (a) i bhFoirmle 1, ítim A.III.3, agus
- (b) i bhFoirmle 2, ítim A.III.3 faoin gceannteideal ‘SÓCMHAINNÍ’, cuirfear 2 ítim, ‘Leasanna i ngnóthais chomhlachaithe’ agus ‘Leasanna rannpháirtíochta eile’.
- (3) Sna Foirmlí do Chuntas Sochair agus Dochair, in ionad na n-ítimí dar ceannteideal ‘Ioncam ó leasanna rannpháirtíochta’, is é sin—
- (a) i bhFoirmle 1, ítim 8, agus
- (b) i bhFoirmle 2, ítim 10,
- curfear 2 ítim, ‘Ioncam ó leasanna i ngnóthais chomhlachaithe’ agus ‘Ioncam ó leasanna rannpháirtíochta eile’.

CUID III

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA AGUS RIALACHA LUACHÁLA

PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA

Ginearálta

7. Le linn na méideanna a bheidh le cur san áireamh sna ráitis airgeadais grúpa a chinneadh, beidh feidhm ag na prionsabail chuntasaíochta agus na rialacha luachála atá i gCuid III de Sceideal 3A agus cuirfear i bhfeidhm iad go seasta sna ráitis airgeadais grúpa sin.
8. (1) Faoi réir fhomhír (2), cuirfidh cuideachta sealbhaíochta na modhanna céanna luachála i bhfeidhm le linn di a ráitis airgeadais grúpa a tharraingt suas a chuireann sí i bhfeidhm le linn di a ráitis airgeadais eintitis a tharraingt suas mura faoi chaighdeáin chuntasaíochta éagsúla a tharraingeofar suas na ráitis airgeadais grúpa agus na ráitis airgeadais eintitis; agus más ea, déanfar na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa agus na ráitis airgeadais eintitis agus na cúiseanna a thabhairt.
 - (2) Ní bheidh feidhm ag fohmír (1) más gá, i dtuairim na stiúrthóirí, imeacht ón mír sin d'fhonn léargas fíorcheart a thabhairt.
 - (3) In aon chás ina bhfeidhmeofar fohmír (2), déanfar sonraí an imeachta agus na cúiseanna atá leis a nochtadh sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa.
9. (1) I gcás go mbeidh na sócmhainní agus na dliteanais a bheidh le háireamh sna ráitis airgeadais grúpa arna luacháil nó arna gcinneadh ar shlí eile ag gnóthais a bhí ar áireamh sa chomhdhlúthú de réir rialacha cuntasaíochta a bhí éagsúil ó na rialacha a úsáideadh sna ráitis airgeadais grúpa, déanfar na luachanna nó na méideanna a choigeartú chun go mbeidh siad de réir na rialacha a úsáidtear le haghaidh na ráiteas airgeadais grúpa.
 - (2) Ní gá na coigeartuithe dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh mura bhfuil siad ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.
 - (3) Más rud é, i dtuairim stiúrthóirí na cuideachta sealbhaíochta, go bhfuil cúiseanna speisialta ann le himeacht ó fhomhír (1), féadfaidh siad déanamh amhlaidh ach déanfar sonraí aon imeachta den sórt sin, na cúiseanna atá leis agus an éifeacht a bheidh leis a lua sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa.

An comhdhlúthú a ullmhú

10. (1) Taispeánfar i ráitis airgeadais grúpa, maidir leis an gcuideachta sealbhaíochta agus na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú, a sócmhainní, a ndlíteanais agus a staid airgeadais amhail i ndeireadh na bliana airgeadais agus an brabús nó an caillteanas don bhliain airgeadais amhail is dá mba ghnóthas aonair iad.
 - (2) Go háirithe—
 - (a) déanfar fiacha agus éilimh idir na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú a chur ar ceal le linn na ráitis airgeadais grúpa a bheith á n-ullmhú,

- (b) déanfar ioncam agus caiteachas maidir le hidirbhearta idir na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú a chur ar ceal le linn na ráitis airgeadais grúpa a bheith á n-ullmhú, agus
- (c) i gcás go ndéanfar brabúis agus caillteanais de thoradh idirbhearta idir na gnóthais a bheidh ar áireamh sa chomhdhlúthú a áireamh sna leabharluachanna sócmhainní, cuirfear ar ceal iad le linn na ráitis airgeadais grúpa a bheith á n-ullmhú,

ach ní gá clásail (a) go (c) a chomhlíonadh mura bhfuil na méideanna atá i gceist ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.

11. (1) Cuirfear na modhanna comhdhlúthúcháin i bhfeidhm go seasta ó bhliain airgeadais amháin go chéile.
- (2) Más rud é, i dtuairim stiúrthóirí na cuideachta sealbhaíochta, go bhfuil cúiseanna speisialta ann le himeacht ó fhomhír (1), féadfaidh siad déanamh amhlaidh ach déanfar sonraí aon imeachta den sórt sin, na cúiseanna atá leis agus an éifeacht a bheidh leis a lua sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa.

Cuntas a thabhairt i leith fála

12. (1) Tá feidhm ag míreanna 13 go 16 i gcás go dtiocfaidh gnóthas chun bheith ina fhoghnóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta.
- (2) Gairtear ‘fáil’ den teagmhas sin sna forálacha sin agus déanfar tagairtí don ghnóthas a fuarthas nó don ghnóthas faighte a léamh dá réir sin.
13. Is ar an modh cuntasaíochta fála a thabharfar cuntas i leith fála mura gcomhlíonfar na coinníollacha chun cuntas a thabhairt ina leith mar chumasc mar atá leagtha amach i mír 15 agus mura nglacfar an modh cuntasaíochta cumaisc.
14. (1) Is mar a thuairiscítear i bhfomhíreanna (2) go (6) atá an modh cuntasaíochta fála.
- (2) Déanfar sócmhainní agus dliteanais inaitheanta an ghnóthais a fuarthas a áireamh sa chláir comhardaithe comhdhlúite de réir a luachanna córa amhail ar dháta na fála.
- (3) Ní dhéanfar ioncam agus caiteachas an ghnóthais a fuarthas a thabhairt isteach sna ráitis airgeadais grúpa ach amháin amhail ó dháta na fála.
- (4) Ríomhfar an difear idir costas fála an leasa i scaireanna an ghnóthais fhaighte a thabhaigh na gnóthais a áirítear sna ráitis airgeadais grúpa agus leas na ngnóthas a áirítear sna ráitis airgeadais grúpa i gcaipiteal agus cúlchistí coigeartaithe an ghnóthais a fuarthas.
- (5) Chun na críche sin roimhe seo—

ciallaíonn ‘costas fála’ méid aon chomaoine airgid agus luach cóir aon chomaoine eile, mar aon le cibé méideanna (más ann) i leith táillí agus caiteachais eile de chuid na fála a chinnfidh an chuideachta sealbhaíochta a tabhaíodh i ndáil leis an bhfáil;

ciallaíonn ‘caipiteal agus cúlchistí coigeartaithe an ghnóthais a fuarthas’ caipiteal agus cúlchistí an ghnóthais sin ar dháta na fála tar éis sócmhainní agus dliteanais inaitheanta an ghnóthais a choigeartú go luachanna córa amhail ar an dáta sin.

(6) Maidir leis an méid is toradh air sin—

- (a) más deimhneach, déileálfar leis mar cháilmheas agus beidh feidhm ag na forálacha de Sceideal 3A i ndáil le cáilmheas, agus
- (b) más diúltach, déileálfar leis mar cháilmheas diúltach agus féadfar é a aistriú chuig an gcuntas sochair agus dochair de réir na bprionsabal cuntasaíochta i gCuid III de Sceideal 3A.

15. Is iad seo a leanas na coinníollacha chun cuntas a thabhairt i leith fála mar chumasc—

- (a) go mbeidh na heintitis go léir atá bainteach leis an gcomhcheangal gnó faoi rialú deiridh an pháirtí chéanna roimh an gcomhcheangal gnó agus dá éis,
- (b) nach rialú sealadach an rialú sin, agus
- (c) go bhfuil glacadh an mhodha cumaisc de réir prionsabail nó cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo.

16. (1) Is mar a leagtar amach é i bhfomhíreanna (2) go (6) atá an modh cuntasaíochta cumaisc.

- (2) Déanfar sócmhainní agus dliteanais an ghnóthais a fuarthas a thabhairt isteach sna ráitis airgeadais grúpa de réir an mhéid ag a seasann siad i ráitis airgeadais an ghnóthais fhaighte, faoi réir aon choigeartú a údaraítear nó a éilítear leis an gCuid seo.
- (3) Déanfar ioncam agus caiteachas an ghnóthais fhaighte a áireamh sna ráitis airgeadais grúpa don bhliain airgeadais iomlán, lena n-áirítear an tréimhse roimh an bhfáil.
- (4) Taispeánfar sna ráitis airgeadais grúpa méideanna comhréire i ndáil leis an mbliain airgeadais roimhe sin amhail is dá ndéanfaí an gnóthas a áireamh sa chomhdhlúthú ar feadh na bliana sin.
- (5) Fritháireofar in aghaidh chomhiomlán na méideanna seo a leanas—

- (a) an méid cuí i leith aon scaireanna arna n-eisiúint ag an gcuideachta fála i gcomaoin scaireanna a fháil sa ghnóthas faighte, agus
- (b) luach cóir aon chomaoine eile i leith scaireanna a fháil sa ghnóthas faighte, arna chinneadh amhail mar a bhí ar an dáta a fuarthas na scaireanna sin.

luach ainmniúil scairchaipiteal eisithe an ghnóthais fhaighte a shealbhaíonn na gnóthais atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa.

- (6) Is mar choigeartú ar na cúlchistí comhdhlúite a thaispeánfar an méid is toradh air sin.
 - (7) I bhfomhír (5)(a), déanfar an ‘méid cuí’ i leith na scaireanna arna n-eisiúint a chinneadh de réir cheanglais ailt 71 go 75.
17. I gcás gur tharla fáil sa bhliain airgeadais agus gur glacadh an modh cuntasaíochta cumaisc, nochtfar sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais—
- (a) seoladh oifig chláraithe an ghnóthais fhaighte nó i gcás gur lasmuigh den Stát atá an gnóthas faighte corpraithe, oifig chláraithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an ghnóthais fhaighte sa tír ina bhfuil sé corpraithe,
 - (b) ainm an pháirtí rialaithe deiridh dá dtagraítear i mír 15(a),
 - (c) seoladh oifig chláraithe an pháirtí rialaithe sin nó, i gcás gur lasmuigh den Stát atá an páirtí rialaithe corpraithe, oifig chláraithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an pháirtí rialaithe sa tír ina bhfuil sé corpraithe, agus
 - (d) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 16(6).
18. (1) I gcás go bhfaighfear grúpa, beidh feidhm ag míreanna 12 go 17 fairis na hoiriúnuithe seo a leanas.
- (2) Déanfar tagairtí do scaireanna de chuid an ghnóthais fhaighte a léamh mar thagairtí do scaireanna de chuid ghnóthas sealbhaíochta an ghrúpa a fuarthas.
 - (3) Léifear tagairtí eile don ghnóthas faighte mar thagairtí don ghrúpa a fuarthas; agus léifear tagairtí do shócmhainní agus dliteanais, d’ioncam agus caiteachas agus do chaipiteal agus cúlchistí an ghnóthais fhaighte mar thagairtí do shócmhainní agus dliteanais, d’ioncam agus caiteachas agus do chaipiteal agus cúlchistí an ghrúpa tar éis na fritháirimh agus na coigeartuithe eile a dhéanamh a éilítear leis an gCuid seo i gcás ráitis airgeadais grúpa.

Athruithe ar chomhdhéanamh an ghrúpa

19. Má tháinig athrú suntasach i gcúrsa bliain airgeadais ar chomhdhéanamh na ngnóthas atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa, beidh faisnéis ar áireamh sna ráitis airgeadais grúpa a fhágfaidh go bhfuil éifeacht le comparáid a dhéanamh idir sraitheanna leanúnacha de ráitis airgeadais grúpa.

CUNTAS A THABHAIRT I gCOMHFHIONTAIR AGUS I gCOMHLAIGH I RÁITIS
AIRGEADAIS GRÚPA

Comhfhiontair

20. (1) I gcás go ndéanfaidh cuideachta sealbhaíochta nó ceann dá foghnóthais atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa gnóthas eile a bhainistiú i gcomhpháirt le gnóthas amháin nó níos mó nach bhfuil comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa, féadfar an gnóthas eile sin (an ‘comhfhiontar’), mura foghnóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta é, a chomhdhlúthú go comhréireach sna ráitis airgeadais grúpa i gcomhréir leis na cearta ina chaipiteal atá ar seilbh ag an gcuideachta sealbhaíochta nó ag na foghnóthais atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa, de réir mar a bheidh.
- (2) Na forálacha den Sceideal seo a bhaineann leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú, beidh feidhm acu, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le comhfhiontair a áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite trí chomhdhlúthú comhréireach de réir fhomhír (1).

Gnóthais chomhlachaithe

21. (1) I mír 22, ciallaíonn ‘gnóthas comhlachaithe’ gnóthas ina bhfuil leas rannpháirtíochta ag gnóthas atá comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa agus a fheidhmíonn tionchar suntasach ar bheartas oibríochta agus airgeadais an ghnóthais sin agus nach bhfuil—
- (a) ina fhoghnóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta, nó
- (b) ina chomhfhiontar atá comhdhlúite go comhréireach de réir mhír 20.
- (2) I gcás go sealbhóidh gnóthas 20 faoin gcéad nó níos mó de na cearta vótála i ngnóthas eile, toimhdeofar go bhfeidhmíonn sé tionchar den sórt sin ar an ngnóthas mura suítear a mhalairt.
- (3) Ciallaíonn na cearta vótála i ngnóthas na cearta a thugtar do scairshealbhóirí i leith a scaireanna nó, i gcás gnóthas nach bhfuil scairchaipiteal aige, do chomhaltaí, chun vótáil ag cruinnithe ginearálta an ghnóthais ar gach ní nó ar gach ní nach mór.

- (4) Na forálacha d'alt 7(5) agus (6) i dtaca lena chinneadh an sealbhaítear scaireanna i gcomhlacht corpraithe agus i dtaca le méid na gceart vótála a shealbhaítear a ríomh, tá feidhm acu, fara aon mhodhnuithe is gá, le linn a chinneadh, chun críoch na míre seo, an sealbhaíonn an gnóthas 20 faoin gcéad nó níos mó de na cearta vótála i ngnóthas eile.
22. (1) Déanfar leas gnóthais a bheidh comhdhlúite sna ráitis airgeadais grúpa i ngnóthas comhlachaithe, agus méid an bhrabúis nó an chaillteanais is inchurtha síos do leas den sórt sin, a thaispeáint sna ráitis airgeadais grúpa tríd an modh cuntasaíochta cothromais lena n-áirítear déileáil le haon cháilmheas a eascróidh de réir mhíreanna 21 go 23 agus 25 de Sceideal 3A.
- (2) I gcás gur gnóthas sealbhaíochta an gnóthas comhlachaithe féin, is iad glansócmhainní agus glanbhrabúis nó glanchaillteanais an ghnóthais sealbhaíochta agus na bhfoghnóthas dá chuid (tar éis aon choigeartuithe comhdhlúthaithe a dhéanamh) na glansócmhainní agus na glanbhrabúis nó na glanchaillteanais atá le cur i gcuntas.
- (3) Ní gá an modh cuntasaíochta cothromais a chur chun feidhme mura bhfuil na méideanna atá i gceist ábhartha chun léargas fíorcheart a thabhairt.

Leas rannpháirtíochta

23. (1) Faoi réir fhomhír (5), i mír 21 agus sa mhír seo, ciallaíonn ‘leas rannpháirtíochta’ leas a shealbhaíonn gnóthas amháin i scaireanna cothromais gnóthais eile, is leas a shealbhaíonn sé ar bhonn fadtéarma chun ranníoc i leith ghníomhaíochtaí an ghnóthais sin a áirithiú trí rialú nó tionchar a eascraíonn as an leas sin nó a bhaineann leis a fheidhmiú.
- (2) Folaíonn an tagairt i bhfomhír (1) do leas i scaireanna cothromais—
- (a) leas atá inchomhshóite ina leas i scaireanna cothromais, agus
- (b) rogha scaireanna cothromais nó aon leas den sórt sin a fháil,
- agus tagann leas nó rogha faoi réim chlásal (a) nó (b) d’ainneoin go bhfuil na scaireanna cothromais lena mbaineann sé nó sí, go dtí go ndéanfar an comhshó nó go bhfeidhmeofar an rogha, gan eisiúint.
- (3) I gcás go sealbhaíonn gnóthas leas i scaireanna cothromais agus go mbeidh leas den sórt sin in ionannas do 20 faoin gcéad nó níos mó de na leasanna uile den sórt sin sa ghnóthas eile, toimhdeofar go sealbhaíonn sé an leas sin ar an mbonn agus chun na críche a luaitear i bhfomhír (1) mura suítear a mhalairt.
- (4) Chun críoch na míre seo, déileálfar le leas a shealbhaítear thar ceann gnóthais mar leas a shealbhaíonn sé .

- (5) Sna foirmlí do chlár comhardaithe agus do chuntas sochair agus dochair atá leagtha amach i gCuid II de Sceideal 3A, ní fholáinn ‘leas rannpháirtíochta’ leas i ngrúpghnóthas.

CUID IV

FAISNÉIS A CHEANGLÁITEAR A THABHAIRT I NÓTAÍ A BHEIDH AG GABHÁIL LE RÁITIS AIRGEADAIS GRÚPA

24. Gan dochar do mhír 2, déanfar sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa, i dteannta an fhaisnéis a éilítear le Sceideal 3A a sholáthar, an fhaisnéis a éilítear le míreanna 25 go 31 a lua freisin.
25. I gcás aon suimeanna a ainmníodh i dtosach in airgeadraí, seachas an t-airgeadra ina dtíolactar na ráitis airgeadais grúpa, a bheith curtha i gcuntas faoi aon ítimí a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó sa chuntas sochair agus dochair, luafar an bonn ar ar aistríodh na suimeanna sin go dtí an t-airgeadra ina dtíolactar na ráitis airgeadais grúpa.
26. Déanfar, i leith chomhiomlán na méideanna a thaispeántar sa chlár comhardaithe grúpa faoin gceannteideal ‘creidiúnaithe’, an fhaisnéis a éilítear le mír 50 de Sceideal 3A a lua amhail is dá mba thagairtí don chuideachta agus do na foghnóthais dá cuid arna nglacadh ina n-iomláine tagairtí sa mhír sin do chuideachta.
27. I ndáil le gach comhfhiontar a bheidh comhdhlúite go comhréireach, luafar cineál na comhshocraíochta bainistíochta.
28. Le linn an fhaisnéis i ndáil le líonta foirne a éilítear le halt 317 a nochtadh, taispeánfar ar leithligh an meánlíon daoine atá ar fostú ag gnóthais atá comhdhlúite go comhréireach.
29. I ndáil le fáil a tharlóidh sa bhliain airgeadais, luafar sna nótaí a bheidh ag gabháil leis na ráitis airgeadais grúpa—
- (a) ainm agus oifig chláraithe an ghnóthais fhaighte nó, i gcás gur lasmuigh den Stát atá an gnóthas faighte corpraithe, oifig chláraithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an ghnóthais fhaighte sa tír ina bhfuil sé corpraithe, nó
 - (b) i gcás go bhfuarthas grúpa, ainm agus oifig chláraithe ghnóthas sealbhaíochta an ghrúpa sin nó, i gcás gur lasmuigh den Stát atá an gnóthas sealbhaíochta corpraithe, oifig chláraithe (cibé tuairisc a bheidh uirthi) an ghnóthais sealbhaíochta sa tír ina bhfuil sé corpraithe, agus
 - (c) an tríd an modh cuntasaíochta fála nó tríd an modh cuntasaíochta cumaisc a tugadh cuntas i leith na fála.

30. Beidh feidhm ag mír 55 de Sceideal 3A, i gcás ráitis airgeadais grúpa, maidir le gach idirbheart arna dhéanamh ag an gcuideachta sealbhaíochta, nó ag aon fhoghnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú, le páirtithe gaolmhara—
- (a) is sealbhóirí ar leasanna rannpháirtíochta sa chuideachta sealbhaíochta nó in aon fhoghnóthas,
 - (b) is gnóthais a sealbhaíonn an chuideachta sealbhaíochta nó aon fhoghnóthas leas rannpháirtíochta iontu, nó
 - (c) is stiúrthóirí ar an gcuideachta sealbhaíochta nó ar ghnóthas sealbhaíochta níos airde.
31. (1) I gcás go n-ullmhaíonn cuideachta sealbhaíochta ráitis airgeadais grúpa, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach gnóthas is foghnóthas de chuid na cuideachta sealbhaíochta i ndeireadh na bliana airgeadais:
- (a) an bhfuil an foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú agus, mura bhfuil, na cúiseanna lena eisiamh ón gcomhdhlúthú;
 - (b) ráiteas ina sainiúitear cé acu de na coinníollacha a shonraítear in alt 7(2) ar foghnóthas dá neasghnóthas sealbhaíochta an gnóthas faoi.
- (2) Ní gá mír (1)(b) a chur chun feidhme más rud é gur cuideachta de réir thuairisc alt 7(2)(a)(iii) nó (iv) an chuideachta agus go sealbhaíonn an neasghnóthas sealbhaíochta an chomhréir chéanna de scaireanna sa ghnóthas leis an gcomhréir de chearta vótála a shealbhaíonn sé.

CUID V

NITHE ILGHNÉITHEACHA

Cáin iarchurtha

32. Aithneofar iarmhéideanna cánach iarchurtha ar chomhdhlúthú i gcás gur dócha go n-eascróidh muirear i leith cánach nó laghdú ar cháin is iníochta sa todhchaí is intuartha maidir le ceann de na gnóthais a áirítear sa chomhdhlúthú.”.

SCEIDEAL 6

“SCEIDEAL 18

TÁBLA GNÍOMHAÍOCHTAÍ IS IOMCHUÍ MAIDIR LEIS NA MÍNITHE AR ‘GNÓTHAS LOMÁNAÍOCHTA’ AGUS
‘GNÓTHAS MIANADÓIREACHTA NÓ CAIRÉALACHTA’ IN ALT 1449

Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006**Tábla 1****Roinn A— Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht**

Rannán	Grúpa	Aicme	Tuairisc	Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach de réir Tionscail Athbhreithniú 4
02	02.2	02.20	Lománaíocht	0220

Tábla 2**Roinn B— Mianadóireacht agus Cairéalacht**

Rannán	Grúpa	Aicme	Tuairisc	Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach de réir Tionscail Athbhreithniú 4
05			Mianadóireacht guail agus ligníte	
	05.1		Mianadóireacht guail chrua	0510
	05.2	05.20	Mianadóireacht ligníte	0520
06			Astarraingt peitrlíam amh agus gáis nádúrtha	
	06.1	06.10	Astarraingt peitrlíam amh	0610
	06.2	06.20	Astarraingt gáis nádúrtha	0620
07			Mianadóireacht mianach miotail	
	07.1	07.10	Mianadóireacht mianach iarainn	0710
	07.2		Mianadóireacht mianach miotail neamhfheiriúil	
		07.21	Mianadóireacht mianach úrániam agus tóiriam	0721
		0729	Mianadóireacht mianach miotail neamhfheiriúil eile	0729

08		Mianadóireacht agus cairéalacht eile	
	08.1	Cairéalacht cloiche, gainimh agus cré	
		08.11 Cairéalacht cloiche ornáidí agus cloiche tógála, aolchloiche, gipsim, cailce agus slinne	
		08.12 Poill ghainimh agus ghairbhéil a oibriú; mianadóireacht créanna agus caoilín	
	08.9	Mianadóireacht agus cairéalacht nach n-aicmítear in aon áit eile	
		08.91 Mianadóireacht mianraí ceimiceacha agus mianraí leasacháin	0891
		08.92 Baint móna	0892
		08.91 Mianadóireacht mianraí ceimiceacha agus mianraí leasacháin	0891
		08.93 Astarraingt salainn	0893
		08.99 Mianadóireacht agus cairéalacht eile nach n-aicmítear in aon áit eile	0899

”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€18.03

